

# Oideachas Páistí Bodhra agus Lagéisteachta in Éirinn

PÁIPÉAR COMHAIRLE BEARTAIS ÓN CHOMHAIRLE NÁISIÚNTA UM OIDEACHAS SPEISIALTA





# Oideachas Páistí Bodhra agus Lagéisteachta in Éirinn

Samhain 2011



An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta  
National Council for Special Education

© NCSE 2011

**An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta**

1–2 Sráid an Mhuilinn

Baile Átha Troim

Co. na Mí

**National Council for Special Education**

1–2 Mill Street

Trim

Co. Meath

Fón: 046 948 6400

Facs: 046 948 6404

[www.ncse.ie](http://www.ncse.ie)

## Clár Ábhar

Innéacs na dTáblaí.....	vi
Réamhrá .....	vii
Giorrúcháin .....	viii
<b>Achoimre Feidhmiúcháin.....</b>	<b>1</b>
Eolas Tosaigh .....	3
Torthaí ar Staidéir Thaighde Ábhartha agus Doiciméadú Beartais.....	3
Comhairle Beartais ón gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta .....	4
Impleachtaí na Comhairle Beartais maidir le hAcmhainní an Stáit .....	12
<b>1 Réamheolas .....</b>	<b>15</b>
1.1 Comhthéacs.....	15
1.2 An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta.....	16
1.3 Struchtúr an Pháipéir Chomhairle Beartais .....	17
<b>2 Beartas agus Soláthar maidir le hOideachas Páistí Bodhra agus Lagéisteachta in Éirinn mar atá siad faoi láthair.....</b>	<b>21</b>
2.1 Páistí Bodhra agus Lagéisteachta.....	21
2.2 Leitheadúlacht Bodhaire agus Cailliúint Éisteachta .....	21
2.3 Beartas na Roinne Oideachais agus Scileanna mar atá sé faoi láthair.....	22
2.3.1 Oideachas uileghabhálach.....	22
2.3.2 Leanúntas soláthair .....	23
2.4 Soláthar i láthair na hUaire: Tacaíochtaí Oideachais .....	23
2.4.1 Luath-idirghabháil.....	23
2.4.2 Seirbhís na Múinteoirí Cuairtíochta .....	24
2.4.3 Tacaíochtaí do dhaltaí Bodhra agus lagéisteachta sa scoil .....	27
2.4.4 Tacaíochtaí breise.....	30
2.4.5 Forbairt ghairmiúil leanúnach do mhúinteoirí.....	33
2.5 Soláthar i Láthair na Huaire: Tacaíochtaí a Mhaoinítear tríd an gCóras Sláinte.....	35
2.5.1 Aithint agus measúnú.....	35
2.5.2 Cúram príomhúil agus saintacaíochtaí míchumais .....	36
2.5.3 Éisteolaíocht .....	36
2.5.4 Scagthástáil uilíoch éisteachta naíonán.....	37
2.5.5 onchlannú cochla .....	38
2.5.6 Teiripe urlabhra agus teanga .....	39

3.1	Aithint Luath .....	43
3.2	Cláir Luath-idirghabhála .....	44
3.3	Cláir Ionchlannáin Chochla.....	44
3.4	Samhlacha Oideachais .....	45
3.5	Oideachas Dátheangach.....	45
3.6	Litearthacht agus Uimhearthacht a Shealbhú .....	45
3.7	Tacaíocht Teagaisc do Pháistí a bhfuil Cailliúint Éisteachta Mheasartha orthu .....	47
3.8	Páistí a bhfuil Míchumais Bhreise orthu .....	47
3.9	Forbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí Páistí Bodhra agus Lagéisteachta .....	47
3.10	Tacaíochtaí Fisiciúla atá ag Teastáil sa Seomra Ranga .....	48
3.11	Feidhm an Chúntóir Riachtanas Speisialta .....	49
3.12	Struchtúir Chomhoibríocha a Fhorbairt .....	49
<b>4</b>	<b>Comhairle Beartais ón gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta .</b>	<b>53</b>
4.1	Prionsabail atá mar Bhuntaca leis an gComhairle Beartais.....	53
4.2	Na Príomh-mholtaí .....	53
4.2.1	Luath-idirghabháil.....	54
4.2.2	Seirbhís na Múinteoirí Cuairtíochta .....	58
4.2.3	Moltaí: blianta aois scoile .....	60
4.2.4	Socrúchán daltaí .....	62
4.2.5	Sealbhú litearthachta agus uimhearthachta.....	64
4.2.6	Tacaíochtaí teagaisc breise do pháistí Bodhra agus lagéisteachta .....	65
4.2.7	Díriú ar thorthaí agus monatóireacht ar dhul chun cinn daltaí .....	66
4.2.8	Forbairt ghairmiúil do mhúinteoirí páistí Bodhra agus lagéisteachta.....	67
4.2.9	An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais .....	70
4.2.10	Feidhm na gcúntóirí riachtanas speisialta .....	71
4.2.11	Struchtúir chomhoibríocha a fhorbairt .....	72
<b>5</b>	<b>Impleachtaí na Comhairle Beartais ar Acmhainní an Stáit agus Breithniú ar Chur i bhFeidhm Praiticiúil na Moltaí .....</b>	<b>75</b>
5.1	Eolas Tosaigh .....	75
5.2	Tacaíochtaí a mhaoinítear tríd an gCóras Sláinte .....	75
	(a) Scagthástáil Uilíoch Éisteachta Naíonán .....	75
	(b) Scéim Cúraim agus Oideachais Luath-óige.....	76
	(c) Teiripe urlabhra agus teanga .....	76
	(d) An clár ionchlannáin chochla.....	77

	(e) Seirbhísí éisteolaíochta .....	77
5.3	Tacaíochtaí a mhaoinítear tríd an gCóras Oideachais .....	77
	(a) Scéim Tacaíochta Teanga Chomharthaíochta na hÉireann .....	77
	(b) Scéim deontais do scoileanna a sholáthróidh teagasc i dTeanga Chomharthaíochta na hÉireann don rang uile ina bhfuil úsáideoir teanga comharthaíochta .....	77
	(c) Oideachas dátheangach .....	78
	(d) Acmhainní a chur ar fáil do scoileanna príomhshrutha a éascóidh oideachas daltaí arb í an Teanga Chomharthaíochta a modh cumarsáide .....	78
	(e) Úsáid ateangairí Teanga Chomharthaíochta na hÉireann ag cruinnithe tuismitheoirí .....	79
5.4	Seirbhís na Múinteoirí Cuartaíochta .....	79
5.5	Aois na mBlianta Scoile: Samhlacha Oideachais .....	79
	(a) Ranganna speisialta braislebhunaithe do pháistí Bodhra agus lagéisteachta .....	79
	(b) Idirghabháil oideachais shealadach ag suíomhanna speisialaithe ....	80
5.6	Forbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí páistí Bodhra agus Lagéisteachta .....	81
	(a) Clár larchéime in oideachas páistí Bodhra agus lagéisteachta .....	81
	(b) Forbairt ghairmiúil leanúnach a sholáthraíonn An tSeirbhís Tacaíochta d'Oideachas Speisialta .....	81
	<b>Aguisíní</b> .....	<b>90</b>
Aguisín 1:	Comhthéacs Dlíthiúil .....	90
	An tAcht Oideachais 1998 .....	90
	An tAcht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu 2004 .....	90
	An tAcht um Míchumas 2005 .....	91
	Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Cearta Daoine faoi Mhíchumas .....	91
Aguisín 2:	Leibhéal Signature .....	93
	<b>Tagairtí</b> .....	<b>94</b>

## **Innéacs na dTáblaí**

Tábla 1: Na Príomh-mholtaí.....	5
Tábla 2: Leibhéil Cailliúint Éisteachta.....	21
Tábla 3: Socrúcháin oideachais do pháistí Bodhra agus lagéisteachta .....	26
Tábla 4: Scoileanna a chuir ranganna speisialta do dhaltaí Bodhra agus lagéisteachta ar fáil i 2011. ....	28
Tábla 5: Costais bhreise mheasta: tacaíochtaí a mhaoinítear tríd an gCóras Sláinte ....	83
Tábla 6: Costais bhreise mheasta: maoiniú tríd an gCóras Oideachais .....	83
Tábla 7: Moltaí a chuirfear i bhfeidhm trí acmhainní reatha.....	84



## Réamhrá

Tá áthas ar an gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta a comhairle beartais maidir le hOideachas Páistí Bodhra agus lagéisteachta in Éirinn a chur faoi bhráid an Aire Oideachais agus Scileanna. Is fios dúinn go bhfuil tuismitheoirí, múinteoirí, lucht déanta beartais agus pobal na mBodhar ag fanacht leis an gcomhairle beartais seo le fada an lá.

Agus an chomhairle seo á hullmhú againn bhí a fhios againn go bhfuil, de réir torthaí taighde, gnóthachtáil acadúil níos lú ag páistí Bodhra agus lagéisteachta ná mar atá ag páistí a bhfuil éisteacht acu agus atá chomh cumasach leo féin, d'ainneoin dul chun cinn teicniúil a bheith déanta le déanaí agus d'ainneoin modheolaíochtaí múinte a bheith tugtha suas chun dáta.

Inár gcuid comhairle cuirimid i bhfios go láidir go bhfuil sé ríthábhachtach páistí Bodhra agus lagéisteachta a aithint agus measúnú a dhéanamh orthu chun go mbeidh teacht acu ar theanga ar shlí thairbheach a luaithe agus is féidir. Tá na ta-caíochtaí oideachais agus sláinte atá ag teastáil ó pháistí Bodhra agus lagéisteachta i suíomhanna príomhshrutha agus i suíomhanna speisialta breithnithe againn. Leanann ár gcuid moltaí an fhianaise náisiúnta agus idirnáisiúnta is fearr a bhí ar fáil dúinn.

Ba mhaith linn ár mbuíochas a ghabháil le gach aoinne a chabhraigh linn an chomhairle seo a fhorbairt, tuismitheoirí, daltaí, múinteoirí agus baill d'fhóram comhairliúcháin na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta agus ionadaithe ó phobal mBodhar san áireamh.

Is dóigh leis an gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta gur chóir go gcuirfí ar chumas páistí Bodhra agus lagéis-teachta gnóthachtálacha oideachais a bhaint amach ar scoil atá inchurtha leo siúd a bhaineann a bpiaraí a bhfuil éisteacht acu agus atá chomh cumasach leo féin amach. Tá súil againn gur tionchar dearfach a bheidh ag ár gcomhairle beartais ar an obair atá ar siúl chun an sprioc seo a bhaint amach agus chun an treo a leagan amach a ghlacfaidh oideachas na bpáistí Bodhra agus lagéisteachta in Éirinn san am atá romhainn.

Teresa Griffin

POF

## Giorrúcháin

ALD	Assistive Listening Devices (Áiseanna Cúnta Éisteachta)
AO	Assessment Officer (Oifigeach Measúnachta)
BSL	British Sign Language (Teanga Chomharthaíochta na Breataine)
CDS	Centre for Deaf Studies, Trinity College, Baile Átha Cliath (An tIonad um Staidéar ar Bhodhaire, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath)
CIDP	Catholic Institute for Deaf People (An Institiúid Chaitliceach do Dhaoine Bodhra)
CPD	Continuing Professional Development (Forbairt Ghairmiúil Leanúnach)
DES	Department of Education agus Scileanna (An Roinn Oideachais agus Scileanna, ROS)
DOH	Department of Health (An Roinn Sláinte)
ECCE	Early Childhood Care and Education (Cúram agus Oideachas Luath-óige)
ENT	Ear, Nose and Throat (Cluas, Srón agus Scornach)
EPSEN	Education for Persons with Special Educational Needs (Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu)
FM	Frequency Modulation (Modhnú Minicíochta)
GAM	General Allocation Model (Samhail Leithdháilte Ghinearálta)
GMS	General Medical Services (Seirbhísí Leighis Ginearálta)
HI	Hearing Impairment (Lagú Éisteachta)
HSE	Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, FSS)
IASLT	Irish Association of Speech and Language Therapists (Cumann Teiripeoirí Urlabhra agus Teanga in Éirinn)
ICT	Information and Communications Technology (Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide, TFC)
IDS	Irish Deaf Society (Cumann Bodhar na hÉireann)
ISL	Irish Sign Language (Teanga Chomharthaíochta na hÉireann)
ITE	Initial Teacher Education (Oideachas Múinteora Tosaigh)
NCCA	National Council for Curriculum and Assessment (An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta)
NCSE	National Council for Special Education (An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta)
NDCS	National Deaf Children's Society (Cumann Náisiúnta na bPáistí Bodhra)
NEPS	National Educational Psychological Service (an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais)
NFQ	National Framework of Qualifications of Ireland (Creat Náisiúnta na gCáilíochtaí in Éirinn)
NRB	National Rehabilitation Board (an Bord Náisiúnta Athshlánúcháin)
NVQ	National Vocational Qualifications (UK) (Cáilíochtaí Gairmiúla Náisiúnta, (RA))
PCT	Primary Care Team (Foireann Cúraim Phríomhúil)
PTR	Pupil-Teacher Ratio (Cóimheas daltaí le Múinteoir)
QCF	Qualifications and Credit Framework (An Creat Cáilíochtaí agus Creidiúintí)
RACE	Reasonable Accommodations in Certificate Examinations (Cóiríocht Réasúnach i Scrúduithe Teastais)
SCPA	Scheme for Commissioning Psychological Assessments (An Scéim um Choimisiúnú Measúnachtaí Síceolaíochta)
SEC	State Examination Commission (Coimisiún na Scrúduithe Stáit)
SENO	Special Educational Needs Organiser (Eagraí um Riachtanais Speisialta Oideachais)
SERC	Special Education Review Committee (Coiste um Athbhreithniú ar Oideachas Speisialta)
SESS	Special Education Support Service (An tSeirbhís Tacaíochta d'Oideachas Speisialta)
SLA	Service Level Agreement (Comhaontú Seirbhíse)
SLI	Sign Language Interpreter (Ateangaire Teanga Chomharthaíochta)
SNA	Special Needs Assistant (Cúntóir Riachtanas Speisialta)
UNHS	Universal Newborn Hearing Screening (Scagthástáil Uilíoch Éisteachta Naíonán)

# Achoimre Feidhmiúcháin





## Achoimre Feidhmiúcháin

### Eolas Tosaigh

Tá áthas ar an gComhairle a comhairle beartais maidir le riachtanais oideachais pháistí Bodhra agus lagéisteachta in Éirinn a chur faoi bhráid an Aire Oideachais agus Scil. Tá an chomhairle beartais seo bunaithe orthu seo a leanas:

- fianaise ó thaighde náisiúnta agus idirnáisiúnta lena n-áirítear athbhreithniú idirnáisiúnta ar shamplaí dea-chleachtais agus a dtorthaí in Oideachas Páistí Bodhra agus lagéisteachta a bhí coimisiúnaithe ag an gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta agus a foilsíodh i 2009 (Marschark agus Spencer, 2009)
- tuairimí a cuireadh in iúl le linn an phróisis chomhairliúcháin a rinneadh le luchtanna leasa oideachais agus le saineo-laithe eile nach iad, baill de chomhairle na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta agus baill dá foireann san áireamh
- comhairle ó fhóram comhairleach na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta de réir mar a fhoráiltear faoi Alt 22 den Acht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu (EPSN) 2004.

### Torthaí ar Staidéir Thaighde Ábhartha agus Doiciméadú Beartais

Lasmuigh de bheith i muinín staidéar náisiúnta agus idirnáisiúnta eile baineann an páipéar seo úsáid fhorleathan as athbhreithniú idirnáisiúnta ar fhianaise ó shamplaí agus ó thorthaí dea-chleachtais in Oideachas Páistí Bodhra agus lagéisteachta (Marschark agus Spencer, 2009) a choimisiúnaigh an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta. Tugtar roinnt moltaí sa taighde seo atá mínithe thíos.

1. Tá tionchar fíor-shuntasach ag cailteanas éisteachta ar chumas an pháiste a acmhainn iomlán a bhaint amach ó thaobh forbartha agus oideachais de. De réir dealraimh d'fhéadfadh tionchar díobhálach ar fad a bheith ag cailteanas éisteachta buan ag leibhéal éadrom agus ag cailteanas éisteachta aontaobhach ar dhul chun cinn oideachais an pháiste.
2. D'fhonn teanga ar bith a shealbhú ní mór do pháistí teagmháil a bheith acu, ó thaobh cáilíochta agus cainníochta de, le hionchur teangeolaíoch a bhfuil rochtain air, trí idirghníomhú éifeachtach le daoine eile ar úsáideoirí cumasacha na teanga iad cheana féin.
3. De réir dealraimh maolaíonn idirghabháil luath éifeachtach go mór na constaicí foghlama atá roimh pháistí Bodhra agus lagéisteachta cé nach ndíbríonn sí ar fad iad. Tá fianaise láidir againn gur féidir torthaí feabhsaithe a bhaint amach ar chostas cúram sláinte réasúnta ach diagnóis luath a fháil agus idirghabháil thráthúil a dhéanamh ar pháistí a bhfuil bo-dhaire bhuan orthu.
4. Níl cruthaithe i dtaobh aon samhail oideachais aonair ar bith go bhfuil sí éifeachtach i gcás gach uile pháiste bodhair nó lagéisteachta. Tá fianaise go bhfuil gá le roinnt suíomhanna oideachais éagsúla a chur ar fáil chun go mbeidh deis ag na páistí an ceann is fearr a fhreastalaíonn ar a gcuid riachtanas a aimsiú.

5. Um an taca seo níl ach fíorbheagán fianaise ar fáil maidir leis an tionchar atá ag oideachas dátheangach ar ghnóthachtáil oideachais.
6. Bíonn moill shuntasach ar leibhéal ghnóthachtála acadúla pháistí Bodhra agus lagéisteachta i gcónaí i gcomparáid le gnóthachtáil acadúil pháistí a bhfuil éisteacht acu, fiú amháin má tá a n-acmhainn chognaíoch neamhbhriathartha mar an gcéanna.
7. Tá fás ag teacht ar bhunús fianaise maidir le modhanna éifeachtacha oideachais chun scileanna litearthachta a chur chun cinn, gan aird ar na modhanna nó ar na bealaí a úsáidtear le haghaidh forbairt teanga. Bíonn gnóthachtáil níos airde de ghnáth más saineolaithe ábhair iad na múinteoirí agus, ina theannta sin, má tá siad ar an eolas faoi sainriachtanais foghlama na ndaltaí a bhfuil caillteanas éisteachta orthu.
8. Tá míchumas amháin nó níos mó sa bhreis ag líon nach beag (suas chuig an tríú chuid) de pháistí Bodhra.
9. Táthar ar aon aigne go ginearálta maidir leis an tábhacht mhór atá le hoideachas an mhúinteora i ndáil le hOideachas Páistí Bodhra agus lagéisteachta. Ní mór an oiliúint chuí a chur ar mhúinteoirí d'fhonn torthaí oideachais do dhaltaí Bodhra agus lagéisteachta a fheabhsú: ní mór do na múinteoirí a bheith in ann cumais teanga agus cumais chognaíocha na ndaltaí Bodhra agus lagéisteachta a aithint. Ní mór a chur ar a gcumas leis, úsáid a bhaint as ábhair agus as modhanna a oireann dá modhanna foghlama.
10. Tá baint thábhachtach ag timpeallacht fhisiciúil an tseomra ranga maidir le rochtain ar oideachas a éascú do pháistí Bodhra agus lagéisteachta – ba chóir aird a thabhairt d'fhuaimíocht an tseomra ranga.
11. Tá sainfheidhmeanna ag Cúntóirí Riachtanas Speisialta chun tacú le páistí a bhfuil lagú céadfach orthu. Ní mór feidhm an Chúntóra Riachtanas Speisialta a shoiléiriú le haghaidh tuismitheoirí, scoileanna agus gairmithe. Ba chóir na critéir a ghabhann le leithdháileadh tacaíochta ó Chúntóirí Riachtanas Speisialta do pháistí Bodhra agus lagéisteachta a ath-shonrú go soiléir agus ba chóir athbhreithniú leanúnach a dhéanamh orthu.
12. Tá gá le níos mó comhoibriú idir an Roinn Sláinte agus an Roinn Oideachais agus Scileanna chun a chinntiú go dtabharfar seirbhísí éifeachtacha do pháistí Bodhra agus lagéisteachta go tráthúil agus go seasmhach.

### **Comhairle Beartais ón gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta**

Tá moltaí na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta bunaithe ar thorthaí na staidéar taighde thuas agus ar chomhairle a fuarthas le linn tréimhse an chomhairliúcháin. Léiríonn an chomhairle beartais a thugtar sa pháipéar go bhfuil gá leis na nithe seo a leanas a chur ar fáil:

- páistí Bodhra agus lagéisteachta a aithint go luath agus idirghabháil a dhéanamh i dtreo gur féidir tacú leo d'fhonn teanga líofa a fhorbairt
- eolas oibiachtúil cuimsitheach a thabhairt do thuismitheoirí ón am a dhéantar a diagnóis

- suíomhanna éagsúla oideachasúla inar féidir le páistí Bodhra agus lagéisteachta na seirbhísí tacaíochta atá riachtanach a fháil agus inar féidir leo an oiread ama agus is féidir a chaitheamh i measc a gcuid piaraí a bhfuil éisteacht acu, de réir mar is cuí ó thaobh a riachtanas agus a gcumas foghlama de
- teicneolaíocht chúnata agus cóireáil fhuaimíochta ar sheomraí ranga
- forbairt ghairmiúil leanúnach do mhúinteoirí d'fhonn a chur ar a gcumas freastal ar riachtanais na bpáistí Bodhra agus lagéisteachta ina seomraí ranga
- comhar idir na hearnálacha sláinte agus oideachais chun a chinntiú go gcuirfear tacaíocht ar fáil go seasmhach do pháistí Bodhra agus lagéisteachta agus dá dteaghlach.

Tacaíonn an chomhairle beartais atá leagtha amach sa pháipéar seo le torthaí na Tuairisce ar an Athbhreithniú Éisteolaíochta Náisiúnta de chuid Feidhmeannas na Seirbhíse Sláinte (FSS, 2011) maidir le clár náisiúnta uilíoch a thabhairt isteach le haghaidh scagthástáil leanaí nuabheirthe agus tuilleadh forbartha ar sheirbhísí éisteolaíochta.

Measann an Chomhairle gur chóir go mbeadh mar sprioc againn go mbeidh gnóthachtáil oideachais bainte amach ag páistí Bodhra agus lagéisteachta nuair a bheidh an scoil críochnaithe acu atá inchurtha léi siúd a bhíonn ag a bpiaraí comhchumais a bhfuil éisteacht acu. Sainíonn sí sé chinn de phrionsabail a thacaíonn lena chomhairle maidir le hOideachas Páistí Bodhra agus lagéisteachta. Tugtar achoimre ar na príomh-mholtaí i dTábla 1 thíos.

#### **Tábla 1: Na Príomh-mholtaí**

##### **LUATH-IDIRGHABHÁIL**

##### **Cláir luath-idirghabhála**

- Fáiltíonn an Chomhairle roimh mholtaí an Ghrúpa Náisiúnta um Athbhreithniú Éisteolaíochta, go dtabharfaí isteach clár uilíoch scagthástáil éisteachta ar leanaí nuabheirthe mar thosaíocht chun go ndéanfaí scagthástáil ar chumas éisteachta gach uile linbh go luath i ndiaidh a bhreithe' (FSS, 2011, lch. 19).
- Um an taca seo ba chóir eolas cuimsitheach oibiachtúil a chur ar fáil do thuismitheoirí ón am a ndéantar an diagnóis. Ba chóir é a sholáthar ar chuma soiléir inrochtana agus ba chóir Teanga Chomharthaíochta na hÉireann a chur san áireamh. I ndiaidh na diagnóise ba chóir pacáiste a thabhairt do thuismitheoirí (arna fhorbairt ag FSS agus an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta le chéile) ina dtugtar eolas faoi sheirbhísí agus tacaíochtaí atá ar fáil agus faoi na heagraíochtaí a chuireann ar fáil iad. Ba chóir go gcuimseodh an pacáiste seo eolas orthu seo a leanas: seirbhísí agus tacaíochtaí atá ar fáil; an tábhacht atá le sealbhú teanga go luath i saol an pháiste agus na roghanna cumarsáide éagsúla atá ar fáil; socrúcháin oideachais atá ar fáil lena n-áirítear go bhféadfaí an páiste a shocrú i scoil príomhshrutha, i rang speisialta nó i scoil speisialta.
- Ba chóir d'FSS seirbhís comhairliúcháin a chur ar fáil do thuismitheoirí agus do pháistí, más gá, mar chuid de sheirbhísí Luath-idirghabhála.

- Ba chóir acmhainní a thabhairt d'Ionaid Chúraim agus Oideachais Luath-óige a chuirfidh ar a gcumas na tacaíochtaí a chur ar fáil atá riachtanach chun páistí Bodhra agus lagéisteachta a chur ar an rolla.
- Ba chóir seirbhísí tacaíochta a maoinítear as réimse na Sláinte agus an oideachais a chomhordú agus ba chóir go gcuirfeadh gairmithe ar fáil iad atá oilte chun cabhrú le tuismitheoirí a chur ar chumas a bpáistí an teanga agus na scileanna cumarsáide is fearr a oireann dóibh a fhoghlaim, is cuma cé acu, teanga chomharthaíochta, labhartha nó cumarsáid dhá-theangach.
- Ba chóir go mbeadh rochtain ar theiripe urlabhartha agus teanga ag páistí Bodhra agus lagéisteachta go tráthúil ón am a ndéantar an diagnóis más rud é go gcuirtear a leithéid in iúl.
- Ba chóir seirbhísí éisteolaíochta a chur ar fáil go seasmhach, go héifeachtach agus go cothromasach ar fud na tíre.
- Tacaíonn an Chomhairle leis an moladh a rinne FSS ina hAthbhreithniú Éisteolaíochta Náisiúnta (FSS, 2011) go leanfaí de tacaíocht airgeadais shainithe a thabhairt don gclár le haghaidh ionchlannán cochla cé gur chóir é a bheith ar fáil ar shlí gur féidir ionchlannáin dhéthaobhacha chomhuaineacha a thabhairt do pháistí. Ba chóir do mhúinteoirí agus do ghairmithe eile a bheith ar an eolas go mbíonn tacaíocht leanúnach ag teastáil ó pháistí a bhfuil ionchlannán cochla acu agus ba chóir dóibh an cineál tacaíochta a bhfuil gá léi a thuiscint.

### Sealbhú teanga

- Ba chóir deiseanna a thabhairt do gach páiste Bodhar agus lagéisteachta go luath ina shaol líofacht a bhaint amach i dteanga agus a bheith rannpháirteach i ngníomhaíocht bhríoch le daoine a bhfuil an teanga sin ar a dtail acu, ag an am céanna, is cuma cé acu teanga chomharthaíochta, labhartha nó scríofa atá i gceist.
- Ba chóir do Roinn na Sláinte, don Roinn Oideachais agus Scileanna agus don Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige le chéile cur chuige éascaithe a fhorbairt chun na tacaíochtaí a sholáthar atá ag teastáil ó pháistí Bodhra agus lagéisteachta chun teanga a fhoghlaim, i dtreo is go mbeidh siad ullamh chun freastal ar scoil ag an aois chuí.
- Ba chóir deis a thabhairt do gach páiste Bodhar agus lagéisteachta agus dá theaghlach Teanga Chomharthaíochta na hÉireann a fhoghlaim trí Scéim Tacaíochta do Theanga Chomharthaíochta na hÉireann a soláthar go leanúnach.
- Ba chóir tuismitheoirí a chur ar an eolas go bhfuil Scéim Tacaíochta do Theanga Chomharthaíochta na hÉireann ar fáil nuair a dhéantar an diagnóis agus le linn pléite a leanann í maidir le cur chuige agus roghanna i dtaca le sealbhú teanga agus cumarsáide.
- Ba chóir don Roinn Oideachais agus Scileanna athbhreithniú a dhéanamh ar an Scéim Tacaíochta do Theanga Chomharthaíochta agus san athbhreithniú seo ba chóir measúnú a dhéanamh ar an líon uaireanta ar leor é chun a chur ar chumas tuismitheoirí agus páistí inniúlacht chuí a fhorbairt i dTeanga Chomharthaíochta na hÉireann.



- I ndiaidh an athbhreithnithe seo ba chóir tuismitheoirí a chur ar an eolas faoi bheartas na Roinne Oideachais agus Scileanna maidir le teagasc Teanga Chomharthaíochta na hÉireann a bheith ar fáil agus ba chóir na nithe seo a leanas a phlé:
  - líon na n-uaireanta teagaisc i dTeanga Chomharthaíochta na hÉireann atá ar fáil do theaghlaigh
  - an t-seirbhís a bheith ar fáil nó gan í a bheith ar fáil ar fud na bliana, tréimhse shaoire an tsamhraidh san áireamh.
- Ba chóir don Roinn Oideachais agus Scileanna leibhéal íosta cáilíochta a chur do theagascóirí Teanga Chomharthaíochta na hÉireann agus ullmhúchán a dhéanamh chun clár teagascóirí Teanga Chomharthaíochta na hÉireann a chur le chéile a chuirfear ar fáil do thuismitheoirí ansin.
- Ba chóir deontas a chur ar fáil do scoileanna chun teagasc i dteanga chomharthaíochta a chur ar fáil do pháistí a bhfuil éisteacht acu i rang ina bhfuil úsáideoir teanga chomharthaíochta ar an rolla.
- Ba chóir go mbeadh ateangairí cáilithe Teanga Chomharthaíochta na hÉireann ar fáil i scoileanna más gá, nuair a bhíonn cruinnithe le tuismitheoirí ar siúl a úsáideann an teanga seo mar phríomh-mhodh cumarsáide.
- Ba chóir don Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta breithniú conas is fearr a thabharfaí faoi fhorbairt agus faoi mhionchoigeartú inniúlachta i dTeanga Chomharthaíochta na hÉireann laistigh den gcóras scolaíochta.

#### **Seirbhís na Múinteoirí Cuairtíochta**

- Ba chóir don Roinn Oideachais agus Scileanna athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhm na Múinteoirí Cuairtíochta agus í a thabhairt cothrom le dáta chun na hathruithe atá molta sa chomhairle beartais seo a thabhairt i gcuntas.
- Ba chóir go dtaispeánfadh riar na gcásanna atá ag múinteoirí cuairtíochta go bhfuil níos mó gá le hidirghabháil le linn blianta na luath-óige.
- Ba chóir prótacail a fhorbairt chun cleachtas gach múinteora cuairtíochta na Seirbhíse a chaighdeánú maidir le measúnú, teagasc, comhairliú agus feidhmeanna teagmhála. É seo a dhéanamh d'fhonn seirbhís chomhsheasmhach a chur ar fáil do pháistí Bodhra agus lagéisteachta ar fud na tíre.
- Ba chóir don Roinn Oideachais agus Scileanna caighdeán íosta a leagan síos do mhúinteoirí cuairtíochta i ndáil lena n-inniúlacht i dTeanga Chomharthaíochta na hÉireann.

#### **BLIANTA AOIS SCOILE**

##### **Léirshamlacha oideachais**

- Molann an Chomhairle gur chóir soláthar oideachais a bheith ar fáil ar bhonn leanúnach ina n-áirítear iad seo a leanas:
  - ranganna príomhshrutha i mbunscoileanna agus iarbhunscoileanna

- ranganna speisialta do pháistí Bodhra agus lagéisteachta a fhreastalaíonn ar scoileanna príomhshrutha
- scoileanna speisialta.
- Ba chóir na hacmhainní teicneolaíochta a thabhairt do gach aon cheann de na suíomhanna thuas de réir mar is gá chun oideachas cuí a chur ar fáil do pháistí Bodhra agus lagéisteachta, rud lena n-áirítear cóireáil fuaimíochta ar sheomraí ranga chomh maith le teicneolaíocht chúnta.
- Ba chóir d'Aonad Tógála na Roinne Oideachais agus Scileanna treoirlínte ginearálta a chur le chéile le haghaidh cóireáil fuaimíochta ar sheomraí ranga. Ba chóir na treoirlínte seo a chur ar fáil do scoileanna trí Sheirbhís na Múinteoirí Cuairtíochta agus trí Ghréasán na n-eagraithe um riachtanais speisialta oideachais.
- Ba chóir daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu a chur ar an rolla i ranganna príomhshrutha i scoileanna príomhshrutha in éineacht lena bpiaraí an oiread agus is féidir.
- Ba chóir ranganna speisialta a eagrú do pháistí Bodhra agus lagéisteachta i gcnuasaigh/de réir réigiúin chun éascaíocht a dhéanamh dóibh seo a leanas:
  - suíomhanna oideachais a sholáthar ina dtugtar deis do pháistí Bodhra agus lagéisteachta foghlaim agus caidreamh a bheith acu lena chéile
  - forbairt saineolais i measc múinteoirí.
- Níor chóir ach páistí a bhfuil riachtanais chasta acu a chur i scoileanna speisialta. San am atá romhainn ba chóir scoileanna speisialta a ainmniú agus a acmhainní a thabhairt dóibh chun freastal ar dhaltaí den bpopal a bhfuil socrú scoile speisialta ag teastáil uathu seachas a bheith teoranta d'aon shainchatagóir míchumais speisialta ar bith.
- Ba chóir a chur san áireamh go bhfuil gá le sainsoláthar sealadach a dhéanamh i sain-suíomhanna ar leith; mar shampla, d'fhéadfaí é seo a úsáid chun diantheagascóireacht i dTeanga Chomharthaíochta na hÉireann a chur ar fáil.

### **Oideachas dátheangach**

- Ba chóir oideachas dátheangach a bheith ar fáil i ranganna speisialta do pháistí Bodhra agus lagéisteachta i scoileanna speisialta.
- Ba chóir acmhainní a thabhairt do scoileanna príomhshrutha chun gur féidir leo oideachas daltaí a úsáideann Teanga Chomharthaíochta na hÉireann mar phríomhmhodh cumarsáide a éascú. Braithfidh an méid tacaíochta a bhfuil gá léi ar riachtanais gach pháiste ar leith; áirítear leibhéal an chailteanas éisteachta feidhmiúla, leibhéal litearthachta agus inniúlacht acadúil ar na fachtóirí a chuirtear san áireamh.

### **Socrúchán daltaí**

- Ba chóir socrúchán pháistí Bodhra agus lagéisteachta a phlé go follasach sa Chód Cleachtais a moladh i gcomhairle beartais na Comhairle faoin bhfeidhm a bheidh ag scoileanna agus ranganna speisialta amach anseo.

- Ba chóir measúnú agus monatóireacht leanúnach a dhéanamh ar dhul chun cinn an pháiste chun gur féidir cinntí maidir le socrú agus seirbhís a chur in oiriúint, go háirithe i ndáil le páistí Bodhra agus lagéisteachta a bhfuil míchumais bhreise orthu.
- Ba chóir socrúchán roinnte idir sainsuíomhanna agus scoileanna príomhshrutha a spionadh le haghaidh páistí Bodhra agus lagéisteachta a bhfuil míchumais bhreise orthu. Tá sé seo ag teacht le moltaí na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta maidir le feidhm scoileanna agus ranganna speisialta amach anseo (An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta, 2011a, lgh. 110-111).

#### **Lítearthacht agus uimhearthacht a shealbhú**

- Ba chóir do gach múinteoir a oibríonn le daltaí Bodhra agus lagéisteachta cur amach a bheith aige nó aici ar an gcorpas eolais atá ar fáil sa lá atá inniu ann faoin modh smaointe agus foghlama atá ag daltaí Bodhra i dtreo gur fearr is féidir le múinteoirí úsáid a bhaint as láidreachtaí na bpáistí seo agus freastal ar a gcuid riachtanas.
- In oideachas tosaigh múinteora agus i gclár d'fhorbairt ghairmiúil leanúnach ba chóir díriú ar mhodhanna éifeachtacha chun litearthacht agus uimhearthacht a mhúineadh do gach dalta agus ba chóir go bpléifí sna clár seo conas is féidir difreáil a dhéanamh ar na modhanna seo ar mhaithe le daltaí Bodhra agus lagéisteachta.

#### **Tacaíocht teagaisc bhreise do pháistí Bodhra agus lagéisteachta**

- Ba chóir do scoileanna, i gcomhar le Seirbhís na Múinteoirí Cuairtíochta, páistí a aithint a bhfuil cailliúint éisteachta éadrom orthu agus a bhfuil teacht ar thacaíocht foghlama bhreise ag teastáil uathu agus ba chóir dóibh a chinntiú go dtabharfar an tacaíocht seo do pháistí mar chuid den leithdháileadh scoile atá i bhfeidhm.
- Ba chóir daltaí a bhfuil cailliúint éisteachta éadrom orthu a lua go sonrath sa liosta de dhaltá a bhfuil deacrachtaí foghlama acu agus a soláthraítear acmhainní teagaisc breise do scoileanna ar a son de réir an Samhail Leithdháilte Ghinearálta (ROS, 2005a, Mír 3.1).
- Ba chóir leanúint de tacaíocht oideachais bhreise a thabhairt do pháistí a bhfuil ionch-lannáin chochla acu ar an mbonn céanna a dtugtar tacaíocht do pháistí Bodhra agus lagéisteachta eile, go leanúnach.
- Ba chóir tacaíocht bhreise le haghaidh bodhaire mar mhíchumais íosmhínicíochta i scoileanna príomhshrutha a leithdháileadh de réir:
  - leibhéal an riachtanais fhoghlama atá ag an dalta
  - leibhéal ar a bhfuil an dalta ag feidhmiú sa seomra ranga
  - teorainneacha beartais na ROS, agus
  - ba chóir athbhreithniú bliantúil a dhéanamh ar an leibhéal tacaíochta a dheonaítear.

### **Ag díriú isteach ar thorthaí agus monatóireacht ar dhul chun cinn an dalta**

- Ní mór béim a leagan go leanúnach ar thomhas na dtorthaí ar mhaithe le páistí a bhfuil riachtanais oideachais speisialta acu, páistí Bodhra agus lagéisteachta san áireamh.
- Ba chóir pleananna oideachais don pháiste aonair a chur le chéile chun cabhrú leis an pháiste forbairt de réir a chumais féin. Ba chóir spriocanna cumarsáide a fhí isteach sna pleananna agus athbhreithniú foirmiúil a dhéanamh orthu go bliantúil.
- Ba chóir go mbeadh feidhm thábhachtach ag Seirbhís na Múinteoirí Cuairtíochta i ndáil le pleananna oideachais don pháiste aonair a chur le chéile do pháistí Bodhra agus lagéisteachta agus maidir le measúnuithe a dhéanamh a mbeidh na pleananna faoina dtreoir.
- Ba chóir do Sheirbhís na Múinteoirí Cuairtíochta prótacail a fhorbairt chun measúnú a dhéanamh ar pháistí Bodhra agus lagéisteachta agus ba chóir do gach múinteoir cuairtíochta iad seo a úsáid go seasmhach.
- Ba chóir do scoileanna Seirbhís na Múinteoirí Cuairtíochta a chur ar an eolas faoi thorthaí measúnachta agus scrúdaithe páistí Bodhra agus lagéisteachta i ndeireadh na bliana. Is í an chuspóir atá leis seo ná rianú torthaí oideachais a éascú ar mhaithe leis na daltaí seo d'fhonn a chinntiú go bhfuil dul chun cinn á dhéanamh acu atá i gcomhréir lena gcumais.

### **Forbairt ghairmiúil do mhúinteoirí páistí Bodhra agus lagéisteachta**

- Measann an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta gur chóir do gach múinteoir atá ag obair i sainsuíomhanna cáilíochtaí breise iarchéime in oideachas speisialta a bheith acu (lena n-áirítear modúl ar oideachas do dhaoine Bodhra). Ba chóir dóibh úsáid a bhaint as cláir Forbartha Gairmiúla Leanúnaí atá á gcur ar fáil ag an tSeirbhís Tacaíochta d'Oideachas Speisialta agus ba chóir dóibh inniúlacht chúí a bheith acu ar Theanga Chomharthaíochta na hÉireann. Molann an Chomhairle go gcuirfeadh an ROS bearta i ngníomh, de réir a chéile, a chinnteodh go mbeadh cáilíocht aitheanta in oideachas páistí Bodhra agus lagéisteachta riachtanach do mhúinteoirí atá ag obair i sainsuíomhanna do pháistí Bodhra agus lagéisteachta.
- Ba chóir don ROS réimse íosta cáilíochtaí a leagan síos do mhúinteoirí atá ag obair le páistí Bodhra agus lagéisteachta i suíomhanna príomhshrutha agus i suíomhanna oideachais speisialta. Ba chóir don Roinn cáilíochtaí breise a shainiú do mhúinteoirí tar éis dóibh dul isteach i Seirbhís na Múinteoirí Cuairtíochta. Ba chóir go n-áireofaí ar na cáilíochtaí seo caighdeán íosta inniúlachta in úsáid agus i múineadh Teanga Chomharthaíochta na hÉireann.
- Ba chóir modúl éigeantach ar oideachas páistí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu a bheith san áireamh i gCláir Oideachas Múinteora Tosaigh. Ba chóir go bpléifí na riachtanais shonracha atá ag páistí Bodhra agus lagéisteachta sna cláir seo.
- Ba chóir go n-áireodh cláir iarchéime in oideachas speisialta atá ar fáil faoi láthair mír éigeantach ar oideachas páistí i gcatagóirí míchumais éagsúla, páistí Bodhra agus lagéisteachta san áireamh.

- Ba chóir clár iarchéime as a leanann cáilíochtaí aitheanta in oideachas páistí Bodhra agus lagéisteachta a chur ar fáil do mhúinteoirí atá ag obair i sainsuíomhanna. Ba chóir na réimsí seo a leanas a chur san áireamh sna cláir seo:
  - luath-idirghabháil
  - sealbhú agus forbairt teanga
  - oideachas páistí Bodhra agus lagéisteachta nó páistí atá Bodhar agus dall
  - oideachas páistí atá Bodhar mar aon le míchumais bhreise agus
  - éisteolaíocht oideachasúil.
- Ba chóir deiseanna Forbartha Gairmiúla Leanúnaí a bhaineann le hoideachas páistí Bodhra a thabhairt do gach múinteoir atá ag obair le páistí Bodhra agus lagéisteachta trí chúrsaí a chuireann an tSeirbhís Tacaíochta d'Oideachas Speisialta ar fáil dóibh.
- Ba chóir go mbeadh ar gach múinteoir atá ag obair le páistí Bodhra agus lagéisteachta a úsáideann teanga chomharthaíochta go príomha mar mhodh cumarsáide inniúlacht chuí ar Theanga Chomharthaíochta na hÉireann a bheith acu. Maidir le bunscoileanna / scoileanna speisialta is é an múinteoir ranga an té a mbainfeadh an riachtanas seo leis de ghnáth. Maidir le iarbhunscoileanna ba chóir múinteoir a ainmniú a bhainfeadh inniúlacht chuí amach i dteanga chomharthaíochta chun tacú le hoideachas an dalta lena mbaineann, thar na réimsí ábhair de réir mar is gá.
- Ba chóir go mbeadh leibhéal cuí tuisceana ag gach múinteoir ar na saincheisteanna a bhaineann le daoine Bodhra agus lagéisteachta agus a imríonn tionchar ar mhúineadh agus ar fhoghlaim.

#### **An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais**

- Ba chóir don tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais obair chun seirbhís shíceolaíochta a sholáthar a bhfuil inniúlacht dhóthanach aici i dTeanga Chomharthaíochta na hÉireann chun measúnú síceolaíochta a chur ar fáil agus chun cumarsáid a dhéanamh le tuismitheoirí agus le páistí arbh fhearr leo an teanga seo a úsáid.
- Idir an dá linn ba chóir ateangairí Teanga Chomharthaíochta na hÉireann a úsáid chun ateangaireacht a dhéanamh más gá, nuair a bhítear ag obair le múinteoirí, tuismitheoirí agus le páistí a úsáideann Teanga Chomharthaíochta na hÉireann.

#### **Cúntóirí Riachtanais speisialta**

- Má dhífhostaítear Cúntóirí Riachtanais Speisialta a bhfuil saineolas ar Theanga Chomharthaíochta na hÉireann aige de bharr go bhfuil an leibhéal tacaíochta ó Chúntóirí Riachtanais Speisialta á laghdú i scoil ní mór an tacaíocht i dTeanga Chomharthaíochta na hÉireann a chur ar fáil don bpáiste Bodhar agus lagéisteachta i gcónaí.
- Ba chóir do scoileanna a chinntiú go bhfuil na scileanna riachtanacha ag Cúntóirí Riachtanais Speisialta atá ag obair le páistí Bodhra agus lagéisteachta, chun tacaíocht a thabhairt dóibh i ndáil lena gcuid sainriachtanas.

### Struchtúir chomhoibríocha a fhorbairt

- Ba chóir freagracht a chur ar dhuine ainmnithe as idirchaidreamh a dhéanamh le seirbhísí sláinte agus oideachais maoinithe a sheachadtar go háitiúil. D'fhéadfaí an tOifigeach Riachtanais Speisialta Oideachais a ainmniú.
- Ba chóir don ROS nasc a shainiú go soiléir idir Seirbhís na Múinteoirí Cuairtíochta, an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta, an tSeirbhís Tacaíochta d'Oideachas Speisialta agus an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais chun a chinntiú go gcuirfear seirbhís éascaithe ar fáil do dhaltáí Bodhra agus lagéisteachta agus chun a chinntiú nach dtéann feidhmeanna na seirbhísí thar a chéile.

### Impleachtaí na Comhairle Beartais maidir le hAcmhainní an Stáit

Agus comhairle beartais á forbairt aici ní mór don Chomhairle:

- i. measúnú ar na himpleachtaí a chur ar fáil a ghabhann leis an gcomhairle seo i ndáil leis na hacmhainní atá ar fáil don Stát, acmhainní airgeadais san áireamh, maidir le soláthar oideachais, agus
- ii. aird a thabhairt do chur i ngníomh praiticiúil na comhairle seo (Alt 20 (3) (b), Achta EPSEN, 2004) (Rialtas na hÉireann, 2004).

Sa chuid dheiridh den tuarascáil seo féachtar ar na moltaí a bhfuil impleachtaí acu i ndáil leis na hacmhainní atá ar fáil don Stát. Chuige seo rinneadh moltaí atá ag dul thar a chéile a chur i ngrúpaí faoin dhá cheannteideal dhéag seo a leanas. Measadh na costais dá réir:

1. Soláthar faisnéise
2. Tacaíochtaí a mhaoinítear tríd an gcóras sláinte
3. Teanga Chomharthaíochta na hÉireann
4. Seirbhís an Mhúinteora Chuartaíochta
5. Blianta aois scoile: samhlacha oideachais
6. Páistí Bodhra agus lagéisteachta a bhfuil míchumais bhreise orthu
7. Tacaíocht teagaisc
8. Ag díriú ar thorthaí agus monatóireacht ar dhul chun cinn an dalta
9. Forbairt Ghairmiúil do mhúinteoirí atá ag obair le páistí Bodhra agus lagéisteachta
10. An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais
11. Cúntóirí Riachtanas Speisialta
12. Forbairt struchtúr chomhoibríocha.

Tá páipéar cúlra curtha isteach ag an gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta ina sonraítear costais bhreise a ghabhann le cur i ngníomh na moltaí a dhéantar sa pháipéar comhairle beartais seo chuig an ROS. Tá achoimre ar na costais bhreise mheasta atá ar thacaíochtaí a mhaoinítear as an gcóras sláinte faoi iamh i dtábla 5. Tá achoimre ar na costais bhreise mheasta atá ar thacaíochtaí a mhaoinítear as an gcóras oideachais faoi iamh i dtábla 6. Tá cuntas ar mholtaí a fhéadfar a chur i ngníomh leis na hacmhainní atá ar fáil cheana féin agus nach dtabhaíonn aon chostais bhreise don Stát son-raithe i dtábla 7.

# Caibidil 1

## Réamheolas







## 1 Réamheolas

Téann stair an oideachais do dhaoine Bodhra i bhfad siar in Éirinn. De réir taifid ba é an Dr Charles Orpen a d'oscail an chéad scoil le haghaidh páistí Bodhra i mBaile Átha Cliath sa bhliain 1816 (Crean, 1997). Bhunaigh an Institiúid Chaitliceach Scoil Naomh Mhuire do Chailíní Bodhra faoi bhainistíocht ord rialta na Siúracha Doiminiceacha sa Chabrach sa bhliain 1846. Bunaíodh Scoil Naomh Iósaf do Bhuachaillí Bodhra faoi bhainistiú na mBráithre Críostaí sa Chabrach sa bhliain 1857.

Bhí plé idirnáisiúnta ar bun ar oideachas na mBodhar ar feadh na mblianta maidir leis na tairbhí coibhneasta a ghabhfadh le cur chuige béil seachas cur chuige láimhe i leith oideachas páistí Bodhra. D'éascair deacrachtaí móra do dhaoine Bodhra<sup>1</sup> as beartas a thacaigh leis an gcur chuige béil a bheith níos láidre go luath sa fichiú haois sa mhéid gur mhinic nach n-úsáidte aon teanga chomharthaíochta nó fíorbheagán di nuair a chuirte an beartas cumarsáide ó bhéal amháin i bhfeidhm go docht. Dá thoradh ba dheacair do mhórán daltaí Bodhra rochtain a fháil ar an gcuclam i scoileanna toisc nach raibh ar a gcumas a thuiscint cad a bhí á rá ag na múinteoirí (Leeson, 2007).

Chuaigh an beartas a thacaigh le cumarsáid ó bhéal amháin ar gcúl i mórán tíortha san Eoraip sna 1970í faoi mar a thaispeáin staidéir de réir a chéile ar fud na mór-roinne nach raibh ach leibhéil ísle gnóthachtála ag páistí Bodhra. De réir síol-staidéir le Conrad (1979) d'fhágadh daltaí Bodhra an scoil agus aois mheánach léitheoireachta naoi mbliana acu, mar aon le droch-intuigtheacht urlabhartha agus scileanna léamh beola nach raibh puinn níos fearr ná iad siúd atá ag daoine a bhfuil éisteacht acu, cé go raibh oiliúint faighte acu sa réimse seo (sliocht i Gregory, 1996). De bharr nach rabhthas sásta leis an mbeartas a thacaigh le cumarsáid ó bhéal amháin tugadh isteach rud ar tugadh modhanna 'cumarsáide iomláine' air níos déanaí. Is oideachas dátheangach a glaodh air níos déanaí fós.

Ba mhaith leis an gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta díriú ar riachtanais oideachais a bheidh ag páistí Bodhra agus lagéisteachta in Éirinn amach anseo i dtreo go gcuirfe ar a gcumas a bheith rannpháirteach san oideachas agus tairbhe a bhaint as, agus go mbainfidís torthaí oideachais amach atá ar aon dul leo siúd a bhaineann a bpiaraí comhchumais amach.

### 1.1 Comhthéacs

In Éirinn bhunaigh an tAire Oideachais agus Eolaíochta<sup>2</sup> coiste comhairleach um Oideachas do dhaoine Bodhra i mí na Nollag 2001. Ba í an fheidhm a bhí aige ná athbhreithniú a dhéanamh ar sholáthar oideachais do pháistí bodhra agus lagéis-teachta. An chéad athbhreithniú críochnúil ab ea é seo ar oideachas do dhaoine Bodhra ó foilsíodh an

- 1 De réir Cumann Bodhar na hÉireann is daoine iad daoine Bodhra a airíonn an saol mórthimpeall orthu trí béim a leagan ar ionchur físeach agus cinéistéiseach. Is maidir le daoine atá Bodhar ón gcliabhán is coitianta a úsáidtear an sainmhíniú seo ar 'Bodhar' nó maidir leo siúd a dtagann bodhaire orthu go luath ina n-óige. Leis an sainmhíniú seo aithnítear grúpa teangeolaíoch, sóisialta, cultúrtha agus is minic a úsáidtear an ceannlitir D mar chomhartha leo (i mBéarla) (<http://www.Deaf.ie>). Sa pháipéar seo cuirtear gach duine Bodhar san áireamh leis an téarma 'Bodhar'.
- 2 Tugadh ainm nua ar an Roinn Oideachais agus Eolaíochta i mí Bhealtaine 2010: An Roinn Oideachais agus Scileanna.

tuarascáil Rialtais ‘The Education of Children who are Handicapped by Impaired Hearing’ (ROS, 1972).

Chuaigh an coiste comhairleach seo i mbun pléite leanúnacha d’fhonn teacht ar chomhaontú maidir leis na príomhcheisteanna a aithníodh. Ullmhaíodh doiciméadú tacaíochta chun tacú leis an obair a bhí idir lámha aige. Níor críochnaíodh obair an choiste agus cuir-eann an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta comhairle beartais ar fáil i ndáil le hoideachas do pháistí Bodhra agus lagéisteachta san am atá le teacht.

## 1.2 An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta

Tá áthas ar an gComhairle anois an chomhairle beartais seo maidir le hoideachas páistí Bodhra agus lagéisteachta a chur faoi bhráid an Aire. Tá an chomhairle beartais seo dírithe ar obair a bhí leagtha amach i dtús báire sna téarmaí tagartha a bhí ag an gCoiste Comhairleach d’Oideachas na mBodhar, mar seo a leanas:

- athbhreithniú a dhéanamh ar leordhóthanacht na réimse seirbhísí tacaíochta oideachais a chuirtear ar fáil faoi láthair do dhaltáí Bodhra agus lagéisteachta
- réimsí beartais agus / nó soláthar seirbhíse a bhfuil gá acu le tuilleadh forbartha nó le coigeartú a aithint agus a chur in ord tosaíochta
- moltaí den sort sin a dhéanamh a mheastar a bheith oiriúnach, chun a chinntiú go bhforbrófar seirbhís tacaíochta oideachais éifeachtach chuí do dhaltáí Bodhra agus lagéisteachta agus go seachadfar í.

In 2008, choimisiúnaigh an Chomhairle athbhreithniú idirnáisiúnta ar an bhfianaise ar shamhlacha dea-chleachtais agus na torthaí atá air in oideachas páistí Bodhra agus lagéisteachta. Chuige seo cheap siad an tOllamh Marc Marschark ó Institiúid Teicneolaíochta Rochester mar iniúchóir ceannais. D’fhoilsigh an Chomhairle an tuarascáil agus í críochnaithe, sa bhliain 2009 (Marschark agus Spencer, 2009).

De réir téarmaí Achta EPSEN 2004, tá ar an gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta fóram comhairleach náisiúnta a cheapadh chun go rachadh sí i mbun comhairle i dtaobh feidhmeanna na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta a fheidhmiú. Ionadaithe ar luchtanna leasa san oideachas speisialta is iad baill an fhórait. Mairfidh an téarma oifige atá ag an bhfóram reatha ó 2010 – 2012. Lorg an Chomhairle cabhair ón bhfóram chun an chomhairle beartais seo a chur le ché-ile, de réir mar a fhoráiltear faoi Alt 22 d’Acht EPSEN, 2004 (Rialtas na hÉireann, 2004).

Ina theannta sin chuaigh an Chomhairle i mbun próisis chomhairleoireachta le luchtanna leasa agus le saineolaithe eile nach iad. Tá an chomhairle beartais a chuirtear os bhur gcomhair anseo bunaithe ar thaighde idirnáisiúnta, ar na tuairimí a cuireadh in iúl le linn an phróisis chomhairleoireachta thuasluaite agus ar thaithí bhaill chomhairle agus foireann na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta.

Áiríodh san bpróiseas comhairleoireachta pléite leis na grúpaí/daoine aonair seo a leanas:

- an fóram comhairleach inar áiríodh láitheoireachtaí ón tSeirbhís Tacaíochta d’Oideachas Speisialta, Seirbhís na Múinteoirí Cuairtíochta agus tuismitheoirí páistí

Bodhra chomh maith le aighneacht i scíbhinn ón Grúpa Comhpháirtíochta Oideachais (2009)<sup>3</sup>

- an ROS inar áiríodh an Rannóg Oideachais Speisialta, an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais, an Chigireacht agus Seirbhís na Múinteoirí Cuairtíochta
- Tuismitheoirí páistí Bodhra agus lagéisteachta.

Ina theannta sin tugadh cuairteanna ar scoileanna speisialta do pháistí Bodhra, ar scoileanna príomhshrutha ina bhfuil páistí Bodhra ar an rolla agus ar an aonad ionchlannán cochla in Ospidéal Beaumont.

Tá cruth na tuarascála seo chomh maith lena moltaí críochnaitheacha faoi threoir ag na tuairimí agus na torthaí a cuireadh in iúl le linn an phróisis chomhairleoireachta thuasluaite. Tugadh aird ar leith ar an gcomhairle a chur fóram comhairleach na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta orainn.

Agus comhairle beartais á hullmhú aici bíonn de dhualgas ar an gComhairle measúnú dhéanamh ar impleachtaí an bheartais mholta d'acmhainní atá ar fáil don Stát, acmhainní airgeadais san áireamh,. Ina theannta sin ní mór di aird a thabhairt ar chur i ngníomh praiticiúil na comhairle sin (Alt 20(3) (b), Acht EPSEN, 2004). Agus an measúnú seo á dhéanamh aici is léir don Chomhairle gur gá aitheantas a thabhairt don gcomhthéacs eacnamaíoch fíor-dheacair ina bhfuil an chomhairle beartais á forbairt agus tuigeann sí nach mór caiteachas ar oideachas a phleanáil de réir an Phlean Téarnaimh Náisiúnta 2011-2014 go ceann ceithre bhliana eile (Rialtas na hÉireann, 2010).

### 1.3 Struchtúr an Pháipéir Chomhairle Beartais

Seo a leanas struchtúr an pháipéar beartais:

- Mír 1 Réamheolas
- Mír 2 Beartas agus soláthar do pháistí Bodhra agus lagéisteachta in Éirinn mar atá siad faoi láthair
- Mír 3 Iniúchadh ar thorthaí taighde agus ar dhoiciméadú beartais eile
- Mír 4 Comhairle beartais ón gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta
- Mír 5 Impleachtaí na comhairle beartais seo d'acmhainní atá ar fáil don Stát chun oideachas a chur ar fáil agus plé ar chur i ngníomh praiticiúil na moltaí.

<sup>3</sup> Ar bhail den nGrúpa Comhpháirtíochta Oideachais áirítear ionadaithe orthu seo a leanas: DeafHear.ie, Cumann Bodhar na hÉireann, an Institiúid Chaitliceach do Dhaoine Bodhra, an tIonad um Staidéar ar Bhodhaire, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath agus Scoileanna do Pháistí Bodhra sa Chabhrach.



## Caibidil 2

Beartas agus Soláthar maidir le  
hOideachas Páistí Bodhra  
agus Lagéisteachta in Éirinn  
mar atá siad faoi láthair





## 2 Beartas agus Soláthar maidir le hOideachas Páistí Bodhra agus Lagéisteachta in Éirinn mar atá siad faoi láthair

### 2.1 Páistí Bodhra agus Lagéisteachta

Is é is cúis le fadhbanna éisteachta ná lagú ar fheidhm na chluaise seachtraí /láir agus bíonn cailliúint éisteachta chonduchtach mar thoradh air. Bíonn cailliúint éisteachta céadfach-néarach mar thoradh ar mhífheidhmiú na cluaise laistigh (an cochla). Tá seans go bhféadfaí cailliúint éisteachta chonduchtach a chóireáil trí mháinliacht. Is é aimpliúchán trí áiseanna éisteachta agus / nó ionchlannáin chochla an t-aon chóireáil éifeachtach atá ar fáil i láthair na huaire chun dul i ngleic le cailliúint éisteachta céadfach-néarach (FSS, 2011).

Déantar méid an chailliúint éisteachta atá ar pháiste a thomhas leis an leibhéal a n-aithnítear fuaim air thar mhinicíochtaí éagsúla ar chlosghram. Ar chlosghram taifeadtar tástáil éisteachta chaighdeánach mar léiriú grafach. D'fhéadfaí luach meánach díobh seo a thabhairt chun teacht ar uimhir shingil a sheasann do chailliúint éisteachta éadrom, mheasartha, throm nó thromchúiseach. Tá na leibhéil seo leagtha amach i dtábla 2 thíos:

**Tábla 2: Leibhéil Cailliúint Éisteachta**

Cur-síos ar an gcailliúint éisteachta	Leibhéal éisteachta sa chluas níos fearr
Éadrom	≤ 40 dB HL
Measartha	idir 41 agus 70 dB HL
Trom	idir 71 agus 95 dB HL
Tromchúiseach	>95 dB HL

(Arna oiriúnú ón Athbhreithniú Éisteolaíochta Náisiúnta, FSS, 2011, lch. 27)

Moltar i dTuarascáil an Choiste um Athbhreithniú ar Oideachas Speisialta (ROS, 1993) gur chóir gach diagnóis a dhíriú ar fheidhm. Maítear inti gur gné thábhachtach é méid an dul chun cinn shásúil a dhéanann daltaí ar scoil agus gur chóir é seo a chur san áireamh.

Imríonn Bodhaire nó laige éisteachta ón gcliabhán nó cailliúint éisteachta sa luath-óige tionchar ar fhorbairt teanga ag céim fhíorthábhachtach den bhforbairt. San Athbhreithniú Éisteolaíochta Náisiúnta (FSS, 2011) cuirtear in iúl dúinn go bhféadfadh cailliúint éisteachta buan atá 'éadrom', de réir dealraimh, agus / nó cailliúint éisteachta aontaobhach dochar mór a dhéanamh do dhul chun cinn an pháiste san oideachas. Mar thoradh air seo d'fhéadfadh deacrachtaí a bheith ag an bpáiste, go háirithe má tá riachtanais choimpléascacha eile aige. Sa pháipéar seo dírithe ar na riachtanais oideachais atá ag páistí a bhfuil cailliúint éisteachta bhuan orthu thar réimse iomlán an chailliúint éisteachta: éadrom nó aontaobhach; dáthaobhach; measartha; agus idir throm agus tromchúiseach.

### 2.2 Leitheadúlacht Bodhaire agus Cailliúint Éisteachta

De réir an Athbhreithnithe Náisiúnta Éisteolaíochta (FSS, 2011) tugann sonraí ón RA, ó SAM agus ón Eoraip le tuiscint go bhfuil cailliúint éisteachta bhuan dhéthaobhach mheasartha nó níos measa ag tuairim is 1–1.20 as gach 1000 duine ón gcliabhán. Tagann méadú ar an líon seo chuig tuairim is 2 go 2.5 as gach 1000 seo le linn na luath-óige agus mar thoradh ar laghdú éisteachta faighte in aois an pháiste. Bíonn riachtanais choimpléascacha eile

ag an tríú cuid de pháistí a bhfuil laghdú éisteachta buan dhéthaobhach orthu, isteach is amach. Ina theannta sin bíonn cailliúint éisteachta aontaobhach mheasartha nó níos measa ag 0.4 go 0.6 as gach 1000 nuair a thagann siad ar an saol. Má chuirtear laghdú éisteachta 'measarta' mar a ghlaoitear air, san áireamh meastar gurb í an leitheadúlacht iomlán atá i gceist faoin am a thosaítear ag dul ar scoil (aontaobhach agus déthaobhach, idir mheasarta agus tromchúiseach) ná tuairim agus 3 go 4 as gach 1000; mar sin tá laghdú éisteachta buan a d'fhéadfadh cur isteach ar fhorbairt cumarsáide, litearthachta, shóisialta agus mhothúcháin ar 3,000-4,500 páiste in aois réamhscoile agus scoile in Éirinn. Tá an méid seo ar aon dul le faisnéis a fuarthas ón Suirbhé Náisiúnta Míchumais a rinne an Phríomh-Oifig Staidrimh (Príomh-Oifig Staidrimh, 2006), ina meastar go dtuairiscíonn 3,300 páiste suas go haois 17 go bhfuil míchumas éisteachta acu atá idir leibhéal measarta agus 'ní féidir in aon chor ar bith'.

Is í an chomhréir idir cailliúint éisteachta bhuan in aois an pháiste ar an leibhéal measarta, an leibhéal trom agus an leibhéal tromchúiseach 2:1:1, isteach is amach. Tá riachtanais oideachais speisialta bhreise ag tuairim is 30 faoin gcéad de na páistí seo. Tá riachtanais fíor-choimpléascacha ag cion beag díobh seo.

Tá tuismitheoirí a bhfuil éisteacht acu ag níos mó ná 90 faoin gcéad de leanaí Bodhra agus lagéisteachta nuabheirthe. Beirtear líon beag do thuismitheoirí atá Bodhar iad féin agus ar baill den bpobal Bodhar iad. Tá impleachtaí ag an méid seo maidir le sealbhú teanga de bharr nach mbíonn teanga chomharthaíochta ar a dtail ag tuismitheoirí a bhfuil éisteacht acu má bheirtear leanbh Bodhar nó lagéisteachta dóibh agus b'fhéidir nach miste leo trial a bhaint as teanga chomharthaíochta a fhoghlaim iad féin nó an clann ar fad a spreagadh chun í a fhoghlaim.

### **2.3 Beartas na Roinne Oideachais agus Scileanna mar atá sé faoi láthair**

Titeann sé ar an Roinn Oideachais agus Scileanna beartas a fhorbairt agus a shocrú a bhaineann le hoideachas páistí a bhfuil riachtanais oideachais speisialta acu. Tá forbairt beartais na ROS sa réimse seo faoi threoir na torthaí a sholáthair tuarascáil an Choiste um Athbhreithniú ar Oideachas Speisialta (ROS, 1993), faoi threoir forbairtí náisiúnta agus idirnáisiúnta agus faoi threoir torthaí taighde. Ó 1998 i leith ritheadh achtanna éagsúla a bhfuil ag imirt go díreach ar sholáthar oideachais do pháistí a bhfuil riachtanais oideachais speisialta acu; is fiú na samplaí seo a lua: an tAcht Oideachais 1998 (Rialtas na hÉireann, 1998), Acht EPSEN 2004 (Rialtas na hÉireann, 2004) agus reachtaíocht eile lena mbaineann atá bunaithe ar chúrsaí comhionannais. Tá tionchar nach beag ag an reachtaíocht seo ar bheartas na Roinne maidir le soláthar oideachais speisialta. Tá forbhreathnú achomair ar ghnéithe tábhachtacha den reachtaíocht seo i dtaobh páistí Bodhra agus lagéisteachta ar fáil in Aguisín 1 den bpáipéar seo.

#### **2.3.1 Oideachas uileghabhálach**

In Alt 2 den Acht EPSEN, 2004 luaitear go sainráite:

... cuirfear oideachas ar pháiste a bhfuil riachtanais speisialta oideachais aige i dtimpeallacht uileghabhálach in éineacht le páistí nach bhfuil riachtanais dá sort acu ach amháin más rud é nár cheart é seo a dhéanamh de dheasca cineál nó méid an riachtanais agus nach mbeadh sé ag teacht leo seo a leanas dá thoradh:



- a. leas is fearr an pháiste de réir mar a cinneadh de réir measúnaithe ar bith atá déanta faoin Acht seo, nó
- b. soláthar éifeachtach oideachais do na páistí a bheadh ag fáil a gcuid oideachais i dteannta an pháiste sin (Rialtas na hÉireann, 2004).

### 2.3.2 Leanúntas soláthair

Anseo in Éirinn, freastalaítear ar dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu le leanúntas soláthair idir rollú lánaim-seartha i ranganna príomhshrutha agus rollú lánaim-seartha i scoileanna speisialta, chomh maith le roghanna éagsúla atá eatarthu seo. Is ionann sin agus a rá go bhfuil roghanna éagsúla socrúcháin ar fáil do dhaltaí Bodhra agus lagéisteachta i láthair na huaire. Áirítear orthu seo:

- rang príomhshrutha mar aon le tacaíocht bhreise a thugann
  - an múinteoir ranga trí éagsúlú a dhéanamh ar an gcuraclam, teagasc i gcomhair le foireann teagasc mar is gá
  - múinteoir acmhainne / tacaíocht foghlama agus
  - Seirbhís na Múinteoirí Cuairtíochta do dhaltaí Bodhra agus lagéisteachta
- rang speisialta i scoil phríomhshrutha mar aon le tacaíocht bhreise ó Sheirbhís na Múinteoirí Cuairtíochta do dhaltaí Bodhra agus lagéisteachta
- scoil speisialta atá ainmnithe ag an ROS le haghaidh catagóirí sonraithe míchumais. Áirítear air seo trí scoil speisialta do dhaltaí Bodhra agus lagéisteachta.

Rollaítear daltaí i scoileanna speisialta, i ranganna speisialta nó i ranganna príomhshrutha de réir téarmaí na n-imlitreacha a eisíonn an ROS, na moltaí atá i dtuarascálacha gairmiúla agus de réir mar is mian le tuismitheoirí.

## 2.4 Soláthar i láthair na hUaire: Tacaíochtaí Oideachais

### 2.4.1 Luath-idirghabháil

Tacaíonn an Stát le Luath-idirghabháil do pháistí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, páistí Bodhra agus lagéisteachta san áireamh. Tugtar an tacaíocht seo trí maoiniú a chur ar fáil do roinnt sainsuíomhanna naíonra/réamhscoile. De réir na Scéime um Chúram agus Oideachas Luath-óige tá cead ag páistí incháilithe freastal ar réamhscoil saor in aisce sa bhliain roimh thosú ar scoil dóibh. Tá dhá rogha ar fáil do thuismitheoirí páistí incháilithe faoin scéim um Chúram agus Oideachas Luath-óige:

- Socrúchán saor in aisce ar feadh trí uaire in aghaidh an lae go ceann bliana scoile amháin (38 seachtaine in aghaidh na bliana)
- Seisiún saor in aisce a mhaireann ar feadh dhá uaire agus ceathrú mar chuid d'áit cúram linbh leathlá nó lá thar bliain fhéilire amháin (50 seachtain in aghaidh na bliana), agus laghdú €48.50 in aghaidh na seachtaine ar na táillí cúram linbh iomlána.

Iocann an Stát dhá ráta caipitíochta de réir cáilíocht an té atá i gceannas ar an réamhscoil. Is é €75 in aghaidh na seachtaine (€2,850 in aghaidh na bliana) an ráta caipitíochta is mó. Ioctar an ráta seo má tá cáilíocht ar leibhéal 7-8 ar Chreat Náisiúnta na gCáilíochtaí (nó a

choibhéis) aige / aici mar aon le taithí trí bliana san earnáil. Ní mór do bhaill foirne chúnta a bheith cáilithe ar leibhéal 5 ar Chreat Náisiúnta na gCáilíochtaí. Íoctar gnáthráta €2,450 in aghaidh na bliana má tá cáilíocht ar leibhéal 5 ar Chreat Náisiúnta na gCáilíochtaí ag an té atá i gceannas ar an réamhscoil. Ba é costas iomlán na scéime sa scoilbhliain 2010-2011 €166 milliún. Meastar go gcaithfear €180 milliún uirthi sa scoilbhliain 2011-2012 (Foinse<sup>4</sup>: An Roinn Sláinte, 2011).

Féadann páistí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, páistí Bodhra agus lagéisteachta ina measc, leas a bhaint as an scéim seo ar feadh tréimhse dhá bhliana agus an líon uaireanta agus an maoiniú in aghaidh an linbh a chaitear cothrom le tréimhse bliana amháin. Ina theannta sin d'fhéadfadh FSS maoiniú a chur ar fáil chun cúntóir cúraim a fhostú a chabhróidh le páistí Bodhra agus lagéisteachta a bhfuil riachtanais chúraim acu. Ní mar an gcéanna atá soláthar na tacaíochta áirithe seo i ngach réigiún den tír, áfach.

Ní mór do dhaoine atá i gceannas ar réamhscoil teastas mórdhámhachtana i gcúram linbh nó luath-óige a bheith acu ar leibhéal 5 ar Chreat Náisiúnta na gCáilíochtaí nó cáilíocht chomhionann a bhfuil aitheantas náisiúnta uirthi nó dhámhachtain níos airde i réimse an chúraim linbh/luathoideachais. Maidir leis an tréimhse ó Mheán Fómhair 2010 go Lúnasa 2012 meas-tar an riachtanas cáilíochta seo a bheith comhlíonta más féidir leis an duine atá i gceannas ar réamhscoil a thaispeáint go bhfuil teastas dhámhachtana i gCúram agus Oideachas Luath-óige bainte amach aige nó aici a áiríonn ábhar suntasach sna príomhréimsí eolais. Tá tuilleadh sonraí ar an Scéim um Chúram agus Oideachas Luath-óige ar fáil ar shuíomh idirlín na Roinne Leanaí agus Gnóthaí Óige (ag <http://www.dcy.gov.ie>).

Féadann páistí Bodhra agus lagéisteachta freastal ar shuíomhanna naíonra nó réamhscoile státmhaoinithe eile do pháistí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Áirítear air seo suíomhanna Luath-idirghabhála a ghabhann le soláthraithe seirbhíse do pháistí Bodhra a bhfuil míchumais bhreise acu, atá ag fáil maoinithe ó FSS. Áirítear air seo leis, suíomhanna réamhscoile príobháideacha atá ag fáil deontais ó FSS, nó le cúntóirí réamhscoile atá á maoiniú ag FSS.

Tá de chuspóir ag an Stát, i rith ama, tacú leis an aon struchtúr amháin le haghaidh suíomh Luath-idirghabhála. Idir an dá linn is féidir le tuismitheoirí rochtain a fháil ar cheann amháin nó níos mó de na suíomhanna Luath-idirghabhála thuasluaite faoi réir don tseirbhís a bheith ar fáil agus iad a bheith incháilithe le haghaidh tacaíochta de réir na gcritéar (ROS, 2010).

#### 2.4.2 Seirbhís na Múinteoirí Cuairtíochta

Atreoraítear páistí Bodhra agus lagéisteachta chuig sainseirbhísí éisteolaíochta de ghnáth go luath i ndiaidh na diagnóise. Ansin atreoraítear iad chuig Seirbhís na Múinteoirí Cuairtíochta de chuid na ROS. Cuirtear an tseirbhís seo ar fáil do pháistí a bhfuil lagú éisteachta orthu má tá siad ag freastal ar scoil phríomhshrutha nó ar scoileanna agus i ranganna speisialta nach scoileanna speisialta do dhaltáí Bodhra agus lagéisteachta iad. Cuirtear ar fáil í ón am a atreoraítear an páiste go dtí go n-aistríonn sé nó sí go dtí oideachas tríú leibhéil. I láthair na huaire tá 29 bpost lánaimseartha leithdháilte ar an

4 Úsáidtear an téarma 'Foinse' tríd an doiciméad ar fad maidir le faisnéis a fuarthas go díreach ón roinn nó ón ngníomhaireacht Rialtais ainmnithe.

tseirbhís seo; is í an fheidhm atá ag na múinteoirí cuairtíochta ná cabhrú le múinteoirí oibriú le páistí Bodhra agus lagéisteachta. Faoi láthair tacaíonn na múinteoirí seo le tuairim is 2,350 dalta ar fud na tíre (Foinse: ROS, 2011).

Is múinteoirí cáilithe iad múinteoirí cuairtíochta. Tá cáilíocht iarchéime in oideachas do dhaoine Bodhra ag formhór díobh. Tá cáilíochtaí iarchéime ábhartha eile in oideachas speisialta ag líon suntasach díobh. Cuireann na múinteoirí seo comhairle agus tacaíocht ar fáil do thuismitheoirí agus do scoileanna agus tá feidhm fhíorthábhachtach acu maidir le cuimsiú daltaí Bodhra agus lagéisteachta i suíomhanna príomhshrutha a éascú.

Is é is cuspóir le Seirbhís na Múinteoirí Cuairtíochta ná tacú le páistí Bodhra agus lagéisteachta, lena dtuismitheoirí / caomhnóirí agus lena múinteoirí agus cabhrú leis na páistí a lánacmhainn shóisialta agus pearsanta agus a lánacmhainn ó thaobh teanga agus oideachais de a bhaint amach agus fás aníos mar fhoghlaimoirí neamhspleácha agus mar bhaill neamhspleácha den tsochaí.

Áirítear iad seo a leanas ar an tseirbhís a chuireann na múinteoirí cuairtíochta ar fáil:

- treoir, tacaíocht agus sainteagasc a chur ar fáil do pháistí réamhscoile agus dá dtuismitheoirí sa bhaile
- treoir, tacaíocht agus sainteagasc a chur ar fáil maidir le sealbhú teanga
- sainteagasc, tacaíocht agus monatóireacht a chur ar fáil i scoileanna
- a bheith i dteagmháil le scoileanna do pháistí Bodhra le linn do dhalta a bheith ag aistriú go dtí an scoil speisialta nó ón scoil speisialta go scoil phríomhshrutha
- comhairle a chur ar thuismitheoirí agus ar mhúinteoirí maidir le himpleachtaí curaclaim agus timpeallachta, úsáid teic-neolaíochta cúntaí san áireamh
- na huirlisí measúnachta cuí agus na prótacail mhonatóireachta cuí a úsáid chun forbairt cumarsáide a phleanáil agus chun monatóireacht agus measúnú a dhéanamh uirthi
- a bheith i dteagmháil le thuismitheoirí, le múinteoirí agus le gairmithe lena n-áirítear éisteolaithe, teiripeoirí urlabhartha agus teanga, eagraithe um riachtanais speisialta oideachais chomh maith leis an bhfoireann ionchlannáin chochla
- comhairle a chur ar Choimisiún na Scrúduithe Stáit maidir le hiarratais ar Chóiríocht Réasúnta a chur ar fáil i Scrúduithe Teastais
- tuairisc trasdula a chur ar fáil do dhaltaí atá sa bhliain dheireanach iarbhunscóile d'fhonn oifigigh mhíchumais agus rochtana a chur ar an eolas i ndáil le cóiríocht agus tacaíochtaí cuí a chur ar fáil ag an trío leibhéal. D'fhéadfadh an múinteoir cuairtíochta tacaíocht bhreise a chur ar fáil don dalta le linn na céad bhliana san ollscoil, más gá.

Leithdháiltear ualach cáis páistí laistigh de réigiún ar leith ar gach múinteoir cuairtíochta. Cuirtear páistí a bhfuil idir chailliúint éisteachta mheasartha agus cailliúint éisteachta thromchúiseach orthu ar ualach cáis gníomhach an mhúinteora ach buaileann an múinteoir leo siúd a bhfuil cailliúint éisteachta éadrom agus cailliúint éisteachta aontaobhach orthu nuair a iarrtar é. I dtábla 3 taispeántar líon na bpáistí a bhfuil cailliúint éisteachta ar na leibhéil éadrom, measartha, trom agus tromchúiseach orthu agus na socrúcháin oideachais atá acu.

**Tábla 3: Socrúcháin oideachais do pháistí Bodhra agus lagéisteachta**

Ualach cáis gníomhach			
<b>Leibhéal an chailteanais éisteachta</b>			
Meánach	939		
Trom	347		
Tromchúiseach, gan ionchlannán cochla	109		
Tromchúiseach, ionchlannán cochla	217		
Gan taifead	10		
<b>Iomlán</b>	<b>1622</b>	→	
		<b>Socrúchán</b>	
		Baile	118
		Réamhscoil	104
		Príomhshruth bunoidreachais	718
		Príomhshruth iarbhunoidreachais	405
		Lagú éisteachta, rang speisialta bunoidreachais	25
		Lagú éisteachta, rang speisialta iarbhunoidreachais	14
		Rang speisialta sainithe, gan lagú éisteachta	37
		Scoil speisialta shainithe, gan lagú éisteachta	142
		Eile	46
		Gan taifead	13
Ualach cáis ar iarratas			
<b>Leibhéal an lagú éisteachta</b>			
Éadrom	500		
Aontaobhach	221		
Gan taifead	12		
<b>Iomlán</b>	<b>733</b>	→	
		<b>Socrúchán</b>	
		Baile	17
		Réamhscoil	9
		Príomhshruth bunoidreachais	370
		Príomhshruth iarbhunoidreachais	228
		Lagú éisteachta, rang speisialta bunoidreachais	4
		Lagú éisteachta, rang speisialta iarbhunoidreachais	1
		Rang speisialta sainithe, gan lagú éisteachta	6
		Scoil speisialta shainithe, gan lagú éisteachta	67
		Eile	16
		Gan taifead	15

(Foinse: An Roinn Oideachais agus Scileanna, 2011)

Léiríonn an tacaíocht a thairgeann an múinteoir cuairtíochta éagsúlacht na riachtanas atá ag páistí Bodhra agus lagéisteachta. Cuimsíonn sí idir eolas agus treoir a thabhairt do thuismitheoirí, don pháiste agus don múinteoir anois is arís agus cuairteanna rialta a ngabhann teagasc, measúnú agus treoir leanúnach leo. De bhreis air seo braitheann

an méid tacaíochta agus an saghas tacaíochta a bhíonn ag teastáil ón pháiste Bodhar agus lagéisteachta ar an gcéim atá bainte amach aige ina fhorbairt agus ina oideachas. Oibríonn an múinteoir cuairtíochta le leanaí nach bhfuil ach roinnt seachtainí nó mí nó dhó d'aois agus, ar an taobh eile, le daltaí go deireadh an oideachas iarbhunscoile, uaireanta. Braitheann an méid tacaíochta a thugtar do pháistí atá ar ualach cáis gníomhach an mhúinteora chuairtíochta ar leibhéal a riachtanais; is féidir í a chur ar fáil gach seachtain, gach coicís, gach mí nó ar bhonn téarma, go bliantúil nó ar iarratas.

### 2.4.3 Tacaíochtaí do dhaltaí Bodhra agus lagéisteachta sa scoil

Le linn na scoilbhliana 2010-2011 bhí tuairim is 856,685 dhalta ar an rolla i scoileanna atá ag fáil cabhrach ón ROS. Bhí 350,687 díobh seo ar an rolla in iarbhunscoileanna agus bhí 505,998 ndalta ar an rolla i mbunscoileanna (ROS, 2011a).

#### (a) Scoileanna speisialta do dhaltaí Bodhra agus lagéisteachta

De réir faisnéise ón gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta d'fhreastail 6,338 ndalta ar scoileanna speisialta do pháistí a bhfuil míchumais orthu sa scoilbhliain 2010–2011. Le linn na bliana céanna d'fhreastail tuairim is 152 dhalta díobh siúd a bhí ag freastal ar scoileanna speisialta ar scoileanna speisialta do pháistí Bodhra agus lagéisteachta (an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta, 2010<sup>5</sup>).

Tá trí scoil speisialta do pháistí Bodhra agus lagéisteachta in Éirinn. Anseo thíos a n-ainmneacha agus an líon daltaí a bhí ar an rolla i ngach ceann díobh sa scoilbhliain 2010-2011:

- Scoil Naomh Mhuire do Chailíní Bodhra, An Chabrach – 74 dhalta
- Scoil Naomh Iósaif do Bhuachailí Bodhra, An Chabrach – 62 dhalta, agus
- Scoil an Lár-Iarthair le haghaidh Lagú Éisteachta, Luimneach – 16 dhalta.

#### (b) Ranganna Speisialta do dhaltaí Bodhra agus lagéisteachta

Sa scoilbhliain 2010-2011 cuireadh 15 rang speisialta ar fáil do pháistí Bodhra agus lagéisteachta i 12 scoil príomhshrutha. Bhí tuairim is 48 ndalta ar an rolla iontu (Foinse: Córas Riaracháin Oideachais Speisialta, An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta, 2011). Bhí tuairim is 34 daltaí díobh ag an leibhéal bunscoile agus bhí 14 díobh ag an leibhéal iarbhunscoile (Foinse: Córas Riaracháin Oideachais Speisialta, An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta, 2011). I dtábla 4 tugtar ainmneacha na scoileanna príomhshrutha inar cuireadh ranganna speisialta do dhaltaí Bodhra agus lagéisteachta ar fáil.

5 Luaite i *The Future Role of Special Schools and Classes in Ireland* (An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta, 2011a) arna chur faoi bhráid an Aire Oideachais agus Scileanna i mí Feabhra 2011.

**Tábla 4: Scoileanna a chuir ranganna speisialta do dhaltáí Bodhra agus lagéisteachta ar fáil i 2011.**

Ainm na scoile	Contae	Cineál scoile
Coláiste Phobail na hInse	An Clár	Iarbhunscoil
Scoil Phobail Bhaile an Easpaig	Corcaigh	Iarbhunscoil
Iarbhunscoil an Trócaire	An Longfort	Iarbhunscoil
Scoil Náisiúnta Darley	An Cabhán	Bunscoil
Scoil Náisiúnta Chlochair na hInse	An Clár	Bunscoil
Scoil Náisiúnta Naomh Choilm le cóiríocht do Pháistí Bodhra	Corcaigh	Bunscoil
Scoil Chaitríona Sóisearach	Gaillimh	Bunscoil
Scoil Chaitríona Sinsearach	Gaillimh	Bunscoil
S N An Chroi Naofa Clochar na Trócaire	Ciarraí	Bunscoil
Scoil Naomh Mhata, Scoil Náisiúnta Mheasctha	An Longfort	Bunscoil
Scoil na Croise Naofa	Uíbh Fhailí	Bunscoil
Scoil Náisiúnta Phort Láich	Port Láirige	Bunscoil

(Foinse: Córas Riaracháin Oideachais Speisialta, An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta, 2011)

### (c) Tacaíocht Oideachais a chuirtear ar fáil do dhaltáí Bodhra agus lagéisteachta i ranganna príomhshrutha

#### Tacaíocht foghlama / teagasc acmhainne

Tugtar leithdháileadh ginearálta d'uaireanta teagasc le haghaidh tacaíochta foghlama agus teagasc acmhainne do bhunscoileanna d'fhonn tacú le hoideachas uileghabhálach ar mhaithe leis na catagóir daltaí seo a leanas: iad siúd a bhfuil riach-tanais speisialta oideachais acu de dhroim míchumas forleathan; iad siúd atá incháilithe le haghaidh teagasc tacaíochta foghlama; agus iad siúd a bhfuil deacrachtaí foghlama acu (ROS, 2005a).

Is é a chuimsítear i míchumais fhorleithne ná míchumas foghlama ginearálta éadrom teorannach, míchumas foghlama ginearálta éadrom agus míchumas foghlama ar leith. Tugtar tosaíocht do dhaltáí a bhfuil a ngnóthachtáil i dtástálacha lé-itheoireachta nó matamaitice caighdeánacha ag an deichiú peircintíl nó faoina bhun, nuair a bhíonn incháilitheacht le haghaidh teagasc tacaíochta foghlama á socrú ag scoileanna. Is iad daltaí a bhfuil deacrachtaí foghlama acu ná daltaí a bhfuil deacrachtaí urlabhra agus teanga éadroma acu, daltaí a bhfuil deacrachtaí sóisialta nó mothúcháin éadroma acu agus daltaí a bhfuil deacrachtaí comhordúcháin nó smacht airde éadroma acu (ROS, 2005a).

Leithdháileadh tuairim is 3,760 post teagasc do bhunscoileanna faoin tSamhail Leithdháilte Ghinearálta arb é a costas bliantúil €225 milliún (Foinse: ROS, 2011).

Tugtar leithdháileadh ginearálta uaireanta teagasc le haghaidh tacaíocht foghlama d'iarbhunscoileanna chun tacú le daltaí atá incháilithe le haghaidh teagasc tacaíocht foghlama.

Féadann daltaí a bhfuil cailliúint éisteachta éadrom/aontaobhach orthu agus a bhfuil tacaíocht teagasc bhreise ag teastáil uathu rochtain a fháil ar thacaíocht tríd an leithdháileadh ginearálta d'uaireanta teagasc seo i mbunscoileanna agus in iarbhunscoileanna.

### **Leithdháileadh tacaíocht teagaisc bhreise don dalta aonair**

Leithdháiltear acmhainní teagaisc breise do bhunscoileanna chun tacú le daltaí aonair a bhfuil riachtanais speisialta oideachais bhuna choimpléascacha acu agus a bhfuil míchumas neamhfhorleathan acu de réir measúnaithe a rinneadh orthu. Leithdháiltear acmhainní teagaisc breise d'iarbhunscoileanna chun tacú le daltaí aonair a bhfuil míchumas forleathan nó neamhfhorleathan orthu. Braitheann an líon uaireanta a leithdháiltear ar chatagóir an mhíchumais.

De réir téarmaí na hImlitreach ón ROS 02/05, meastar gurb iad daltaí a bhfuil lagú éisteachta orthu na daltaí siúd a bhfuil a míchumas éisteachta chomh tromchúiseach sin go gcuireann sé go mór isteach ar a gcumas caint duine a chloisteáil agus a thuiscint agus nach bhfuil ar a gcumas dá thoradh sin, a bheith rannpháirteach in idirghníomhú sa seomra ranga agus leas cuí a bhaint teagasc scoile. Ordaíodh áiseanna éisteachta dá bhformhór agus faigheann siad cúnamh ó mhúinteoir cuairtíochta. Ní féachtar le daltaí a bhfuil cailiúint éisteachta éadrom orthu a chur san áireamh sa chatagóir seo (ROS, 2005a).

Leithdháiltear uasmhéid ceithre uaire de thacaíocht teagaisc in aghaidh na seachtaine ó mhúinteoir acmhainne nó ó mhúinteoir cuairtíochta nó ceithre uaire san iomlán uathu araon do scoileanna a bhfuil dalta acu a bhfuil lagú éisteachta air, de réir an mheasúnaithe a rinneadh air, gan aon míchumas measúnaithe eile a bheith air. Leithdháiltear cúig uaire in aghaidh na seachtaine más rud é go bhfuil dalta a bhfuil lagú éisteachta air ag comhlíonadh an chritéir a bhaineann le catagóir mhíchumais neamhfhorleathain eile de bharr go meastar míchumais iolracha a bheith ar an dalta (ROS, 2005a).

### **Tacaíocht teagaisc bhreise atá ceadaithe ag an gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta**

Sa scoilbhliain 2010-2011 leithdháileadh acmhainní breise múinteora do scoileanna i ndáil le 369 ndalta Bodhra agus lagéisteachta iarbhunscoile agus i ndáil le 680 dalta Bodhra agus lagéisteachta bunscoile (1049 ndalta san iomlán) (Foinse: Córas Riaracháin Oideachais Speisialta, An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta, 2011). Níl páistí a bhfuil cailiúint éis-teachta éadrom nó aontaobhach orthu nó a fuair tacaíocht tríd an tSamhail Leithdháilte Ginearálta i mbunscoileanna agus trí thacaíocht foghlama in iarbhunscoileanna san áireamh leis seo.

### **Rochtain ar thacaíocht ó Chúntóir Riachtanais Speisialta**

Leithdháiltear cúntóirí riachtanais speisialta do bhunscoileanna, d'iarbhunscoileanna agus do scoileanna speisialta; díríonn siad ar riachtanais chúraim d'fhonn cuimsiú páistí a éascú a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Bunaítear na leithdháiltí seo ar iarratais aonair agus bíonn siad faoi réir na gcritéir incháilitheachta atá leagtha síos ag an ROS. I dtreo go gcáilíonn dalta le haghaidh tacaíochta ó Chúntóir Riachtanais Speisialta ní mór míchumas agus riachtanais chúraim a bheith ag an dalta atá sonraithe in Imlitir 07/02 agus 02/05 ón ROS. Ní mór measúnú agus cur síos a bheith déanta ar riachtanais chúraim an pháiste ag gairmí a bhfuil de dhualgas air leis, a chur in iúl cén fáth atá gá le tacaíocht ó Chúntóir Riachtanais Speisialta agus na buntáistí a mhíniú a bheadh ag an bpáiste mar thoradh ar a leithéid de chúram a fháil sa suíomh scoile. Maidir le daltaí Bodhra agus lagéisteachta tá i gceist go bhfreastalaíonn tacaíocht ó Chúntóir Riachtanais

Speisialta ar riachtanais chúram suntasacha atá ar an dalta mar thoradh ar lagú feidhme céadfaí (ROS, 2002). Is le riachtanais chúraim am-háin a bhaineann dualgas an Chúntóir Riachtanais Speisialta agus níl aon teagasc in aon chor ag gabháil leo.

Is iad na scoileanna a chuireann iarratais ar thacaíochtaí ó Chúntóirí Riachtanais Speisialta isteach chuig Eagraithe Riachtanais Speisialta Oideachais. Déanann na hEagraithe Riachtanais Speisialta Oideachais gach iarratas a iniúchadh i gcom-hthéacs beartas na ROS agus na n-acmhainní Cúntóir Riachtanais Speisialta Oideachais atá á gcur ar fáil don scoil atá faoi chaibidil cheana féin. Déanann an tEagraí Riachtanais Speisialta cinneadh cé acu an bhfuil nó nach bhfuil an dalta incháilithe tacaíocht a fháil agus má tá, an bhfuil nó nach bhfuil dóthain acmhainní ó thaobh Cúntóirí Riachtanais Speisialta ag an scoil chun freastal ar riachtanais chúraim an pháiste. Is tábhachtach an rud é cothromaíocht a choinneáil idir leithdháileadh ta-caíocht foghlama a bhfuil gá léi agus ceart an pháiste scileanna pearsanta neamhspleáchais a shealbhu. Más rud é go bhfuil an páiste incháilithe le haghaidh tacaíochta ó Chúntóir Riachtanais Speisialta agus nach bhfuil dóthain Cúntóirí Riachtanais Speisialta ag an scoil chun an tacaíocht a bhfuil gá léi a chur ar fáil ceadóidh an tEagraí Riachtanais Speisialta Oideachais Cúntóir(i) breise. Moltar do scoileanna athbhreithniú a dhéanamh go rialta ar riachtanais chúraim, ar leibhéal na tacaíochta agus ar chineáil na tacaíochta atá á fháil ag an bpáiste.

Tá riachtanais chúraim mhóra ag cuid de dhaltaí agus bíonn cúnaimh ó Chúntóirí Riachtanais Speisialta uathu go lánaimseartha. Bíonn cúnaimh ó Chúntóir ag teastáil anois is arís ag tuilleadh díobh, chun go bhfreastalaítear ar a gcuid riachtanas de réir mar a thagann siad chun cinn.

Sa scoilbhliain 2010-2011 bhí rochtain ag 230 páiste Bodhar agus lagéisteachta i mbun-scoileanna agus ag 67 bpáiste Bodhra agus lagéisteachta in iarbhunscoileanna (297 san iomlán) ar thacaíocht ó Chúntóirí Riachtanais Speisialta (Foinse: Córas Riaracháin Oideachais Speisialta, An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta, 2011).

#### **2.4.4 Tacaíochtaí breise**

##### **An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta**

Tá réimse feidhmeanna ag an gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta maidir le tacaíocht le haghaidh páistí Bodhra agus lagéisteachta. Cuirtear a gcuid seirbhíse áitiúla ar fáil trí líonra na nEagraithe Riachtanais Speisialta Oideachais. I láthair na huairé tá 75 Eagraí Riachtanais Speisialta Oideachais fostaithe ag an gComhairle. Tá gach Eagraí freagrach as bun-scoileanna, as iarbhunscoileanna agus as scoileanna speisialta sonraithe ina cheantar. Cuireann Eagraithe Riachtanais Oideachais Speisialta seirbhís ar fáil do gach bunscoil, iarbhunscoil agus scoil speisialta sa tír.

I láthair na huairé tugann Eagraithe Riachtanais Speisialta Oideachais eolas do thuismitheoirí maidir le roghanna oideachais do pháistí a bhfuil riachtanais oideachais speisialta acu. Tugann siad acmhainní do scoileanna chun gur féidir leo freastal ar na páistí seo. Ceadáíonn siad uaireanta teagasc acmhainne, poist do chúntóirí riachtanais speisialta agus próiseálann siad iarratais ar theicneolaíocht chúnta agus ar iompar. Ina theannta sin bíonn Eagraithe Riachtanais Speisialta Oideachais gafa le planáil áitiúil straitéiseach le luchtanna leasa ar mhaithe le páistí a bhfuil riachtanais speisialta acu. Cuireann siad



comhairle ar an ROS faoi riachtanais áitiúla i ndáil le páistí a bhfuil páistí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.

Bíonn idirchaidreamh ag an Eagraí Riachtanais Speisialta Oideachais, thar ceann na Comhairle, le húdaráis sláinte áitiúla chun soláthar na seirbhísí a chomhordú idir earnáil na sláinte agus earnáil an oideachais. Ar an gcuma seo tugann siad cúnaimh chun go gcuimsítear an páiste sa chóras scoile.

### **An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais**

Is é misean na Seirbhíse Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais ná ‘tacú le forbairt phearsanta, shóisialta agus le forbairt oideachais gach páiste trí teoiric agus cleachtas na síceolaíochta a úsáid san oideachas, le haird ar leith do pháistí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu’ (ROS, 2007).

Is cuid den Roinn Oideachais agus Scileanna í an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais. Is le bunscoileanna agus le hiarbhunscoileanna araon a oibríonn a cuid síceolaithe agus baineann an obair seo le foghlaim, iompar agus le forbairt shóisialta agus mothúcháinach. Tá gach síceolaí sannta do roinnt scoileanna.

I láthair na huaire tá 171 shíceolaí fostaithe ag an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (Foinse: An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais, 2011). Líontar sé phost breise ag Seirbhís na gCeapachán Poiblí. Tá an Scéim um Choimisiúnú Measúnuithe Síceolaíochta de chuid na ROS ar fáil d’aon scoil nach bhfuil ag fáil seirbhíse ón tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais faoi láthair.

Tá saineolas ag síceolaithe na Seirbhíse seo ar an obair leis an bpobal scoile. Oibríonn siad i gcomhar le páistí, tuismitheoirí, múinteoirí agus le gairmithe eile, Seirbhís na Múinteoirí Cuairtíochta san áireamh, chun riachtanais oideachais a aithint.

Is trí chomhairliúchán a spreagann síceolaithe na Seirbhíse scoileanna cur chuige céimithe atá dírithe ar fhadhbanna a réiteach, a úsáid chun riachtanais oideachais a aithint agus chun Luath-idirghabháil a éascú (ROS, 2007). Bíonn baint ag síceolaithe na Seirbhíse le gach aon chéim den bpróiseas seo. Tairgeann siad comhairliúchán agus measúnú chomh maith le t chórasach agus obair forbartha ag leibhéal na scoile uile.

Tugann an tSeirbhís tosaíocht do pháistí a bhfuil míchumais chéadfacha orthu (ina n-áirítear daltaí Bodhra agus lagéisteachta). Tá oiliúint faighte ag síceolaithe na Seirbhíse i ngach réigiún maidir le dea-chleachtas in obair leis na páistí seo. Bíonn siad ar fáil mar thacaíocht réigiúnach dá gcomhghleacaithe atá ag obair le páistí Bodhra agus lagéisteachta.

Más rud é go bhfuil tuismitheoirí agus páistí a úsáideann Teanga Chomharthaíochta na hÉireann i gceist, úsáidtear ateangairí nuair is gá.

### **An Scéim Tacaíochta do Theanga Chomharthaíochta na hÉireann**

Faoin scéim seo tugtar oiliúint i dTeanga Chomharthaíochta na hÉireann do pháistí Bodhra agus lagéisteachta agus dá dteaghlaigh. Le linn na scoilbhliana 2009-2010 cheadaigh an ROS teagasc i dTeanga Chomharthaíochta na hÉireann le haghaidh 128 ndalta faoin scéim. Tugtar oiliúint ar feadh aon uaire amháin in aghaidh na seachtaine, líon a

méadaítear go 7.5 n-uaire in aghaidh na seachtaine sna míonna Iúil agus Lúnasa. Is é €28.97 an costas in aghaidh na huaire (Foinse: An Rannóg Oideachais Speisialta, ROS, 2011). Sa bhliain airgeadais 2010 caitheadh €166,354 san iomlán ar oiliúint i dTeanga Chomharthaíochta na hÉireann do 128 ndalta. I 2009 cuireadh oiliúint ar fáil do 103 dalta ar chostas €136,892 (Foinse: An Rannóg Oideachais Speisialta, ROS, 2011).

### **Teicneolaíocht chúnta**

Tugtar an téarma ‘teicneolaíocht chúnta’ ar mhír threalaimh ar bith ar féidir é a úsáid chun cumas feidhmiúil i ndalta a bhfuil riachtanais speisialta oideachais aige a fheabhsú a théann chun tairbhe dó go díreach. Baineann an scéim le daltaí a bhfuil míchumais thromchúiseacha choirp agus / nó chumarsáide acu, de réir na diagnóise, nach bhfuil ar a gcumas aon ghnáth-chumarsáid trí chaint agus / nó scríobh a dhéanamh dá dtoradh.

Maidir le daltaí Bodhra agus lagéisteachta, déanann an múinteoir chuaritíochta measúnú agus tugann comhairle maidir le trealamh a mholtar go coitianta; áirítear air seo, mar shampla, córais aimplíúcháin, córais imfhuaime agus áiseanna raidió. Glacann an tEagraí Riachtanais Speisialta Oideachais moltaí an mhúinteora chuairtíochta san áireamh agus iarratais ar threalamh do dhaltaí den sort seo á mbreithniú aige (ROS, 2005b).

De réir taifead na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta cuireadh teicneolaíocht chúnta ar fáil do 939 ndalta Bodhra agus lagéisteachta i mbunscoileanna in iarbhunscoileanna agus i scoileanna speisialta sa scoilbhliain 2010-2011 (Foinse: Córas Riaracháin Oideachais Speisialta, An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta, 2011). Meastar gurbh é an costas iomlán a bhí ar sholáthar teicneolaíochta cúnta ná tuairim is €2milliún sa scoilbhliain 2010-2011. Is ionann sin agus meánchostas €2,100 in aghaidh an dalta.

### **Sainsoláthar iompair**

Is é is cuspóir don scéim seo ná seirbhís iompair réasúnta a chur ar fáil do pháistí a bhfuil míchumas agus / riachtanas speisialta oideachais orthu, de réir diagnóise, agus nach féidir leo, de dheasca nádúr a míchumais, úsáid a bhaint as seirbhís bus scoile a bhailíonn páistí eile feadh a bhealaigh de réir clár ama. Cáilíonn páiste le haghaidh iompar scoile má tá sé / sí ag freastal ar an scoil phríomhshrutha, rang speisialta nó scoil speisialta nó ar an aonad speisialta is gaire a bhféadtar na hacmhainní a thabhairt dó a chuireann ar a chumas freastal ar riachtanais speisialta oideachais an pháiste de réir chritéir na ROS. Mura féidir seirbhís iompair a chur ar fáil ar leibhéal réasúnta d’fhéadfadh go gcuirfeadh an ROS cabhair dheontais ar fáil i leith socruithe iompair príobháideacha.

Le linn na scoilbhliana 2010-2011 chuir an ROS iompar ar fáil do 166 dalta Bodhra agus lagéisteachta. Díobh seo iompraíodh 22 dhaltacha chuig iarbhunscoileanna, 49 chuig bunscoileanna agus 95 chuig scoileanna speisialta (Foinse: Córas Riaracháin Oideachais Speisialta, An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta, 2011).

## 2.4.5 Forbairt ghairmiúil leanúnach do mhúinteoirí

### An tSeirbhís Tacaíochta d'Oideachas Speisialta

I mí Mheán Fómhair 2003 bhunaigh an rannóg d'oideachas múinteoirí de chuid na Roinne Oideachas agus Scileanna an tSeirbhís Tacaíochta d'Oideachas Speisialta. Is é is aidhm don tseirbhís seo ná feabhas a chur ar cháilíocht na foghlama agus an teagaisc trí réimse tionscnamh forbartha gairmiúla agus struchtúir tacaíochta a sheachadadh d'fhoireann scoile atá ag obair le daltaí ag a bhfuil riachtanais speisialta.

Maidir le hoideachas do dhaoine Bodhra, cuireann an tSeirbhís Tacaíochta d'Oideachas Speisialta Forbairt Ghairmiúil Leanúnach ar fáil trí fhoireann shaincheaptha. Is iad na daoine atá ar an bhfoireann seo ná leas-stiúrthóir na Seirbhíse Tacaíochta d'Oideachas Speisialta agus múinteoirí daltaí Bodhra a bhfuil saineolas acu agus atá ag obair leis an tSeirbhís go páirtaimseartha mar éascaitheoirí áitiúla. agus atá gafa le clár tacaíochta na Seirbhíse do scoileanna.

Eagraítear soláthar Forbartha Gairmiúla Leanúnaí agus tacaíocht do mhúinteoirí daltaí Bodhra agus lagéisteachta tríd na scéimeanna thíos.

**(i) An Scéim Tacaíochta:** tríd an scéim seo cuirtear ar chumas scoileanna agus / nó múinteoirí aonair a gcuid riachtanais forbartha gairmiúla féin a aithint agus iarratas a dhéanamh chuig an tSeirbhís Tacaíochta d'Oideachas Speisialta chun cúnaimh a fháil. Is féidir cúnaimh a fháil mar chúnamh airgid, mar chúnamh gairmiúil nó mar chomhairle. Tríd an scéim seo cuireann an tSeirbhís Tacaíochta d'Oideachas Speisialta iad seo a leanas ar fáil:

- cuairteanna aonair ar scoileanna nó seimineáir a chuireann foireann éascaitheoirí ón tSeirbhís Tacaíochta d'Oideachas Speisialta a bhfuil saineolas ar oideachas na mBodhar acu ar fáil
- maoiniú d'oilliúint na foirne uile i dTeanga Chomharthaíochta na hÉireann
- maoiniú do mhúinteoirí chun go bhféadfaidh siad cáilíochtaí iarchéime a bhaint amach.

**(ii) Príomhstraitéis na Seirbhíse Tacaíochta d'Oideachas Speisialta.** Ó cuireadh ar bun í sa bhliain 2003 tá na himeachtaí seo a leanas á n-eagrú ag an tSeirbhís Tacaíochta d'Oideachas Speisialta tá sí ag tabhairt tús áite dóibh:

- cúrsaí eolas tosaigh a mhaireann ar feadh cúig lá, do mhúinteoirí daltaí Bodhra agus lagéisteachta
- Sraith ar Mheasúnú Teanga do Mhúinteoirí atá ag obair le Daltaí Bodhra (Sue Lewis, Coláiste Mary Hare)
- Cúrsa lae dar teideal Deafness: A Seminar for Mainstream Class Teachers and Resource/Learning Support Teachers (Bodhaire: Seimineár do Mhúinteoirí Ranga Príomhshrutha agus do Mhúinteoirí Acmhainne/Tacaíocht Foghlama)
- Sraith dar teideal Language and Literacy Development: Deaf and Hard of Hearing Students (Connie Mayer, Ollscoil Toronto). (Forbairt Teanga agus Litearthachta: Daltaí Bodhra agus Lagéisteachta).

**(iii) Tuiscint ar Mhíchumas: an clár *Kids on the Block*.** Forbraíodh an clár *Kids on the Block* chun oiliúint a chur ar pháistí faoi bhodhaire, is é sin, faoina ngabhann léi mar riocht leighis agus faoi chultúr na mbodhar. Is é is cuspóir dó ná:

- tuiscint agus íogaireacht a chur chun cinn i bpáistí a bhfuil éisteacht acu
- meas ar na difríochtaí a bhaineann le gach duine faoi leith a chur chun cinn
- roinnt gnéithe de chultúr na mBodhar agus na rudaí a chuireann daoine atá Bodhar leis a chíoradh
- roinnt comharthaí simplí a mhúineadh le páistí.

Ba í Barbara Aiello a chruthaigh *Kids on the Block Inc* i SAM i 1977. Tá sé bunaithe ar an gcineál téatair Seapánach ar a dtugtar Bunraku. Is cuideachta atá tiomnaithe do mheas agus foighne a mhúineadh do pháistí agus do dhaoine fásta i leith difríochtaí agus míchumais. Ba í Barbara Aiello a chruthaigh *Kids on the Block Inc* i SAM i 1977. Tá sé bunaithe ar an gcineál téatair Seapánach ar a dtugtar Bunraku. Is cuideachta atá tiomnaithe do mheas agus foighne a mhúineadh do pháistí agus do dhaoine fásta i leith difríochtaí agus míchumais. .

**(iv) Teanga Chomharthaíochta na hÉireann.** Tacaíonn an tSeirbhís Tacaíochta d'Oideachas Speisialta le foghlaim agus le múineadh Teanga Chomharthaíochta na hÉireann d'fhoireann scoile agus do dhaltaí.

#### **Clár iarchéime in oideachas speisialta programmes in special education**

Déanann an Rannóg d'Oideachas Múinteoirí de chuid na Roinne Oideachas agus Scileanna soláthar le haghaidh clár iarchéime in oideachas speisialta atá dírithe ar eolas, tuiscint agus scileanna an mhúinteora a fhorbairt i leith daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu agus ar aithníodh ina dtaobh go bhfuil teagasc tacaíochta foghlama ag teastáil uathu.

Tá clár comhdhiplóma iarchéime d'fhorbairt Forbartha Gairme Leanúnaí do mhúinteoirí a mbíonn baint acu le tacaíocht foghlama agus oideachas speisialta á mhaoiniú ag an Rannóg d'Oideachas Múinteoirí de chuid na ROS agus cuirtear ar fáil é i seacht gcinn de choláistí agus ollscoileanna sa tír. Leanann an clár ar aghaidh ar feadh bliana amháin. Tá ocht seachtaine saoire san iomlán ag teastáil ó mhúinteoirí ó scoileanna / ionaid chun a bheith i láthair san áit ina bhfuil siad ag freastal ar an gclár. Bíonn na múinteoirí rannpháirteacha ag múineadh ina suíomhanna oideachais chun an chuid eile den gclár a chur díobh.

Tá cleachtas teagaisc faoi mhaoirseacht ina phríomhghné de chlár iarchéime atá á maoiniú ag an Rannóg d'Oideachas Múinteoirí. Ní dhámhtar an cháilíocht iarchéime ach ar iarrthóirí a n-éiríonn leo an teagasc praiticiúil a chur i gcrích go rathúil. Chuige seo bíonn orthu a thaispeáint go bhfuil inniúlacht acu maidir le foghlaim agus teagasc daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu agus daltaí a bhfuil teagasc tacaíocht foghlama ag teastáil uathu.

Téann an t-eolas, an tuiscint agus na scileanna a shealbhaíonn múinteoirí a thugann faoi na cláir seo chun ta irbhe d'éispéireas foghlama gach dalta a bhfuil riachtanais speisialta aige, iad siúd atá Bodhar nó a bhfuil lagú éisteacht orthu san áireamh.

### **Cláir Iarchéime in Oideachas na mBodhar**

Tá maoiniú curtha ar fáil ag an tSeirbhís Tacaíochta d'Oideachas Speisialta chun go bhféadfaidh múinteoirí tabhairt faoi chúrsaí as a leanann cáilíocht in oideachas na mBodhar. Go dtí seo tá freastal déanta ag múinteoirí ar na cláir iarchéime seo a leanas:

- Oideachas na mBodhar in Ollscoil Birmingham, Ollscoil Mhanchain agus Coláiste Mary Hare, Newbury, RA
- Éisteolaíocht Oideachasúil i gColáiste Mary Hare, Newbury, RA
- Ilchéadfach / Bodhaire agus daille, in Ollscoil Birmingham.

## **2.5 Soláthar i Láthair na Huaire: Tacaíochtaí a Mhaoinítear tríd an gCóras Sláinte**

### **2.5.1 Aithint agus measúnú**

Aithníonn an Roinn Sláinte a thábhacht agus atá sé luathidighabháil a dhéanamh i ngach duine óg a bhfuil moill ar a fhorbairt, de réir a chuid riachtanas. Baintear úsáid as tacaíochtaí sláinte nuair a thugtar riachtanais faoi deara seachas ar bhonn diagnóise (Foinse: Roinn na Sláinte, 2011).

Is féidir cailliúint éisteachta i bpáiste a aithint ar bhealaí éagsúla lena n-áirítear cuairt ar an dochtúir, scrúduithe ar fhorbairt a dhéanann an banaltra poiblí nuair a bhíonn páistí timpeall ar naoi mí d'aois nó seiceáil a dhéanann gairmithe eile a bhfuil baint ag an bpáiste leo.

Más dóigh le tuismitheoir/caomhnóir go mb'fhéidir go bhfuil míchumas ar a bpáiste atá faoi bhun cúig bhliana d'aois, is féidir leo iarratas a dhéanamh faoi Chuid 2 den Acht Míchumais, 2005 (Rialtas na hÉireann, 2005) ar measúnú riachtanais. Ní mór an measúnú seo a dhéanamh gan aird ar theorainneacha acmhainne nó infhaighteacht seirbhíse agus is iad Oifigigh Measúnachta de chuid FSS a shocraíonn an measúnú seo. Má aithnítear sa tuairisc go bhfuil gá le tacaíocht sláinte nó oideachais ullmhaítear ráiteas seirbhíse ina sonraítear na seirbhísí sláinte atá le cur ar fáil, faoi thagairt do na hacmhainní atá ar fáil. Ní sonraítear tacaíochtaí oideachais sa ráiteas sláinte más páiste atá faoi chaibidil sa ráiteas.

Má aithnítear riachtanais oideachais le linn an mheasúnú riachtanais cuireann an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta an rannchuidiú ón earnáil oideachais leis i gcomhar leis an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais faoi Mhír 8(3) den Acht Míchumais, 2005.

### 2.5.2 Cúram príomhúil agus saintacaíochtaí míchumais

Tá clár náisiúnta chun sainseirbhísí míchumais do pháistí agus daoine óga a athchumrú tionscanta ag FSS de réir moltaí a thug an Grúpa Tagartha Náisiúnta um Sheirbhísí Míchumais Ildhisciplíneach do pháistí in aois 5-18 mbliana (FSS, 2009). Sa tuarascáil seo moltar gur chóir seirbhísí sláinte do pháistí a sholáthar i gcomhar lena dtuismitheoirí agus chomh cóngarach dá mbaile agus is féidir. Ba chóir freastal ar pháistí ag an leibhéal cúraim phríomhúil áitiúil más féidir freastal ar a gcuid riachtanas ansin agus ba chóir iad a chur ar aghaidh chuig sainseirbhísí míchumais más gá, más riachtanais níos casta atá i gceist. Tá plean náisiúnta nua FSS bunaithe ar an smaoineamh go mbeidh gá le dlúthchomhar agus obair foirne idir seirbhísí sláinte agus scoileanna chun gur féidir cabhrú le páistí a n-acmhainn iomlán a bhaint amach.

#### Foirne cúraim phríomhúil

Is é ceann de na príomhchuspóirí atá ag FSS ná Foirne Cúraim Phríomhúil a chur le chéile a chuireann seirbhísí ar fáil sa phobal áitiúil. Ba chóir fisiteiripeoirí, teiripeoirí saothair, teiripeoirí urlabhra agus teanga agus síceolaithe a bhfuil oiliúint agus saineolas péidiat-raiceach acu a bheith ar fhoirne a fhreastalaíonn ar phobail 8,000-10,000 duine. Ar an gcuma seo tugtar rochtain dhíreach do dhaoine ar fhoirne comhtháite ildhisciplíneacha. Tá tugtha le fios ag FSS go mbeidh 530 foirne cúraim forbartha acu faoi 2011. Faoi dheireadh mhí na Nollag 2010 bhí 361 fhoireann ar bun ar fud na tíre (Foinse: FSS, 2011).

#### Sainseirbhísí míchumais do pháistí agus daoine óga

Mar a dúradh thuas, má tá riachtanais níos coimpléascacha ag páiste ba chóir go bhfreastalóidís ar fhoireann Luath-idirghabhála nó ar fhoireann aois scoile, de réir mar is cuí, ina gceantar líonra féin. Más féidir é, ba chóir don bhfoireann Luath-idirghabhála agus don bhfoireann aois scoile a bheith ag obair sa bhfoirgneamh céanna chun gur féidir cuid de na háiseanna a roinnt agus chun a chinntiú go ndéantar na seirbhísí a chomhordú go héifeachtúil.

Tá sé i gceist go dtacódh foirne fospeisialta le foirne cúraim phríomhúil agus le foirne líonraithe, de réir mar is cuí. Beidh na foirne fospeisialta ardoilte i sainréimsí lena n-áirítear míchumas intleachtúil, uathachas, míchumas coirp agus míchumas céadfach. Cuirfidh na foirne fospeisialta seo oiliúint agus comhairliú ar fáil do na foirne cúraim phríomhúil agus do na foirne líonraithe chomh maith le hidirghabháil theoranta dhíreach do pháistí nuair nach mór freagairt do riachtanais atá thar a bheith coimpléascach nó a éilíonn saineolas. Mar chríoch, déanfar sainseirbhísí leighis (néareolaíocht, speisialtóir cluas, srón agus scornach (CSS), éisteolaíocht) a chomhordú ag an leibhéal náisiúnta agus beidh teacht orthu i ngach réigiún.

### 2.5.3 Éisteolaíocht

Baineann seirbhísí éisteolaíochta le deacrachtaí éisteachta a aithint, a mheas agus a bhainistiú agus bíonn teacht orthu i suíomhanna pobail agus ospidéal de ghnáth.

Is iad seirbhísí éisteolaíochta de chuid FSS a thairgeann measúnú agus athshlánú do shealbhóirí Cárta Leighis Ghinearálta de ghnáth agus, lasmuigh de sin, do pháistí. Cuirtear na seirbhísí éisteolaíochta seo a leanas ar fáil:

- measúnú éisteolaíochta
- athshlánú cluaise, oiriúnú áis éisteachta agus comhairle maidir le bainistiú
- lorg a ghlacadh le haghaidh déantús múnla cluaise
- comhairle a thabhairt maidir le háiseanna cúnta éisteachta a úsáid agus roghanna athshlánaithe a phlé
- daoine a chur ar aghaidh chuig seirbhís cluas, srón agus scornach ghéarchúraim, clár ionchlannáin chochla, teiripe urlabhra agus teanga nó seirbhísí eile de réir mar is cuí,
- páistí a bhfuil cailliúint éisteachta orthu a chur ar aghaidh chuig Seirbhís na Múinteoirí Cuairtíochta.

Mar chríoch, mar chuid den aistriú foirne agus feidhmeanna ón mBord Náisiúnta Athshlánúcháin (BNA) a bhí ann roimhe, go dtí na hiarbhoird sláinte agus ar aghaidh chuig FSS atá againn sa lá atá inniu ann, ba ghnách le foireann riaracháin an BNA deisiúcháin bheaga a dhéanamh ar áiseanna éisteachta/múnlaí cluaise, mar shampla feadán nua a chur isteach. Cuirtear an tseirbhís seo ar fáil i gcónaí do chliaint ar bhonn 'buail isteach' i gcuid de na réigiúin.

De bhreis ar na seirbhísí sláinte poiblí cuireann roinnt eagraíochtaí deonacha tacaíocht ar fáil do pháistí Bodhra agus lagéisteachta agus dá dteaghlaigh. Áirítear orthu seo DeafHear, Comhghrúpa na nDaoine lagéisteachta in Éirinn, Cumann na nDaoine Bodhar agus seirbhís eolais ar líne (at [www.irishDeafkids.ie](http://www.irishDeafkids.ie)). Is é DeafHear an soláthraí is mó seirbhísí dá leithéid agus faigheann sé maoiniú suntasach ó FSS.

Áirítear ar na seirbhísí a thairgeann na heagraíochtaí seo seirbhísí tacaíochta teaghlaigh (obair shóisialta, comhairleoireacht, gníomhaíochtaí faoisimh agus teaghlaigh), teicneolaíocht chúnta agus áiseanna éisteachta cúnta, teiripe chumarsáide agus teagasc i léamh beola, eolas agus comhairle, teagasc i dteanga chomharthaíochta chomh maith le seirbhís sláinte mheabhrach agus seirbhís bodhaire. Faigheann na heagraíochtaí seo maoiniú ó FSS trí dheontais áitiúla a n-athraíonn a méideanna agus trí mhaoiniú díreach.

Cé go n-infheistítear €11.3 milliún, nach mór, in aghaidh na bliana d'aithin an tAthbhreithniú Éisteolaíochta Náisiúnta go bhfuil infhaighteacht agus seachada dh seirbhísí éisteolaíochta mar atá siad faoi láthair ábhairín easnamhach go náisiúnta. Rinneadh moltaí san athbhreithniú le n-iad a fheabhsú agus a fhorbairt. Tá €1.8 milliún curtha ar leataobh ag FSS chun seirbhísí éisteolaíochta feabhsaithe a chur ar fáil (FSS, 2010) trí Céim1 de na moltaí a rinneadh san Athbhreithniú Éisteolaíochta a chur i ngníomh (FSS, 2011).

#### **2.5.4 Scagthástáil uilíoch éisteachta naíonán**

Aithnítear scagthástáil Uilíoch Éisteachta Naíonán go hidirnáisiúnta mar dheachleachtas. Is próiseas é seo ina dtairgtear tástáil do gach leanbh nuabhreirthe chun iad seo a aithint atá i mbaol níos mó a gcumas éisteachta a chailliúint. Cuirtear tuilleadh eolais ar fáil do thuismitheoirí mar aon le tuilleadh tástálacha, más rogha leo é ag an am sin.

Moltar san Athbhreithniú Éisteolaíochta Náisiúnta gur chóir ‘tosaíocht a dhéanamh de clár uileghabhálach náisiúnta chun scagthástáil éisteachta do leanaí nuabheirthe a thabhairt isteach ar shlí go ndéanfaí scagthástáil ar chumas éisteachta gach linbh go gairid i ndiaidh breithe dó/dí.’ (FSS, 2011, lch.19). Moltar sa tuarascáil gur chóir deireadh a chur leis an tástáil seachráin do leanaí a dhéantar in aois ocht mí a luaithe agus atá Scagthástáil Uilíoch Éisteachta Naíonán tugtha isteach. Moltar sa tuarascáil leis, gur chóir an scagthástáil a bheith curtha i ngníomh ar fud na tíre go huile agus go hiomlán roimh dheireadh 2012 (FSS, 2011).

Áirítear ar aidhmeanna an chláir náisiúnta:

- scagthástáil éisteachta a thairiscint do gach leanbh nuabheirthe incháilithe in Éirinn trí úsáid a bhaint as prótacal náisiúnta comhaontaithe chun an scagthástáil a dhéanamh
- scagthástáil a dhéanamh ar gach leanbh incháilithe laistigh de cheithre seachtaine i ndiaidh breithe dóibh, trí úsáid a bhaint as na prótacail náisiúnta chomhaontaithe le haghaidh scagthástála agus maidir le leanaí a bhí in aonaid shainchúraim nó faoi ghéarchúraim ar feadh níos mó ná 48 n-uaire, go ndéanfaí an scagthástáil in aois iompair 44 seachtaine
- a chinntiú go gcuirtear leanaí ar aghaidh agus go ndéantar measúnú orthu go tráthúil i seirbhís éisteolaíochta chom-htháite má aithnítear go bhfuil measúnú ag teastáil uathu (FSS, 2011).

Luaitear sa tuarascáil go bhfuil monatóireacht leanúnach ar chumas éisteachta an pháiste le linn a óige thar a bheith tábhachtach mar chuid den gclár faireachais sláinte leanaí, chomh maith le monatóireacht éisteolaíoch ar pháistí atá i mbaol a gcumas éisteachta a chailliúint nó go laghdófaí air. Moltar go ndéanfadh scagthóirí tiomnaithe an scagthástáil i ngach ceann d’ospidéal mháithreachais de chuid FSS (FSS, 2011).

Tá maoiniú €1.9 milliúin curtha ar fáil i bPlean Seirbhíse Náisiúnta FSS 2011 chun scagthástáil Uilíoch Éisteachta Naíonán a chur i ngníomh de réir a chéile, de réir na samhla náisiúnta (FSS, 2010). Táthar ag oibriú de réir an chláir um an taca seo in Ospidéal Máithreachais Ollscoil Chorcaí agus tá pleananna á gcur chun cinn chun é a chur i ngníomh de réir a chéile i ngach ospidéal máithreachais a bhaineann le FSS an Deiscirt faoi dheireadh 2011. Tá pleananna réigiúnacha eile ag teacht chun cinn cé gur ar bhonn céimithe atá sé seo á dhéanamh.

### 2.5.5 Ionchlannú cochla

Tá an clár ionchlannáin chochla náisiúnta in ospidéal Beaumont ag freastal ar pháistí agus ar dhaoine fásta araon a bhfuil idir chailliúint éisteachta throm agus cailliúint éisteachta thromchúiseach orthu ó bunaíodh é sa bhliain 1995. Tá gairmithe ardoilte cáilithe a bhfuil saineolas acu ar bhodhaire ar an bhfoireann ildhisciplíneach, máinlianna Cluas, Srón agus Scornach ina measc, chomh maith le eolaithe éisteolaíochta, teiripeoirí urlabhra agus teanga, múinteoirí daoine Bodhra, síceolaithe agus riarthóirí.

Maoinítear an clár go poiblí ina iomláine agus cuimsíonn sé measúnú, oiriúnú áis éisteachta, idirghabháil máinliachta agus gach aon chúram leantach iar-obráide agus



bainistiú. Déantar measúnú ar leanaí in aois cúpla mí maidir lena n-oiriúnacht le haghaidh ionchlannáin chochla, agus cuireann an clár páistí a bhfuil riachtanais choimpléascacha acu san áireamh. I ndiaidh ionchlannán cochla a bheith déanta cuireann an clár ionchlannáin chochla bainistiú ar feadh an tsaoil ar fáil d'fhaighteoirí ionchlannáin chochla a bhfuil cónaí orthu i bPoblacht na hÉireann. Áirítear orthu seo daoine a d'aistrigh ó chláir eile ar fud an domhain. I láthair na huairé tá breis is 400 faighteoir ionchlannáin chochla faoi chúram an chláir agus tá a líon ag dul i méid i gcónaí.

De réir comhairimh reatha tá ionchlannán faighte ag 305 pháiste (idir naoi agus sé bhliana déag d'aois) mar chuid de chlár péidiatraiceach ó cuireadh tús leis i 1997. D'aistrigh mórán díobh chuig an gclár do dhaoine fásta nuair a bhí siad 16 bliana d'aois. Tugtar ionchlannán d'oiread is 40 páiste in aghaidh na bliana. Tugadh ionchlannán do 211 pháiste as an 257 bpáiste atá ar an gclár péidiatraiceach nuair a bhí siad faoi bhun cúig bliana d'aois agus fuair 42 díobh ionchlannán nuair a bhí siad idir cúig agus sé bliana déag d'aois. Is iad dochtúirí teaghlaigh, tuismitheoirí, speisialtóirí Cluas, Srón agus Scornaigh, éisteolaithe a dhéanann atreoruithe. Déantar othair a atreorú chuig an gclár leis, mar thoradh ar ghnáth-thástálacha éisteachta. Rinneadh 1,717 atreorú chuig an gclár ó cuireadh tús leis ach ní gá go meastar gach othar a atreoraítear a bheith oiriúnach le haghaidh ionchlannáin. (Foinse: An clár ionchlannáin chochla, Meitheamh 2011).

Moladh san Athbhreithniú Éisteolaíochta Náisiúnta FSS (FSS, 2011) go leanfaí de thacaíocht airgeadais don gclár ionchlannáin chochla a chur i leataobh ach gur chóir go ndéanfaí é seo ar leibhéal a éascaíonn ionchlannú déthaobhach com-huaineach do pháistí. Moladh sa tuarascáil leis, an clár ionchlannáin chochla a chomhtháthú le éisteolaíocht péidiatraiceach san ospidéal péidiatraiceach náisiúnta nua.

### 2.5.6 Teiripe urlabhra agus teanga

Is é atá san áireamh le teiripe urlabhra agus teanga ná measúnú, diagnóis, aithint agus athshlánú daoine a bhfuil mí-oird chumarsáide orthu. Is grúpa ilchineálach iad páistí Bodhra agus lagéisteachta agus ní theastaíonn teiripe urlabhra agus teanga ó gach páiste sa ghrúpa seo (Foinse: Cumann na dTeiripeoirí Urlabhra agus Teanga in Éirinn, 2011). Bíonn aidhmeanna agus cuspóirí éagsúla ag teiripe urlabhra agus teanga, ag brath ar an gcineál bodhaire, aois an pháiste agus ar an saghas deacrachta cumarsáide.

Bíonn teiripeoirí urlabhra agus teanga ag obair i gcomhar le baill eile den bhfoireann ildisciplíneach chun freastal ar riach-tanais na bpáistí seo. Áirítear orthu seo na tuismitheoirí, múinteoirí na mBodhar, éisteolaithe agus gairmithe sláinte agus oideachais eile. Is féidir teiripe urlabhra agus teanga a sheachadadh i gceann ar bith de na suíomhanna seo a leanas:

- suíomhanna cúraim phríomhúil
- foirne míchumais
- sainfhoirne ionchlannáin chochla
- sainscoileanna do pháistí Bodhra agus lagéisteachta.

Le linn an phróiseas comhairliúcháin chuir tuismitheoirí in iúl go raibh liostaí feithimh fada le haghaidh teiripe urlabhra agus teanga i gceantair áirithe den tír. D'fhéadfadh

teiripe urlabhra agus teanga do pháistí Bodhra agus lagéisteachta na nithe seo a leanas a chuimsiú:

- ag obair le tuismitheoirí ar chlár chun cumarsáid agus éisteacht a spreagadh sa bhaile
- oiliúint a chur ar mhúinteoirí agus ar phearsanra oideachais eile chun cumarsáid agus éisteacht sa seomra ranga a spreagadh
- teiripe leis an bpáiste aonair
- teiripe grúpa le grúpaí páistí (d'fhéadfadh páistí Bodhra agus lagéisteachta amháin a bheith sa ghrúpa nó d'fhéadfadh páistí nach bhfuil aon chailliúint éisteachta orthu a bheith sa ghrúpa in éineacht leo).

Más páistí Bodhra agus lagéisteachta atá i gceist, oibríonn teiripeoirí urlabhra agus teanga leis an bpáiste chun forbairt cumarsáide a chur chun clnn. Is tábhachtach an rud é go dtuigfidh teiripeoirí urlabhra agus teanga na sainriachtanais teanga atá ag páistí Bodhra agus lagéisteachta, agus go leanfaidh siad orthu ag obair as lámh a chéile le gairmithe eile ar fhorbairt agus monatóireacht leanúnach ar chlár.

## Caibidil 3

Scrúdú agus Léirmhíniú na dTorthaí  
a bhí ar Staidéir Thaighde agus  
Doiciméadú Beartais Eile a  
bhaineann le hÁbhar





## **3 Scrúdú agus Léirmhíniú na dTorthaí a bhí ar Staidéir Thaighde agus Doiciméadú Beartais Eile a bhaineann le hÁbhar**

Sa chuid seo tugtar achoimre ar na príomhthorthaí agus na príomh-mholtaí ó staidéir thaighde agus ó dhoiciméadú beartais a bhaineann le hábhar.

### **3.1 Aithint Luath**

Imríonn cailliúint éisteachta luath tionchar fíorshuntasach ar chumas páistí a n-acmhainn iomlán a bhaint amach ó thaobh forbartha agus ó thaobh oideachais de (Marschark agus Spencer, 2009). Tá sé seo amhlaidh mar tá fianaise againn go bhfuil tábhacht as cuimse ag baint leis an sé mhí tosaigh de shaol an pháiste i ndáil le forbairt teanga (Yoshinaga-Itano et al, 1998). Chun teanga ar bith a shealbhú ní mór do pháistí a bheith 'i dteagmháil le hionchur teanga inrochtana ó thaobh cáilíochta agus cainníochta de, in idirghníomhartha lánbhí le daoine eile ar úsáideoirí cumasacha na teanga iad cheana' (Mayer, 2007, lch. 411). Baineann na coinníollacha seo le teanga labhartha agus teanga chomharthaíochta araon. Dá bhrí sin is tábhachtach an rud é go mbeidh teacht ag naíonán ar fhuaim (idir fhuaim thimpeallachta agus fuaim labhartha) agus ar chumarsáid mhaith chomh luath agus is féidir ina shaol.

De bharr go bhfuil dul chun cinn suntasach déanta le blianta beaga anuas maidir le bodhaire a dhiagnóisiú go luath is féidir linn deimhin a dhéanamh de go bhfaighidh an naíonán áiseanna éisteachta a luaithe agus is féidir agus go dtugtar ionchlannán cochla dó go luath ina shaol má chuirtear a leithéid in iúl. Le háiseanna teicneolaíochta, ionchlannán clocha san áireamh, is féidir teagmháil an pháiste le fuaim agus le teanga a mhéadú agus ar an gcuma seo is féidir níos mó deiseanna a thabhairt don bpáiste teanga a shealbhú in aois an-óg dó. Deir Marschark go bhféadann 'Luath-idirghabháil éifeachtach na constaicí ar fhoghlaim a bhíonn roimh pháistí Bodhra agus lagéisteachta a mhaolú go mór de réir dealraimh, cé nach féidir leo iad a dhíchur. Tá sé seo fíor maidir le blianta luatha saol an pháiste ar aon nós' (Marschark agus Spencer, 2009).

De réir torthaí taighde bíonn gnáthfheidhmiú teanga agus liteartha i bpáistí óga a bhfuil cailliúint éisteachta orthu sa réimse céanna le páistí a bhfuil éisteacht acu má chuirtear Luath-idirghabháil éifeachtach ar fáil, cé gur ar an leibhéal 'meánach íseal' a bhíonn a gcumas (Moeller, 2000; Yoshinaga-Itano, 2003 luaite i Marschark agus Spencer, 2009). Deir Marschark nach bhfuil gá chomh mór sin, dá thoradh sin, le diantacaíocht ó theiripeoirí urlabhra agus teanga agus ó Sheirbhís na Múinteoirí Cuairtíochta agus ó sheirbhísí múinteora acmhainne nuair a bhíonn an páiste níos sine.

Tacaíonn an tAthbhreithniú Éisteolaíochta Náisiúnta le torthaí Marschark sa mhéid go molann sé go bhfuil fianaise láidir againn go dtéann diagnóis luath agus Luath-idirghabháil go mór chun tairbhe do pháistí a bhfuil bodhaire bhuan agus lagú éisteachta orthu agus gur féidir na torthaí feabhsaithe seo a bhaint amach ar chostas cúram sláinte íseal, a bheag nó a mhór (FSS, 2011).

### 3.2 Cláir Luath-idirghabhála

Beidh cur i ngníomh Scagthástáil Uilíoch Éisteachta Naíonán agus diagnóisiú luath ar chailliúint éisteachta ag imirt tionchair ar na seirbhísí a thacaíonn le páistí Bodhra agus lagéisteachta agus lena dteaghligh. Taispeánann Yoshinaga-Itano (2003) go dtugtar deis do theaghligh a bhfuil naíonán acu tús a chur le seirbhísí Luath-idirghabhála má dhéantar cailliúint éis-teachta a dhiagnóisú laistigh den chéad cúpla mí dá shaol. Mar thoradh ar an Luath-idirghabháil beidh feabhas suntasach ar a fhorbairt teanga, urlabhra agus sóch-mhothúchánach. Dá bhrí sin tá gá le cláir idirghabhála éifeachtacha a chur ar bun a chuirfeadh i ngníomh i ndiaidh diagnóise luaithe.

Tá gnéithe dea-chleachtais maidir le cláir Luath-idirghabhála bunaithe (Yoshinaga-Itano 2003), mar seo a leanas:

- is gairmithe oilte iad soláthraithe na seirbhísí Luath-idirghabhála. Faigheann siad oiliúint inseirbhíse bhreise go rialta
- tugtar seirbhísí do thuismitheoirí ar feadh 1-1.5 uaire in aghaidh na seachtaine agus cuireadh eolas ar fhorbairt an pháiste, straitéisí cumarsáide agus luath-shealbhú teanga
- déantar an chéad teagmháil láithreach bonn i ndiaidh diagnóise agus cuirtear oiliúint speisialta ar ghairmithe chun tacaíocht mhothúchánach a chur ar fáil de réir mar is gá
- tugtar an t-eolas agus an treoir do thuismitheoirí a bhfuil gá leis chun cabhrú leo tús a chur le cur chuige i leith úsáid teanga a aimsiú, cé gur féidir an cinneadh tosaigh seo a mhionathrú nuair is cuí
- tá roghanna éagsúla le haghaidh cur chuige teanga ar fáil agus is féidir cinntí a athrú i rith ama
- déantar measúnú ar dhul chun cinn i bhforbairt páiste dhá uair sa bhliain agus baintear úsáid as na torthaí chun cabhrú le thuismitheoirí cinntí maidir le tacú le forbairt an pháiste a dhéanamh nó a athbhreithniú.

### 3.3 Cláir Ionchlannáin Chochla

Moltar ionchlannán cochla mar rogha do dhaoine a bhfuil bodhaire throm nó thromchúiseach orthu agus nach bhfuil áise-anna éisteachta fuaimiúla ag dul chun tairbhe dóibh. Tá cruthúnas maith ar bhuntáistí an ionchlannáin chochla chomh maith leis an buntáiste bhreise a ghabhann le hionchlannán déthaobhach do pháistí (FSS, 2011).

Deir Marschark nárbh fhíor do thuairimí a bhí ann roimhe seo, go ndéanfadh ionchlannán "páistí a bhfuil éisteacht acu de pháistí a bhí bodhar" agus nach 'bhfágann siad páistí Bodhra leathshlí idir saol na mBodhar agus saol na ndaoine a bhfuil éisteacht acu'. De réir taighde atá ar fáil bíonn mar thoradh ar ionchlannán cochla a úsáid go bhfuil teacht ag páistí atá Bo-dhar amach is amach ar eolas a thagann as fuaim atá inchurtha leis an eolas a fhaigheann páiste a bhfuil cailliúint éisteachta idir mheasartha agus tromchúiseach air agus a úsáideann áis éisteachta. Is buntáiste é seo maidir le cúrsaí oideachais ach mar sin

féin fágann sé go bhfuil teorannú ar an bpáiste agus go bhfuil gá aige le tacaíocht oideachasúil bhreise (Marschark agus Spencer, 2009).

### 3.4 Samhlacha Oideachais

Níl an t-aon samhail oideachais amháin ar fáil a dhéanann an gnó go foirfe do gach páiste Bodhar agus lagéisteachta. Is léir ó thaighde go bhfuil gá leis an iliomad suíomhanna oideachais, idir scoileanna agus chlár ar leith do pháistí Bodhra agus lagéisteachta agus seomraí ranga lánchuimsitheacha ina bhfuil teacht ag na páistí ar na seirbhísí tacaíochta riachtanacha agus iad i measc a gcuid piaraí a bhfuil éisteacht acu, ag an am céanna. Tá fianaise againn gurb é meascán de shuíomhanna dá leithéid is mó a théann chun tairbhe dóibh; bíonn ar chumas páistí aistriú isteach agus amach as suíomhanna éagsúla agus iad siúd a aimsiú is mó is dóichí a chuirfidh ar a gcumas dul chun cinn a dhéanamh (Marschark agus Spencer, 2009).

De réir torthaí taighde níl an cineál socrúchán scoile ina chúis le puinn níos mó ná 1-5% den difríocht i dtorthaí acadúla páistí Bodhra agus lagéisteachta tar éis dúinn an dalta aonair agus tréithe teaghlaigh a chur san áireamh. (Marschark et al, 2011). Ina theannta sin taispeánann taighde a rinneadh le déanaí go 'bhféadfadh daltaí Bodhra agus lagéisteachta an oiread cé-anna lena bpiaraí a bhfuil éisteacht acu a fhoghlaim má mhúineann múinteoirí do dhaoine Bodhra a bhfuil taithí acu iad i seomraí ranga measctha, fiú amháin má thagann siad isteach sa rang gan an cur amach céanna a bheith acu ar ábhar an ranga' (Marschark agus Spencer, 2009).

### 3.5 Oideachas Dátheangach

Is é is brí le hoideachas dátheangach ná go bhfuil teanga chomharthaíochta nádúrtha an pháiste múnlaith mar theanga dhúchais agus mar phríomhuirlis chumarsáide an pháiste agus go nglactar léi sa bhfeidhm sin; baintear úsáid aisti leis, mar theanga an tseomra ranga agus mar dhroichead chun litearthacht i dteanga labhartha an phobail fhoghlama a fhoghlaim (Marschark agus Spencer, 2009). Anseo in Éirinn ciallaíonn dátheangachas go mbaineann an páiste líofacht amach i dTeanga Chomharthaíochta na hÉireann agus i mBéarla nó i nGaeilge (labhartha agus / nó scríofa).

De réir Marschark agus Spencer (2009), níl ach fíorbheagán fianaise taighde againn go dtí seo a thaispeánann go bhfuil tionchar dearfach ag oideachas dátheangach ar ghnóthachtáil acadúil. Meastar áfach, nach ndéanann oideachas dátheangach 'aon dochar agus gur léir go gcuireann sé le teacht chun cinn sóch-mhothúcháinach agus idirphearsanta' (lch. 207).

### 3.6 Litearthacht agus Uimhearthacht a Shealbhú

Imríonn cailliúint éisteachta a tharlaíonn go luath i saol an pháiste tionchar mór ar a chumas a acmhainn iomlán a bhaint amach ó thaobh forbartha agus ó thaobh oideachais de (Marschark agus Spencer, 2009). Bíonn moill shuntasach ar leibhéil ghnóthachtála acadúla páistí Bodhra agus lagéisteachta i gcomparáid leo siúd a bhaineann páistí a bhfuil éisteacht acu amach, fiú amháin má tá a gcumas cognaíoch mar an gcéanna. Déanann

Marschark tagairt d'obair Allen (1984) agus Traxler (2000) a thuairiscigh go bhfuil an meánleibhéal tuiscint léitheoireachta a bhaineann páistí Bodhra agus lagéisteachta sna SA amach faoin am a fhágann siad an scoil cosúil leis an leibhéal atá ag páistí an cheathrú gráid a bhfuil éisteacht acu, páistí atá naoi mbliana d'aois ar an meán. Ina theannta sin baineann mic léinn Bhodhra agus lagéisteachta atá 17-18 mbliana d'aois scóir mhatamaitice amach atá cosúil leo siúd a bhaineann daltaí a bhfuil éisteacht acu amach sa chúigiú nó sa tséú bliain ar scoil, daltaí atá 10-12 bhliain d'aois. Baineann Marschark de thátal as seo go dtéann na deacrachtaí litearthachta agus matamaitice seo go dona do chumas an chohóirt seo eolas agus scileanna i réimsí acadúla eile a ghnóthú (Marschark agus Spencer, 2009).

D'fhéadfadh cúiseanna éagsúla a bheith le deacrachtaí atá ag daltaí Bodhra agus lagéisteachta. Áirítear orthu nach mbaineann siad dóthain úsáide as straitéisí meitea-choigniúcha, nach dtugann siad dóthain airde lena súile ar eolas a thug-tar i seomraí ranga, nach bhfuil dóthain scileanna teanga acu chun téacsanna scríofa agus eolas a cuirtear ina láthair sa rang a thuiscint agus nach bhfuil dóthain baint acu le gníomhaíochtaí a dtéitear ina mbun chun fadhbanna a réiteach le linn an ranga.

Tugann athbhreithniú Marschark le tuiscint go bhfuil bunús fianaise ag teacht chun cinn maidir le cur chuige oideachasúil lena gcuirtear scileanna litearthachta agus uimhearthachta ar aghaidh gan aird ar modhanna nó bealaí oibre a úsáidtear le haghaidh forbairt teanga. Áirítear iad seo a leanas orthu go ginearálta:

- teagasc díreach a sholáthraítear i gcomhthéacsanna lánbhrí idirghníomhacha
- eispéiris luath roinnte i léamh agus scríobh
- coincheapa matamaitice a chur i láthair don tsúil
- gníomhaíochtaí scríofa a fhí isteach i ranganna eolaíochta agus ranganna gaolmhara (de réir dealraimh chuireann sé seo forbairt coincheapa agus scileanna litearthachta chun cinn).

Is fíor a thabhairt faoi deara go mbíonn gnóthachtáil níos fearr ag daltaí más saineolaithe ábhair iad na múinteoirí agus má tá eolas acu ar riachtanais foghlama ar leith na ndaltaí lagéisteachta (Marschark agus Spencer, 2009).

Níl ach fíorbheagán fianaise taighde ar fáil ar eispéiris atá ag daltaí Bodhra agus lagéisteachta i scoileanna in Éirinn. Choimisiúnaigh an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta staidéar le déanaí chun iniúchadh a dhéanamh ar theacht ar an gcuraclam i ndáil le daltaí a bhfuil riachtanais oideachais éagsúla acu i ranganna idir naíonáin sóisearacha agus an dara rang i scoileanna príomhshrutha. (Ware et al, 2011). Bhí trí pháiste a bhfuil lagú éisteachta orthu i measc páistí an staidéir, duine díobh i rang na naíonán sóisearacha, duine eile sa chéad rang agus an tríú duine sa dara rang. Is ag féachaint ar an rang a bhí na taighdeoirí agus bhaineadar de thátail as gur éirigh le straitéisí difreála formhór den am chun teacht ar an gcuraclam a éascú do mhórchuid na bpáistí a bhí rannpháirteach sa staidéar cáis seo. Rinneadh leathchuid den bhreathnadóireacht taighe ar pháistí le linn ceachtanna litearthachta agus uimhearthachta. Fuair na taighdeoirí amach áfach, nach dóichí go bhfaigheadh an triúr páistí a bhfuil lagú éisteachta orthu an oiread deiseanna teacht ar an gcuraclam leis na páistí a bhfuil riachtanais



speisialta oideachais eile acu. Maidir leis na cásanna seo ar fad ba léir ó na hagallaithe gurbh iad an diagnóis dhéanach agus an mhoill ar teicneolaíocht chúnta chuí a chur ar fáil dóibh ba chúis leis i bpáirt ar a laghad. Is tábhachtach an rud é na torthaí seo a chur san áireamh mar is cuí ní féidir aon ghinearálú a dhéanamh orthu de bharr nach raibh ach líon fíorbheag páistí rannpháirteach sa staidéar.

### **3.7 Tacaíocht Teagaisc do Pháistí a bhfuil Cailliúint Éisteachta Mheasartha orthu**

Tá sé ráite san Athbhreithniú Éisteolaíochta Náisiúnta (FSS, 2011) go bhféadfadh cailliúint éisteachta ‘mheasartha’ bhuan agus / nó cailliúint éisteachta aontaobhach tionchar díobhálach a imirt ar dhul chun cinn an pháiste san oideachas. Leanann deacrachtaí as sin, go háirithe do pháistí a bhfuil riachtanais choimpléascacha eile acu. Deir Marschark leis, go dtugann fianaise nua le tuiscint go bhfuil páistí a bhfuil cailliúint éisteachta ‘mheasartha’ nó ‘fhíorbheag’ orthu i mbaol ó thaobh gnóthachtála acadúla de (Marschark agus Spencer, 2009).

### **3.8 Páistí a bhfuil Míchumais Bhreise orthu**

Tá riachtanais choimpléascacha bhreise ar an tríú chuid de pháistí Bodhra agus lagéisteachta, a bheag nó a mhór (FSS, 2011); áirítear orthu seo deacrachtaí coirp, aigne, intleachta, mothúcháin agus iompair chomh maith le mí-ord ar speictream an uathachais. Chomh maith leis sin d’fhéadfadh lagú éisteachta agus lagú radhairc i dteannta a chéile a bheith ar pháistí, rud ar a dtugtar ‘Bodhaire agus Daille, de ghnáth. Deir Marschark agus Spencer nach féidir glacadh le haon bhonn tuisceana maidir le hinniúlachtaí acadúla duine ar bhonn míchumais áirithe a bheith air ach mar sin féin iolraíonn tionchar míchumais de réir mar a mhéadaíonn ar a throime nó ar a líon. Is é rud amháin a bhfuil gá leis dá thoradh ná a chinntiú go bhfreastalaíonn pleanáil oideachais ar éagsúlacht leathan riachtanas agus cumas (Marschark agus Spencer, 2009).

Uaireanta bíonn riachtanais choimpléascacha ilghnéitheacha ar pháistí Bodhra agus lagéisteachta a bhfuil míchumais bhreise orthu agus ní mór do phleanáil oideachais díriú orthu. Deir Marschark agus Spencer go bhfuil níos mó ná speisialtóir amháin ag teastáil chun seirbhís a sholáthar do pháistí a bhfuil míchumais iolracha orthu. Ina theannta sin tá gá le seachadadh seirbhíse níos déine ná mar a dhéantar i gcás páistí nach bhfuil ach caillteanas éisteachta leis féin orthu (Marschark agus Spencer, 2009).

### **3.9 Forbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí Páistí Bodhra agus Lagéisteachta**

Tá comhaontú ginearálta sa litríocht go bhfuil rí-thábhacht ag baint le hoiliúint an mhúinteora maidir le hoideachas páistí Bodhra agus lagéisteachta. De réir staidéar nua is dóigh do na hathróna múinteora a bheith ina gcúis le leathchuid den ath-raitheas ar thorthaí acadúla idir daltaí Bodhra agus lagéisteachta agus daltaí a bhfuil éisteacht acu. Taispeánann staidéir chomh maith, go bhfuil difríochtaí ag teacht chun cinn idir

múinteoirí a bhfuil taithí acu agus iad siúd nach bhfuil taithí acu ar mhúineadh daltaí Bodhra agus lagéisteachta (Marschark et al, 2011).

Deir Marschark cé gur léir gur mó na cosúlachtaí ná na difríochtaí atá idir daltaí Bodhra agus lagéisteachta agus daltaí a bhfuil éisteacht acu ní hionann sin agus a rá gur páistí a bhfuil éisteacht acu nach féidir leo éisteacht iad páistí Bodhra agus lagéisteachta (Marschark et al, 2011). Taispeánann taighde a rinneadh le déanaí go bhfuil eolas difriúil, stíleanna foghlama difriúla agus cur chuige difriúil i leith réiteach faidhbe ag páistí Bodhra agus lagéisteachta. De bhreis air sin tá difríochtaí móra idir páistí Bodhra agus lagéisteachta aonair. Tá comhaontú ginearálta sa litríocht go bhfuil teacht ar theagasc i réimsí curaclaim breise ag teastáil ó pháistí Bodhra agus lagéisteachta, réimsí ar nós úsáid teicneolaíochta cúnta agus teanga chomhar-thaíochta, chun go bhfaighidís rochtain ar chroí an churaclaim.

D'fhonn feabhas a chur ar thorthaí oideachais páistí Bodhra agus lagéisteachta ní mór do mhúinteoirí oiliúint a bheith acu a chabhraíonn leo cumais chognaíocha agus teanga na bpáistí sin a aithint agus a thuiscint agus a chuireann ar a gcumas úsáid a bhaint as ábhair agus as modhanna a oireann dá slí foghlama. Ní mór do mhúinteoirí a fháil amach cén t-eolas atá ag na páistí Bodhra agus lagéisteachta cheana féin ar ábhar áirithe agus ní mór dóibh a thuiscint conas a shealbhaíonn na páistí eolas nua, chomh maith le modhanna ina mbaineann siad úsáid as an méid atá ar eolas acu. Ní mór do mhúinteoirí a thuiscint go soiléir go mb'fhéidir go dteastaíonn cúnaimh fadthéarmach ó pháistí Bodhra agus lagéisteachta chun teacht ar shlite éifeachtacha le fadhbanna a réiteach agus chun eolas as foinsí éagsúla a chomhtháthú. Ní mór do mhúinteoirí taithí a bheith acu ar na modhanna seomra ranga a úsáideann múinteoirí páistí Bodhra agus lagéisteachta a n-éiríonn leo torthaí a bhaint amach chun cabhrú leis na páistí foghlaim agus leas a bhaint as an oideachas. Ina theannta sin ní mór do mhúinteoirí úsáid a bhaint as forbairt ghairmiúil ina bhfaigheann siad an t-eolas thuas mar aon le scileanna breise chun go dtuigfidís páistí Bodhra agus lagéisteachta agus chun gur féidir leo rudaí a mhúineadh dóibh (Marschark et al, 2011).

### 3.10 Tacáíochtaí Fisiciúla atá ag Teastáil sa Seomra Ranga

Is rud tábhachtach í timpeallacht fhisiciúil an tseomra ranga maidir le teacht ar oideachas a éascú do pháistí Bodhra agus lagéisteachta. Is fadhb ar leith é torann cúlra do na páistí seo, iad seo a úsáideann áiseanna éisteachta agus ionchlannáin chochla san áireamh. Dá bhrí sin ní mór déileáil le fuaimíocht an tseomra ranga. Rinneadh measúnú ar riachtanais páistí i seomraí ranga príomhshrutha i staidéar sna SA (Wilkins agus Ertmer, 2002, luaite i Marschark agus Spencer, 2009). Bhaineadar de thátaí as go raibh gá leis na nithe seo a leanas: suíocháin tosaíochta; úsáid córas minicíocht-modhnaithe pearsanta agus úsáid córas minicíocht-modhnaithe réimse fuaime; ina theannta sin ba chóir ábhar tábhachtach a chur os comhair na bpáistí i scríbhinn agus a dtuiscint ar an ábhar a scrúdú ina dhiaidh sin (Marschark agus Spencer, 2009).

De bhreis air seo is féidir rochtain a éascú leis, trí téacs a sholáthar i bhfíor-am (fótheidealú fíor-ama) agus trí ateangaireacht teanga comharthaíochta dóibh siúd a úsáideann an teanga seo. Tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar staidéir ar úsáid na dtacáíochtaí seo le

grúpaí éagsúla daltaí Bodhra agus lagéisteachta baineann Marschark agus Spencer de thátal as,

... nach bhfuil ceachtar díobh, ateangaireacht teanga comharthaíochta ná téacs fíor-ama níos fearr ná a chéile de dhroim buntáiste bunúsach ginearálta a bheith aige, chun tacú le daltaí Bodhra agus lagéisteachta i suíomhanna iarbhunscoile nó tríú leibhéal' (Marschark agus Spencer, 2009: 165).

Is tábhachtach an rud é áfach gur fearr iad araon mar thaca cumarsáide ná gan taca ar bith a úsáid cé nach gcuireann siad deireadh leis na difríochtaí idir daltaí Bodhra agus lagéisteachta agus daltaí a bhfuil éisteacht acu (Marschark agus Spencer, 2009).

Ní mór dúinn a thabhairt faoi deara go mbeireann daltaí a bhfuil éisteacht acu barr ar dhaltaí Bodhra agus lagéisteachta gan teip i dtástálacha iartheagaisc má ghlactar daltaí a bhfuil éisteacht acu san áireamh i staidéir thaighde, is cuma cé acu an bhfuil nó nach bhfuil téacs fíor-ama, ateangaireacht i dteanga chomharthaíochta nó teagasc díreach faighte ag na daltaí Bodhra agus lagéisteachta ó mhúinteoirí a rinne an chomharthaíocht iad féin (Marschark agus Spencer, 2009).

### 3.11 Feidhm an Chúntóir Riachtanas Speisialta

Le linn cuairteanna ar scoileanna thug príomhoidí agus múinteoirí le tuiscint gur minic a bhíonn taithí ag cúntóirí riachtanas speisialta ar bhodhaire agus go mbíonn saeolas ar Theanga Chomharthaíochta na hÉireann acu sa tslí go mbíonn siad in ann seirbhísí tacaíochta ar nós ateangaireacht teanga comharthaíochta a chur ar fáil don bpáiste Bodhar agus lagéisteachta (Marschark agus Spencer, 2009). Ag an am céanna deir Marschark agus Spencer go ndealraíonn an scéal go mbíonn daltaí Bodhra agus lagéisteachta ag brath ró-mhór ar chúntóirí riachtanas speisialta nach bhfuil aon 'oiliúint' orthu, uaireanta, bíodh is gur cúntóirí díograiseacha dea-mhéiniúla iad (lch.91).

Baineadh de thátal as an Athbhreithniú um Luach ar Airgead maidir le Caiteachas ar Scéim na gCúntóirí Riachtanas Speisialta (ROS, 2011b) a foilsíodh le déanaí nach mór an scéim a athshonrú d'fhonn deimhin a dhéanamh de go leithdháiltear na hacmhainní Cúntóirí Riachtanas Speisialta go héifeachtach agus d'fhonn gné an 'chúraim' in obair an Chúntóir Riachtanais Speisialta a shoiléiriú ar mhaithe le tuismitheoirí, scoileanna agus gairmithe. Tá sé ráite sa tuarascáil leis, gur chóir na critéir a ghabhann le leithdháileadh tacaíochta ó Chúntóirí Riachtanais Speisialta a athshonrú go soiléir agus gur chóir athbhreithniú a dhéanamh orthu go leanúnach. De bhreis air seo tá sé curtha in iúl sa tuarascáil go bhfuil sainfheidhmeanna ag Cúntóirí Riachtanas Speisialta chun tacú le páistí a bhfuil lagú céadfach orthu agus moltar inti gur chóir feidhm an Chúntóir Riachtanais Speisialta a athshonrú chun a chinntiú go gcuimsíonn sí na dualgais a bhfuil gá leo chun tacú leis na riachtanais chúraim atá ag daltaí Bodhra agus lagéisteachta (ROS, 2011b).

### 3.12 Struchtúir Chomhoibríocha a Fhorbairt

Measann Marschark agus Spencer (2009) go mbeidh gá le comhoibriú nach raibh a leithéid ann roimhe, idir Roinn na Sláinte agus an Roinn Oideachais agus Scileanna, má táthar chun scagthástáil a chur i ngníomh ar fud na tíre. Molann siad go mbeidh gá le

hoiliúnt níos fearr do Sheirbhís na Múinteoirí Cuairtíochta nó le hathstruchtúru na Seirbhíse, i dteannta le hoiliúint fheabhsaithe d'Eagraithe Riachtanas Speisialta Oideachais. De bhreis air sin beidh gá le gréasán náisiúnta seirbhísí éisteolaíochta, urlabhra agus teanga.

## Caibidil 4

# Comhairle Beartais ón gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta





## **4 Comhairle Beartais ón gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta**

### **4.1 Prionsabail atá mar Bhuntaca leis an gComhairle Beartais**

Leagann an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta na prionsabail seo a leanas amach mar bhuntaca lena cuid comhairle maidir le hoideachas páistí Bodhra agus lagéisteachta. I dtuairim na Comhairle ba chóir an sprioc seo a chur: go mbeidh páistí Bodhra agus lagéisteachta ag fágáil na scoile agus gnóthachtálacha oideachais bainte amach acu atá inchurtha leo siúd atá bainte amach ag a gcuid piaraí comhchumais a bhfuil éisteacht acu.

1. De réir Alt 2 d'Acht EPSEN 2004 ba chóir oideachas a chur ar pháistí Bodhra agus lagéisteachta i dtimpeallacht chuimsitheach in éineacht le páistí nach bhfuil a leithéid de riachtanais acu ach amháin mura bhfuil sé seo ag teacht le leas is fearr an pháiste faoi mar atá cinntithe ag measúnú a rinneadh faoin Acht nó le soláthar éifeachtach oideachais do pháistí atá chun oideachas a fháil in éineacht leis an bpáiste (Rialtas na hÉireann, 2004).
2. Ba chóir an rochtain céanna a bheith ag páistí Bodhra agus lagéisteachta agus atá ag a bpiaraí ach ba chóir a aithint go bhfuil riachtanais ar leith acu i ndáil le sealbhú teanga agus cumarsáide.
3. Ní mór díriú isteach níos mó ar riachtanais a aithint níos luaithe agus idirghabháil a dhéanamh níos luaithe chun gur féidir na tacaíochtaí a bhfuil gá leo a eagrú d'fhonn cabhrú le páistí Bodhra agus lagéisteachta teanga a shealbhú go lu-ath.
4. Ní mór do mhúinteoirí na scileanna cuí a bheith acu chun freastal ar riachtanais páistí Bodhra agus lagéisteachta i suíomhanna scoile príomhshrutha agus i suíomhanna scoile speisialta.
5. Ba chóir do pháistí Bodhra agus lagéisteachta teacht a bheith acu ar oideachas ar bhonn cuí ar fud na tíre.
6. Ba chóir tacú le páistí Bodhra agus lagéisteachta ar bhonn comhoibríoch idir earnáil na sláinte agus earnáil an oideachais.

### **4.2 Na Príomh-mholtaí**

Sa chomhairle beartais seo ón gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta glactar riachtanais oideachais daltaí Bodhra agus lagéisteachta a bhfuil cailiteanas éisteachta buan orthu san áireamh, idir na daltaí a bhfuil cailiteanas éadrom nó aon-taobhach orthu agus iad siúd a bhfuil cailiteanas tromchúiseach déthaobhach orthu. Cuimsíonn an cohórt seo daltaí a bhfuil riachtanais oideachais aonair agus riachtanais oideachais ilghnéitheacha acu.

### 4.2.1 Luath-idirghabháil

#### (a) Aithint luath

Mar thoradh ar fhianaise a bheith againn go bhfuil Luath-idirghabháil ríthábhachtach do pháistí Bodhra agus lagéisteachta fáiltíonn an Chomhairle roimh an moladh ón nGrúpa Náisiúnta um Athbhreithniú Éisteolaíochta go 'dtabharfaí isteach clár uilíoch scagthástáil éisteachta ar leanaí nuabheirthe mar thosaíocht chun go ndéanfaí scagthástáil ar chumas éisteachta gach uile linbh go luath i ndiaidh a bhreithe' (FSS, 2011, lch. 19).

#### (b) Cláir luath-idirghabhála

Tá fianaise shoiléir againn gur chóir clár Luath-idirghabhála éifeachtach a chur i ngníomh tar éis caillteanas éisteachta a aithint i dtreo go bhfuil tacaíocht á fáil ag an bpáiste Bodhar agus lagéisteachta chun líofacht a bhaint amach i dteanga a luaithe agus is féidir. Sa litríocht moltar gur chóir na nithe seo a leanas a chuimsiú i gcláir Luath-idirghabhála do pháistí Bodhra agus lagéisteachtaí:

- eolas cuimsitheach oibiachtúil a thabhairt do thuismitheoirí
- seirbhísí comhairliúcháin chun tacaíocht mhothúcháin a thabhairt do theaghlaigh más gá
- seirbhísí éisteolaíochta lena n-áirítear measúnú agus bainistiú páistí a bhfuil caillteanas éisteachta buan orthu
- clár lonchlannáin Chochla a bheith ar fáil má tá a leithéid léirithe, agus de réir tuairimí na dtuismitheoirí
- teiripe urlabhra agus teanga, má tá sí léirithe, ón am a dhéantar an diagnóis
- seirbhísí síceolaíochta, má tá gá leo
- Seirbhís na Múinteoirí Cuairtíochta
- Oideachas luath-óige.

De réir treoirlínte dea-chleachtais déanann an Chomhairle moltaí a dtugtar achoimre orthu anseo thíos.

- Um an taca seo ba chóir eolas cuimsitheach oibiachtúil a chur ar fáil do thuismitheoirí ón am a ndéantar an diagnóis. Ba chóir é a sholáthar ar chuma soiléir inrochtana agus ba chóir Teanga Chomharthaíochta na hÉireann a chur san áireamh. Bhí aird á díriú ar an ngá atá lena leithéid d'eolas ag thuismitheoirí le linn an phróiseas comhairliúcháin a rinneadh mar ullmhúchán don pháipéar seo. Ba chóir freagracht as ullmhúchán, foilsíú, scaipeadh agus nuashonrú an eolais seo a bheith ar an gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta.
- I ndiaidh na diagnóise ba chóir pacáiste a thabhairt do thuismitheoirí (arna fhorbairt ag FSS agus an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta le chéile) ina dtugtar eolas faoi sheirbhísí agus tacaíochtaí atá ar fáil agus faoi na heagraíochtaí a chuireann ar fáil iad. Ba chóir go gcuimseofaí sa phacáiste seo sonraí maidir leis an eagraíocht a dhéanfaidh teagmháil leis an teaghlach agus cathain a dhéanfar teagmháil chomh maith le heolas ar chórais tacaíochta do thuismitheoirí agus do theaghlaigh. Faoi dheireadh thiar, ós rud é go bhfuil fianaithe mhaith ar fáil maidir le



tairbhí a ghabhann le hionchlannán cochla (agus na buntáistí breise arb é ionchlannán déthaobhach do pháistí é) ba chóir eolas do thuismitheoirí a bheith sa phacáiste maidir le rochtain a fháil ar chlár ionchlannáin chochla.

- Ba chóir thuismitheoirí a chur ar an eolas faoin tábhacht a bhaineann le sealbhú luath teanga agus faoi na roghanna cumarsáide éagsúla atá ar fáil. Ba chóir eolas neamhspleách a thabhairt do thuismitheoirí faoi na socrúcháin oideachais atá ar fáil lena n-áirítear go bhféadfaí an páiste a shocrú i scoil príomhshrutha, i rang speisialta nó i scoil speisialta. Ba chóir míniú neamhspleách a thabhairt do thuismitheoirí faoi na priacail agus na buntáistí a ghabhann le gach aon rogha. Tá feidhm thábhachtach ag Seirbhís na Múinteoirí Cuairtíochta i ndáil le thuismitheoirí a chur ar an eolas agus leis an gcomhairle seo.
- Ba chóir d’FSS seirbhís chomhairliúcháin a chur ar fáil do thuismitheoirí agus do pháistí de réir mar is gá, mar chuid de sheirbhísí Luath-idirghabhála. Measann an Chomhairle gur chóir teacht a bheith ag páistí Bodhra agus lagéisteachta agus a dtuismitheoirí ar an tseirbhís shíceolaíochta atá á cur ar fáil ag FSS trína cuid seirbhísí pobail agus go gcuirfí ar fáil dóibh í ar an mbonn céanna le teaghlaigh eile. Tugann an Chomhairle dá haire go bhfuil teacht ag páistí Bodhra agus lagéisteachta ar chomhairliúcháin, ar thacaíocht sláinte mheabhrach, ar theiripe teaghlaigh agus mar sin de, tríd an eagraíocht DeafHear. Maidir le páistí a bhfuil ionchannán cochla faighte acu, bíonn teacht acu ar thacaíocht shíceolaíoch tríd an aonad d’ionchlannáin chochla in Ospidéal Beaumont.
- Measann an Chomhairle leis, gur chóir dóibh siúd a bhfuil baint acu le gnáthsheirbhísí síceolaíochta a chur ar fáil trí FSS tuiscint a bheith acu ar an tionchar a d’fhéadfadh bodhaire a imirt ar riachtanais mhothúcháin agus iompair na bpáistí agus na ndéagóirí. D’fhéadfadh mar sin, go bhfuil gá le tuilleadh oiliúna i gcásanna áirithe, maidir le gnéithe áirithe den obair a dhéantar le páistí Bodhra agus lagéisteachta. Ba chóir go ndéanfaí cuid den gclár Forbartha Gairmiúla Leanúnaí do shíceolaithe atá fostaithe sa tseirbhís sláinte agus ní cóir go dtabhódh sé seo aon chaiteachas breise lasmuigh den méid atá curtha i leataobh cheana féin le haghaidh Forbartha Gairmiúla Leanúnaí do ghairmithe i bhFSS.
- Ba chóir acmhainní a thabhairt d’ionaid Chúram agus Oideachas Luath-óige a chuirfidh ar a gcumas na tacaíochtaí a chur ar fáil a bhfuil gá leo chun páistí Bodhra agus lagéisteachta a chur ar an rolla.
- Ba chóir comhordú a dhéanamh ar sheirbhísí tacaíochta a mhaoinítear ag an gcóras Sláinte agus ag an gcóras Oideachais mar a mhínítear thuas. Ba chóir go gcuirfeadh gairmithe ar fáil iad atá oile chun cabhrú le thuismitheoirí a chur ar chumas a bpáistí an teanga agus na scileanna cumarsáide is fearr a oireann dóibh a shealbhú, is cuma cé acu, teanga chomharthaíochta, teanga labhartha nó an dá theanga.
- Ba chóir rochtain ar theiripeoir urlabhra agus teanga a bheith ag páistí Bodhra agus lagéisteachta go tráthúil chun go ndéanfaí measúnú ar a gcuid scileanna cumarsáide agus chun tacú le thuismitheoirí maidir le cumarsáid a dhéanamh lena bpáiste. Cabhróidh an teiripeoir leo maidir le cinntí a dhéanamh i ndáil le teanga chomharthaíochta nó teanga labhartha a roghnú dá bpáiste agus maidir le theiripe urlabhra agus teanga, de réir mar is gá.

- Ba chóir seirbhísí éisteolaíochta a chur ar fáil go seasmhach, go héifeachtach agus go cothromasach ar fud na tíre. Ba chóir go n-áireofaí ar sheirbhísí dá short seo measúnachtaí diagnóiseacha, áiseanna éisteachta a oiriúnú agus a bhainistiú, mionchoigeartú a dhéanamh ar áiseanna éisteachta ag coinní athbhreithniúcháin cuí, múnlaí cluaise a chur ar fáil de réir mar is gá, tarchur chuig seirbhísí eile cosúil leis an bhfoireann ionchlannáin chomh maith le tacaíocht leanúnach maidir le teicneolaíocht.
- Ba chóir tacaíocht oideachais a chur ar fáil go leanúnach do pháistí a bhfuil ionchlannáin chochla acu cosúil le páistí Bodhra agus lagéisteacha eile. Ní mór do mhúinteoirí agus gairmithe eile a bheith ar an eolas go bhfuil tacaíocht leanúnach ag teastáil ó pháistí a bhfuil ionchlannán cochla acu agus ba chóir dóibh tuiscint a bheith acu ar an saghas tacaíochta atá ag teastáil uathu.
- Tacaíonn an Chomhairle leis an moladh a rinneadh san Athbhreithniú Éisteolaíochta Náisiúnta ó FSS (FSS, 2011) gur chóir leanúint de tacaíocht airgeadais don gclár ionchlannáin chochla a chur i leataobh ach gur chóir go ndéanfaí é seo ar leibhéal a éascaíonn ionchlannú déthaobhach comhuaineach do pháistí.

### (c) Sealbhú teanga

Tá riachtanais choimpléascacha leithleacha maidir le sealbhú teanga ag páistí Bodhra agus lagéisteachta de dheasca cailliúint éisteachta ag céim ríthábhachtach dá bhforbairt teanga. Chun teanga ar bith a shealbhú ní mór d'fhoghlaimoír a bheith 'i dteagmháil le teanga a bhfuil teacht aige air, ó thaobh cáilíochta agus cainníochta de, in idirghníomhartha lánbhrí le daoine eile ar úsáideoirí cumasacha na teanga iad cheana (Mayer, 2007). Tá sé seo amhlaidh, is cuma an teanga labhartha, teanga chomharthaíochta nó teanga scríofa atá á sealbhú.

Dá bhrí sin is rud ríthábhachtach é deiseanna níos fearr a chur ar fáil do pháistí Bodhra agus lagéisteachta líofacht i dteanga a bhaint amach d'fhonn rochtain níos fearr ar oideachas a éascú dóibh. Deir Marschark agus Spencer (2009) go mbeidh coigiltis airgeadais mar thoradh air seo go fadtéarmach ó thaobh soláthar seirbhísí oideachais agus sláinte de.

Is eol don Chomhairle go bhfuil riachtanais ar leith ag páistí Bodhra agus lagéisteachta i ndáil le sealbhú teanga. Ina thaobh seo déanann sí na moltaí seo a leanas:

- Ba chóir deiseanna a thabhairt do gach páiste Bodhar agus lagéisteachta líofacht teanga a bhaint amach go luath ina shaol agus trí bheith ag tabhairt faoi ghníomhaíocht lánbhrí le húsáideoirí cumasacha na teanga, is cuma an teanga labhartha, teanga chomharthaíochta nó teanga scríofa atá á sealbhú.
- Ba chóir do Roinn na Sláinte, don Roinn Oideachais agus Scileanna agus don Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige aon chur chuige éascaithe amháin a fhorbairt i gcomhar a chéile chun na tacaíochtaí riachtanacha a dhearbhu agus a chur ar fáil a theastaíonn ó pháistí Bodhra agus lagéisteachta chun teanga a shealbhú i dtreo is go mbeidh siad ullamh freastal ar scoil in aois chuí dóibh
- Ba chóir deis a thabhairt do gach páiste Bodhar agus lagéisteachta agus dá dteaghlaiigh Teanga Chomharthaíochta na hÉireann a fhoghlaim tríd an Scéim Tacaíochta do Theanga Chomharthaíochta na hÉireann a chur ar fáil go leanúnach

- Ba chóir a chur in iúl do thuismitheoirí go bhfuil an tseirbhís seo ar fáil nuair a dhéantar an diagnóis agus i ndiaidh na diagnóise nuair a phléitear cur chuige agus roghanna maidir le sealbhú teanga agus cumarsáide
- Ba chóir don Roinn Oideachais agus Scileanna athbhreithniú a dhéanamh ar an Scéim Tacaíochta do Theanga Chomharthaíochta na hÉireann. Ba chóir go n-áireofaí air seo measúnú ar mhéid leordhóthanach d'uaireanta chun a chur ar chumas thuismitheoirí agus páistí inniúlacht chuí in úsáid Teanga Chomharthaíochta na hÉireann a fhorbairt
- I ndiaidh an athbhreithnithe ba chóir beartas na ROS maidir le teagasc Teanga Chomharthaíochta na hÉireann a chur ar fáil do thuismitheoirí agus ba chóir an méid seo a leanas a phlé ann
  - líon na n-uaireanta teagasc i dTeanga Chomharthaíochta na hÉireann a chuirtear ar fáil do theaghlaigh
  - go gcuirfí an tseirbhís ar fáil ar fud na bliana, tréimhse saoire an tsamhraidh san áireamh
- Ba chóir don Roinn Oideachais agus Scileanna leibhéal íosta cáilíochta a shocrú do theagascóirí Teanga Chomharthaíochta na hÉireann agus ullmhúchán a dhéanamh chun clár teagascóirí Teanga Chomharthaíochta na hÉireann a chur le chéile a chuirfead ar fáil do thuismitheoirí ansin. Ní dóigh leis an gComhairle gur chóir pá teagascóirí Teanga Chomharthaíochta na hÉireann a ardú dá bharr mar ba chóir talamh slán a dhéanamh de na leibhéal cáilíochta seo bíodh is nach bhfuil siad sonraithe faoi láthair. Molann Signature arb í an eagraíocht dámhachtana í le haghaidh cáilíochtaí i dTeanga Chomharthaíochta na hÉireann, gur chóir do theagascóir na teanga leibhéal inniúlachta sa teanga a bheith aige nó aici atá céim níos airde ná an chéim atá ag a c(h)uid daltaí
- Ba chóir deontas a chur ar fáil do scoileanna chun teagasc i dteanga chomharthaíochta a chur ar fáil do pháistí a bhfuil éisteacht acu i rang ina bhfuil úsáideoir teanga comharthaíochta ar an rolla. Laghdóidh sé seo uaigneas an pháiste Bhodhair agus lagéisteachta agus cuirfidh sé ar chumas na bpáistí a bhfuil éisteacht acu cumarsáid níos éifeachtaí a dhéanamh leis an dalta seo
- Ba chóir ateangairí Teanga Chomharthaíochta na hÉireann a bheith ar fáil i scoileanna más gá, nuair a bhualtear le thuismitheoirí a úsáideann í mar phríomhuirlis chumarsáide.

Tugann an Chomhairle dá aire go dtairgtear Teanga Chomharthaíochta na hÉireann mar chuid de Chlár na hArdteistiméireachta Feidhmí cheana féin. Cé gur maith an dul chun cinn é seo níl ach aitheantas teoranta ar Chlár na hArdteistiméireachta Feidhmí maidir le rochtain ar oideachas tríú leibhéal.

- Molann an Chomhairle gur chóir don Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta breithniú conas is fearr a thabharfaí faoi fhorbairt agus faoi mhionchoigeartú inniúlachta i dTeanga Chomharthaíochta na hÉireann laistigh den gcóras scolaíochta.

#### 4.2.2 Seirbhís na Múinteoirí Cuairtíochta

Moltar san Athbhreithniú Éisteolaíochta Náisiúnta (FSS, 2011) go bhfuil rannchuidiú na Múinteoirí Cuairtíochta do pháistí Bodhra agus lagéisteachta ríthábhachtach maidir le:

- eolas a chomhordú agus a chur ar fáil
- measúnachtaí éisteolaíochta agus forbartha a mhíniú
- comhairle a thabhairt maidir le teanga, cumarsáid, súgradh sóisialta agus mothúchánach
- monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn agus ar impleachtaí an phlean bhainistíochta éisteolaíochta aonair; cial-laíonn sé seo monatóireacht a dhéanamh ar an úsáid a bhaineann an páiste aonair as áis éisteachta nó ionchlannán cochla agus ar an mbuntáiste siad dó, chomh maith le monatóireacht trí phrótacail mheasúnachta caighdeánacha a dhéanamh ar an dul chun cinn an pháiste
- comhairle a chur ar ghairmithe eile i ndáil le tuiscint ar Bhodhaire agus maidir leis an tionchar a imríonn cailliúint éis-teachta ar an bpáiste agus ar a theaghlach.

I dtaobh tuismitheoirí moltar san athbhreithniú thuas go bhfuil rannchuidiú ón mhúinteoir cuairtíochta ríthábhachtach maidir le:

- straitéisí aonair a fhorbairt chun forbairt teanga, forbairt cumarsáide agus forbairt ghinearálta a spreagadh i gcomhthéacs an chailliúint éisteachta áirithe atá ag an bpáiste
- comhairle a thabhairt maidir le háis éisteachta nó ionchlannán a úsáid agus maidir le hiad a bhainistiú sa bhaile, sa naíonra agus in áiteanna eile
- idirchaidreamh a bheith acu le seirbhísí éisteolaíochta i ndáil le húsáid áis éisteachta, tairbhe uaithi agus riachtanais
- comhairle a thabhairt maidir le straitéisí fabhtcheartaithe don áis éisteachta agus fadhbanna leis an múnla cluaise
- clár struchtúrtha tacaíochta nó idirghabhála a sholáthar don bpáiste agus don teaghlach i ndáil leis an bpáiste san iomlán agus le troime an chailliúint éisteachta (FSS, 2011).

Tugann an Chomhairle dá haire go seasann na moltaí thuas d'athrú suntasach agus d'fhorbairt ar fheidhm an mhúinteora chuairtíochta do pháistí Bodhra agus lagéisteachta. Measann sí gur chóir feidhm an mhúinteora chuairtíochta a dhíriú ar theanga agus ar fhoghlaim seachas ar cheisteanna éisteolaíochta de bharr go bhfuil saineolas tábhachtach ag gairmithe eile ar nós éisteolaithe ina gcuid réimsí féin.

Is í tuairim na Comhairle go bhfuil seirbhísí eile ag teastáil mar aon le Seirbhís na Múinteoirí Cuairtíochta chun freagairt a chur ar fáil do thuismitheoirí agus do pháistí i ndiaidh diagnóise luaithe. Is léir go bhfuil gá le freagairt ildhisciplíneach a chuimsíonn rannchuidiú ó éisteolaithe, ó theiripeoirí urlabhra agus teanga, ó altraí sláinte poiblí agus ó mhúinteoirí cuairtíochta. Tugann Marschark agus Spencer (2009) aitheantas sainráite don riachtanas seo nuair atá á mholadh acu go mbeidh comhoibriú nach raibh a leithéid ann roimhe seo ag teastáil idir Roinn na Sláinte agus an Roinn Oideachais agus Scileanna

chun scagthástáil ar fud na tíre a chur i ngníomh (Marschark agus Spencer, 2009: 205). Tugann siad le tuiscint go gcaithfear, mar chuid den chomhoibriú seo, oiliúint níos fearr a chur ar mhúinteoirí cuairtíochta nó athchóiriú a dhéanamh ar an tseirbhís, mar aon le hoiliúint níos fearr a chur ar Eagraithe Riachtanais Speisialta Oideachais agus le gréasán náisiúnta seirbhísí éisteolaíochta, urlabhra agus teanga a sholáthar.

Ba chóir mórtosaíocht a dhéanamh do Sheirbhís na Múinteoirí Cuairtíochta de tacaíocht luath a thabhairt do pháistí a bhfuil cailliúint éisteachta bhuan orthu agus dá dtuismith-eoirí. Tá an múinteoir cuairtíochta san ionad ceart chun cabhrú le tuismith-eoirí páistí Bodhra agus lagéisteachta teacht ar na seirbhísí atá ar fáil. Ba chóir don múinteoir cuairtíochta agus na seirbhísí a mhaoinítear as an gcóras sláinte a bheith i ndlúth-teagmháil lena chéile. Ar an gcuma seo d'fhéadfaí eolas a mhalartú idir na gníomhaireachtaí i ndáil le húsáid áis éisteachta, teicneolaíochta cúnta, forbairt urlabhra, teanga agus cumarsáide chomh maith le dul chun cinn acadúil agus sóisialta sna scoileanna. Is tábhachtach an rud é go soláthraíonn an múinteoir cuairtíochta eolas cuimsitheach agus tacaíocht chuimsitheach do thuismitheoirí maidir le modhanna oibre ar leith chun tabhairt faoi chumarsáid. Ba chóir a chur ar chumas thuismitheoirí rogha eolasach a dhéanamh i dtaobh na samhlacha idirghabhála éagsúla atá ar fáil don pháiste.

Ba chóir nach dtiocfadh athrú suntasach ar an líon páistí a ndéantar cailliúint éisteachta a dhiagnóisiú iontu mar thoradh ar an Scagthástáil Uilíoch Éisteachta Naíonán a thabhairt isteach ós rud é go ndéantar diagnóisiú ar na páistí seo faoi dheireadh thiar ar aon nós, bíodh agus go dtarlaíonn sé seo níos déanaí ina saol faoin gcóras reatha. Ní dócha, áfach, go mbeidh aon tionchar ag an Scagthástáil Uilíoch Éisteachta Naíonán ar dháileadh aoise na bpáistí a bhíonn in ualach cáis an mhúinteora chuairtíochta mar beidh na páistí níos óige nuair a dhéantar an diagnóis seachas a bheith níos sine.

Tá gá le hoiliúint bhreise chun éascaíocht a dhéanamh do mhúinteoirí cuairtíochta atá ag obair le leanaí óga a bhfuil laige éisteachta orthu agus lena dteaghligh. I dtreo is go mbeidh ar chumas an mhúinteora seirbhís éifeachtach chuimsitheach a sholáthar do leanaí óga agus do pháistí réamhscoile ní mór do mhúinteoirí cuairtíochta tuiscint dhomhain a bheith acu ar fhorbairt na luath-óige, ar shealbhú teanga in aois óg agus ar na bealaí ina sealbhaíonn páistí Bodhra agus lagéisteachta teanga. Ina theannta sin ba chóir do mhúinteoirí cuairtíochta a bheith inniúil ar Theanga Chomharthaíochta na hÉireann. Beidh gá le tuilleadh oiliúna, b'fhéidir, chun na scileanna ar fad a thabhairt do gach múinteoir cuairtíochta atá uathu chun é seo a bhaint amach agus ba chóir é a dhéanamh trí chur chuige idirghníomhaireachta.

Moltar i dtuarascáil an Athbhreithnithe Éisteolaíochta Náisiúnta (FSS, 2011) go ndéanfaí athrú / forbairt shuntasach ar fheidhm an mhúinteora chuairtíochta maidir le gnóthaí ar nós:

- measúnachtaí éisteolaíochta agus forbartha a mhíniú
- monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn agus ar a ngabhann leis an bplean bainistíochta éisteolaíochta aonair
- comhairle a thabhairt maidir le húsáid áis éisteachta nó ionchlannáin agus maidir le n-iad a bhainistiú sa bhaile agus sa naíonra/sa réamhscoil

- a bheith i dteagmháil leis na seirbhísí éisteolaíochta maidir le húsáid áis éisteachta, tairbhí agus riachtanais agus
- comhairle a thabhairt maidir le straitéisí fabhtcheartaithe le haghaidh fadhbanna leis an áis éisteachta agus leis an múnla cluaise.

Ar an ábhar seo ba choir don ROS athbhreithniú a dhéanamh ar Sheirbhís na Múinteoirí Cuairtíochta d'fhonn feidhm na seirbhíse a athshonrú, de réir mar is gá, chun a chinntiú go gcomhlíonfadh an beartas a threoraíonn obair na seirbhíse a fheidhm. San athbhreithniú seo ba chóir soiléiriú a dhéanamh leis, ar fheidhmeanna gaolmhara agus comhlántacha na Seirbhíse agus seirbhísí eile ar nós seirbhísí éisteolaíochta agus seirbhísí teiripe urlabhra agus teanga mar chuid de fhreagairt chuimsitheach a sholáthar do pháistí Bodhra agus lagéisteachta, go háirithe iad siúd a ndéantar cailliúint éisteachta shuntasach a dhiagnóisiú iontu ag an scagthástáil libh nuabheirthe.

Molann an Chomhairle an méid seo a leanas:

- Ba chóir don ROS athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhm Seirbhís na Múinteoirí Cuairtíochta agus í a thabhairt suas chun dáta chun na hathruithe a moltar thuas a thabhairt san áireamh. Is é a ghabhfadh leis seo ná comhairliúchán le bainistiú na seirbhíse, le múinteoirí cuairtíochta, le scoileanna, le tuismitheoirí agus le daltaí
- Ba chóir go léireodh ualaigh cháis na múinteoirí cuairtíochta an gá le béim níos mó a chur ar pháistí óga
- Ba chóir prótacail a fhorbairt a dhéanfaidh cleachtas a chaighdeánú ar fud Seirbhíse na Múinteoirí Cuairtíochta i ndáil le measúnú, teagasc, feidhmeanna comhairleoir-reachta agus idirchaidrimh chun go dtabharfar seirbhís chomhsheasmhach do pháistí Bodhra agus lagéisteachta ar fud na tíre
- Ba chóir don ROS caighdeán íosta a chur le haghaidh múinteoirí cuairtíochta maidir le hinniúlacht i dTeanga Chomharthaíochta na hÉireann a bhaint amach.

### 4.2.3 Moltaí: blianta aois scoile

#### (a) Samhlacha Oideachais

De réir torthaí taighde atá ar fáil dúinn is léir go bhfuil gá le réimse suíomhanna oideachais a chur ar fáil do pháistí Bodhra agus lagéisteachta. Ba chóir go gcuirfeadh na suíomhanna seo ar chumas na bpáistí seo na seirbhísí tacaíochta atá riachtanach dóibh a fháil agus a bheith imeasctha i ngníomhaíochtaí in éineacht lena gcuid piaraí a bhfuil éisteacht acu an oiread agus is féidir, de réir a gcuid riachtanais oideachais agus lena gcuid cumas.

De réir na dtorthaí seo molann an Chomhairle gur chóir soláthar leanúnach oideachasúil a bhunú do dhailtaí Bodhra agus lagéisteachta lena n-áirítear:

- ranganna príomhshrutha i mbunscoileanna agus iarbhunscoileanna
- ranganna speisialta do pháistí Bodhra agus lagéisteachta a sholáthraítear i scoileanna príomhshrutha
- scoileanna speisialta.

Ba chóir acmhainní a thabhairt do na suíomhanna seo go léir de réir mar is gá. Áirítear air seo an teicneolaíocht riachtanach a thabhairt dóibh a chuirfidh ar a gcumas oideachas cuí a sholáthar do pháistí Bodhra agus lagéisteachta, cóireáil fhuaimiúil ar sheomraí ranga agus teicneolaíocht chúnta san áireamh.

Ina theannta sin molann an Chomhairle gur chóir d'Aonad Tógála na ROS treoirlínte ginearálta a chur le chéile maidir le cóireáil fhuaimiúil seomraí ranga agus iad a chur ar fáil do scoileanna trí Sheirbhís na Múinteoirí Cuairtíochta agus trí ghréasán na nEagraithe Riachtanais Speisialta Oideachais.

Chuir an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta comhairle beartais os comhair an Aire Oideachais agus Scileanna roimhe seo maidir le feidhm scoileanna agus ranganna speisialta in Éirinn amach anseo (An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta, 2011a). Sa chás seo ba é an moladh a rinneadh ná gur chóir daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu a chur ar an rolla in éineacht lena bpiaraí i ranganna príomhshrutha i scoileanna príomhshrutha an oiread agus is féidir. Nuair nach féidir páiste a shocrú go lánaimseartha i rang príomhshrutha ba chóir cuimhneamh ar é a shocrú i rang speisialta. Ba chóir ranganna speisialta a eagrú ar bhonn solúbtha chun soláthar a dhéanamh d'idirghabhálacha agus tacaíochtaí speisialtóra atá saincheaptha do riachtanais páistí agus chun cur chuige cuimsitheach a éascú a thugann deis do gach páiste an oiread ama is féidir a chaitheamh i ranganna príomhshrutha.

De réir ar moladh thuas molann an Chomhairle anois gur chóir ranganna speisialta do pháistí Bodhra agus lagéisteachta a eagrú ar bhonn réigiúnach. Ar an gcuma seo d'fhéadfaí suíomhanna oideachais a chur ar fáil ina mbeadh deis ag páistí Bodhra agus lagéisteachta foghlaim le chéile agus idirghníomhú lena chéile. Dá ndéanfaí é seo laghdódh ar aonrú sóisialta, b'fhéidir, agus ag an am céanna thabharfaí deiseanna do pháistí Bodhra agus lagéisteachta idirghníomhú le piaraí a bhfuil éisteacht acu agus leo siúd atá Bodhar araon. De bhreis air seo chabhródh sé le múinteoirí eolas speisialta a fhorbairt dóibh féin.

Sa chomhairle beartais a thug an Chomhairle roimhe seo mhol sí daltaí a bhfuil riachtanais choimpléascacha acu a chur i scoileanna speisialta, de réir mar a sonraítear sa pháipear comhairle beartais (An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta, 2011a, lch. 89). D'aithin an Chomhairle nach mór cinntí ar shocrúchán scoile a dhéanamh ar bhonn an pháiste aonair i gcónaí, de réir Achta EPSEN 2004. Mhol an Chomhairle gur chóir, san am atá amach romhainn, scoileanna speisialta a ainmniú agus acmhainní a thabhairt dóibh chun seirbhís a chur ar fáil laistigh den bpobal do dhaltaí a bhfuil socrúchán scoile speisialta ag teastáil uathu seachas scoileanna a bheith ann nach bhfreastalaíonn ach ar aon chatagóir míchumais amháin.

Ba chóir go leanfaí de neamhspleáchas a thabhairt do scoileanna speisialta maidir lena gcuid daltaí a eagrú i ngrúpaí ranga. Agus é seo á dhéanamh acu tabharfaidh siad aird chúí ar ghnéithe cosúil le haois, catagóir an riachtanais speisialta oideachais agus leibhéil chumais ó thaobh cumais shóisialta agus cumais acadúil de.

De bhreis air seo molann an Chomhairle gur chóir cuimhneamh ar an ngá soláthar speisialta sealadach a dhéanamh do pháistí Bodhra agus lagéisteachta i sainsuíomhanna ar leith, mar shampla diantheagasc i dTeanga Chomharthaíochta na hÉireann. D'fhéadfaí tacaíocht bhreise dá leithéid a chur ar fáil trí shocrú sealadach i scoil nó i rang speisialta

atá ann cheana. Measann an Chomhairle go bhfuil an cóimheas daltaí le múinteoir i scoileanna agus ranganna speisialta do pháistí Bodhra agus lagéisteachta dóthanach agus, dá bhrí sin, solúbtha a dhóthain chun glacadh lena leithéid de shocrú. B'fhéidir go mbeidh gá le hathbhreithniú a dhéanamh air seo áfach, má sháraíonn an t-éileamh ar shocrú sealadach dá leithéid an líon daltaí a rabhthas ag súil leis.

#### **(b) Oideachas dátheangach**

Is é atá i gceist le hoideachas dátheangach de réir mar a thuigeann an Chomhairle é ná go ndéantar teanga chomharthaíochta nádúrtha an pháiste a shamhaltú agus go nglactar léi mar phríomhtheanga agus mar phríomhuirlis chumarsáide an pháiste. Ina theannta sin glactar léi mar theanga an tseomra ranga agus mar dhroichead chun litearthacht a fhoghlaim i dteanga labhartha an phobail a bhfuil éisteacht aige (Marschark agus Spencer, 2009). Is é is brí le dátheangachas anseo in Éirinn ná go mbaineann an páiste líofacht amach i dTeanga Chomharthaíochta na hÉireann agus i mBéarla nó i nGaeilge (labhartha agus / nó scríofa).

Tugann an Chomhairle dá haire nach bhfuil ach fíorbheagán fianaise againn go dtí seo maidir le tionchar dearfach a bheith ag oideachas dátheangach ar ghnóthacháil acadúil. Mar sin féin, is eol di chomh maith a bhfuil tugtha faoi deara ag Marschark, is é sin, go gcuireann oideachas dátheangach go soiléir le dul chun cinn sóch-mhothúcháinach agus idirphearsanta (Marschark agus Spencer, 2009).

Is feasach don Chomhairle go mbaineann líon beag daltaí Bodhra úsáid as Teanga Chomharthaíochta na hÉireann mar phríomhuirlis chumarsáide. Aithníonn sí go mbaineann deacrachtaí ar leith leis an ngrúpa seo a chuimsiú i scoileanna príomhshrutha, go háirithe maidir le hiad a bheith aonraithe ó ghrúpa piaraí ar úsáideoirí teanga chomharthaíochta iad. Maidir leis an gcohort daltaí seo molann an Chomhairle oideachas dátheangach a chur ar fáil dóibh i ranganna speisialta do pháistí Bodhra agus lagéisteachta i scoileanna speisialta.

Molann sí leis gur chóir acmhainní a thabhairt do scoileanna príomhshrutha chun oideachas daltaí a úsáideann Teanga Chomharthaíochta na hÉireann mar phríomhuirlis chumarsáide a éascú. Braithfidh an méid tacaíochta a bheidh ag teastáil ar riachtanais an pháiste aonair lena n-áirítear nithe ar nós leibhéal an chailteanas éisteachta feidhmiúla, leibhéal litearthachta agus cumas acadúil. Dá bhrí sin ní mór réimse tacaíochtaí a chur ar fáil, de réir mar a bhíonn gá. Ba chóir go n-áireofaí air seo múinteoirí ranga agus múinteoirí acmhainne atá oile i dTeanga Chomharthaíochta na hÉireann, tacaíocht ó Chúntóirí Riachtanas Speisialta chomh maith leis an teicneolaíocht chuí. B'fhéidir go mbíonn gá déileáil le tosca eisceachtúla uaireanta nuair a bhíonn gá le múinteoirí a bheith ar fáil atá oile mar ateangairí teanga comharthaíochta, chun tacú le húsáideoirí Teanga Chomharthaíochta na hÉireann atá ag staidéar ábhar teicniúil nó eolaíochta ar ardleibhéal don Ardteistiméireacht.

#### **4.2.4 Socrúchán daltaí**

Cuirtear in iúl in Acht EPSN, 2004 (Alt 2) go sainráite go gcuirfear oideachas ar pháistí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu i dtimpeallacht uileghabhálach in éineacht le



páistí nach bhfuil riachtanais dá sort acu ach amháin más rud é nár cheart é seo a dhéanamh de dheasca cineál nó méid an riachtanais agus nach mbeadh sé ag teacht leo seo a leanas dá thoradh:

- leas is fearr an pháiste de réir mar a cinneadh de réir measúnaithe ar bith atá déanta faoin Acht seo, nó
- soláthar éifeachtach oideachais do na páistí a bheadh ag fáil a gcuid oideachais i dteannta an pháiste sin (Rialtas na hÉireann, 2004).

Aithníonn an Chomhairle go bhfuil riachtanais níos casta ag cuid de pháistí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, cuid de pháistí Bodhra agus lagéisteachta ina measc, sa mhéid nach bhfuil oideachas i suíomh príomhshrutha i gcomhréir le leas is fearr na bpáistí seo nó le soláthar éifeachtach oideachais do na páistí a bhfuil siad lena gcuid oideachais a fháil leo (An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta, 2011a). Aithníonn an Chomhairle leis, gur chóir go nglacfaí mian na dtuismitheoirí atá, b'fhéidir, ag lorg áite i scoil speisialta nó i rang speisialta do pháistí Bodhra agus lagéisteachta dá bpáiste san áireamh nuair a dhéantar cinneadh maidir le socrúchán oideachais páiste.

Is í tuairim na Comhairle gur chóir glacadh le cur chuige céimnithe nuair a bhíonn socrúchán páiste Bodhair agus lagéisteachta i scoil speisialta nó i rang speisialta á bhreithniú. Mar chuid den mheasúnú ba chóir dianscrúdú a dhéanamh ar na hidirghabhálacha a bhí a gcur i bhfeidhm nó a d'fhéadfaí a chur i bhfeidhm chun tacú le cuimsiú an pháiste in oideachas príomhshrutha; ba chóir é seo a dhéanamh sula nglactar cinneadh maidir le socrú malartach i rang speisialta nó i scoil speisialta. Más iarbhunscoileanna atá i gceist ba chóir an socrú a bhí ag an bpáiste sa bhunscoil a chur san áireamh. Ba chóir tuismitheoirí a chur ar an eolas maidir leis an réasúnaíocht oideachasúil, na tairbhí agus na hiarmhairtí a ghabhann le socrúchán dá leithéid.

Ba chóir cinneadh faoi shocrúchán a bhunú ar mheasúnú iltaobhach a chuireann leas an pháiste san áireamh ar an mbonn is leithne, de bhreis ar a chumas cognaíoch. Áirítear ar na gnéithe atá le glacadh san áireamh rochtain ar an gcineál oideachais a oireann do riachtanais an pháiste, an tairbhe a d'fhéadfadh an páiste a bhaint as oideachas príomhshrutha, an leibhéal forbartha cumarsáide, an leibhéal forbartha sóisialta agus mothúchánaí agus leibhéal na forbartha pearsanta atá bainte amach ag an bpáiste; a chuid scileanna beatha, a fhéin-mheas, a chumas cairdeas a dhéanamh agus an dealraitheacht go bhfágfaí an páiste leis féin ina aonair sa suíomh atá roghnaithe (An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta, 2011a).

Ina comhairle beartais faoin bhfeidhm a bheidh ag scoileanna speisialta agus ag ranganna speisialta amach anseo (An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta, 2011a) molann an Chomhairle gur chóir don Roinn Oideachais agus Scileanna tús a chur le Cód Cleachtais a fhorbairt agus go mbeadh an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta mar ghníomhaireacht ceannais ar an obair seo. Bheadh sé seo ina threoir do thuismitheoirí agus do ghairmithe nuair a bhíonn cinntí a ndéanamh acu maidir le socrúchán do pháistí ar leith a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Sa pháipéar seo leagadh amach comhairle mhionsonraithe maidir leis na saincheisteanna ar chóir díriú orthu sa Chód Cleachtais atá molta.

Is dóigh leis an gComhairle gur chóir cinntí maidir le socrú daltaí Bodhra agus lagéisteachta a bhunú ar:

- riachtanais na ndaltaí agus measúnú déanta orthu
- leibhéal feidhmithe an dalta é féin
- comhairle ghairmiúil
- rogha eolasach na dtuismitheoirí agus tuairim eolasach an pháiste sa mhéid is cuí de réir aois agus inniúlacht aigne an pháiste.

Ní mór roghanna socrúcháin do pháistí Bodhra agus lagéisteachta a bhfuil míchumais bhreise orthu a bhreithniú go cúramach chun a chinntiú go gcuirtear ar chumas na ndaltaí seo páirt a ghlacadh in imeachtaí na scoile agus tairbhe a bhaint astu. Mar shampla, ní mór a thuiscint go soiléir nach mar an gcéanna in aon chor na roghanna atá ar fáil do pháistí Bodhra agus lagéisteachta a bhfuil míchumas cognaíoch éadrom orthu agus iad siúd atá ann do pháistí a bhfuil míchumais foghlama níos troime orthu. Sa suíomh oideachais a roghnaítear ní mór do mhúinteoirí eolas agus tuiscint a bheith acu ar bhodhaire agus ar an míchumas breise atá ar an dalta. Ní mór bealaí cumarsáide cuí a bheith ar fáil do dhaltaí – idir chur chuige ó bhéal agus comharthaíocht amháin, agus ba chóir iad a bheith de réir riachtanais an dalta atá i gceist.

Maidir le daltaí Bodhra agus lagéisteachta, molann an Chomhairle an méid seo a leanas:

- ba chóir plé a dhéanamh go sainráite ar shocrúchán páistí Bodhra agus lagéisteachta sa Chód Cleachtais atá molta i gcomhairle beartais na Comhairle ar fheidhm scoileanna speisialta agus ranganna speisialta amach anseo
- ba chóir measúnú agus monatóireacht leanúnach a dhéanamh ar dhul chun cinn chun gur féidir cinntí a glacadh maidir le socrúchán agus seirbhís a athrú, go háirithe iad siúd a glacadh i leith páistí Bodhra agus lagéisteachta a bhfuil míchumais bhreise orthu
- maidir le páistí Bodhra agus lagéisteachta a bhfuil míchumais bhreise orthu, ba chóir trial a bhaint as socrúchán roinnte idir suíomh speisialta agus suíomh príomhshrutha, de réir moltaí ón gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta ar fheidhm scoileanna speisialta agus ranganna speisialta amach anseo (An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta, 2011a, lch. 110-111).

#### 4.2.5 Sealbhú litearthachta agus uimhearthachta

Fáiltíonn an Chomhairle roimh an ngealltanas atá sa straitéis náisiúnta nua, go gcuirfeadh feabhas ar litearthacht agus ar uimhearthacht i measc páistí agus daoine óga san am atá romhainn:

... go dtuigfeadh gach páiste a fhágfaidh ár gcóras scoile matamaitic agus gur féidir leis labhairt, léamh, scríobh agus litriú ar leibhéal a chuirfidh ar a chumas a bheith rannpháirteach, go huile agus go hiomlán, san oideachas sna pobail áitiúla, náisiúnta agus domhanda ina gcónaíonn siad (ROS, 2011b, lch. 10).

Ina fhreagra ar an dréacht-phlean a foilsíodh mar chuid den bpróiseas comhairliúcháin d'fhorbairt na straitéise náisiúnta seo thug an Chomhairle chun suntais go bhféadfadh deacrachtaí móra a bheith ag páistí Bodhra agus lagéisteachta scileanna bunúsacha litearthachta agus uimhearthachta a shealbhú agus go dteipeann orthu, dá thoradh, cumas cuí litearthachta agus uimhearthachta a bhaint amach. Chuir an Chomhairle in iúl gur cúram di go dtabharfaí faoi riachtanais an ghrúpa daltaí seo ar shlí dhírithé réamhghníomhach i bhforbairt agus i gcur i ngníomh an phlean (An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta, 2011b).

De bhreis air seo measann an Chomhairle gur chóir do gach múinteoir atá ag obair le páistí Bodhra agus lagéisteachta tuiscint a bheith acu ar an gcorpas eolais atá ann cheana maidir le modhanna foghlama daltaí Bodhra agus lagéisteachta. Cuirfidh sé seo feabhas ar chumas na múinteoirí úsáid a bhaint as láidreachtaí na bpáistí seo agus freastal ar a gcuid riachtanas. Is féidir é seo a bhaint amach trí Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach tosaigh. Tá feidhm thábhachtach ag institiúidí tríú leibhéal ina thaobh seo i ndáil le múinteoirí bunscoile agus iarbhunscoile araon. Tá rannchuidiú le déanamh ag an tSeirbhís Tacaíochta d'Oideachas Speisialta leis: ní mór di an t-eolas seo a scaipeadh trí sholáthar Forbartha Gairmiúla Leanúnaí do mhúinteoirí mar oiliúint inseirbhíse scoile uile. Féadann Seirbhís na Múinteoirí Cuairtíochta an t-eolas seo a scaipeadh tríd an obair a dhéanann na múinteoirí daltaí Bodhra agus lagéisteachta le páistí aonair i scoileanna agus lena dtuismitheoirí.

Molann an Chomhairle gur chóir do chláir Forbartha Gairmiúla Leanúnaí tosaigh tabhairt faoi bhealaí éifeachtacha chun litearthacht agus uimhearthacht a mhúineadh do gach dalta. Go háirithe, ba chóir dul i ngleic leis an gceist maidir le difreáil a dhéanamh ar na bealaí seo ar mhaithe le daltaí Bodhra agus lagéisteachta.

#### **4.2.6 Tacaíochtaí teagaisc breise do pháistí Bodhra agus lagéisteachta**

Tá contanam tacaíochta ar fáil i mbunscoileanna agus in iarbhunscoileanna do dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu (ROS, 2007). Úsáidtear samhail measúnachta lena dtugtar faoi réiteach faidhbe. Is é atá i gceist leis ná go ndéantar idirghabháil i scoileanna sa mhéid go dtairgtear tacaíocht do dhaltaí ar an gcontanam de réir cineál agus méid a gcuid riachtanas. Mar thús, cuireann an múinteoir ranga tacaíocht bhreise ar fáil sa ghnáthsheomra ranga. Mura leor sin cuirtear tacaíocht foghlama agus/nó idirghabháil trí theagasc acmhainne ar fáil, más gá, agus faoi dheireadh thiar iarrtar cabhair ó sheirbhísí seachtracha ar nós síceolaithe (ROS, 2007). Tá teacht ag daltaí a bhfuil cailliúint éisteachta éadrom/aontaobhach orthu ar thacaíocht foghlama bhreise ar an gcuma céanna le páistí eile a bhfuil an saghas tacaíochta seo ag teastáil uathu.

De réir téarmaí Imlitreach 02/05, is féidir ceithre uaire de thacaíocht teagaisc in aghaidh na seachtaine ar a mhéid a leithdháileadh ar bhunscoileanna a bhfuil daltaí iontu ar a bhfuil lagú éisteachta measúnaithe mar a sonraítear san imlitir é, agus nach bhfuil aon mhíchumas measúnaithe eile orthu. Tá cead ag scoileanna múinteoir acmhainne nó múinteoir cuairtíochta a fhostú chuige seo, nó is féidir na huaireanta a roinnt idir an bheirt. Más rud é go gcomhlíonann dalta a bhfuil lagú éisteachta air critéar le haghaidh catagóir míchumais neamhfhforleathan eile de bhreis ar an lagú éisteachta an tacaíocht faoi mar a leithdháiltear

le haghaidh míchumas iolrach í. Tugtar acmhainní atá cosúil leis seo d'iarbhunscoileanna chun cabhrú le daltaí a bhfuil lagú éisteachta measúnaithe orthu.

Le linn an phróiseas comhairliúcháin cuireadh ar a súile don Chomhairle go ndeonaítear iomlán na gceithre uaire de thacaíocht teagaisc in aghaidh na seachtaine do dhaltai Bodhra agus lagéisteachta a chomhlíonann na critéir incháilitheachta, is cuma an bhfuil nó nach bhfuil gá ag an dalta faoi chaibidil leis an leibhéal seo tacaíochta agus an bhfuil nó nach bhfuil teacht aige ar mhúinteoir cuairtíochta. D'fhéadfadh daltaí am luachmhar ina gcuid ranganna príomhshrutha a chailliúint uaireanta dá thoradh de bharr go bhfuil tacaíocht bhreise á tabhairt dóibh nach bhfuil gá leis in áit ina bhfuil siad scartha amach ón rang príomhshrutha.

I ndáil le tacaíocht teagaisc bhreise a chur ar fáil molann an Chomhairle an méid seo a leanas:

- ba chóir do scoileanna páistí a bhfuil cailliúint éisteachta éadrom orthu a aithint, i gcomhar le Seirbhís na Múinteoirí Cuairtíochta, a bhfuil teacht ar thacaíocht foghlama bhreise ag teastáil uathu chun a chinntiú go bhfaigheann na páistí seo an tacaíocht seo laistigh den leithdháileadh reatha atá ag an scoil
- ba chóir daltaí a bhfuil cailliúint éisteachta éadrom orthu a lua go sonrath sa liosta de dhaltai a bhfuil deacrachtaí foghlama acu agus a soláthraítear acmhainní teagaisc breise do scoileanna ar a son de réir an Samhail Leithdháilte Ghinearálta (Imlitir Sp Ed 02/05, Mír 3.1 (ROS, 2005a))
- ba chóir leanúint de tacaíocht oideachais bhreise a thabhairt do pháistí a bhfuil ionchlanáin chochla acu ar an mbonn céanna a dtugtar tacaíocht do pháistí Bodhra agus lagéisteachta eile, go leanúnach.
- Ba chóir tacaíocht bhreise le haghaidh bodhaire mar mhíchumais íosmhínicíochta i scoileanna príomhshrutha a leithdháileadh de réir:
  - leibhéal an riachtanais fhoghlama atá ag an dalta
  - leibhéal ar a bhfuil an dalta ag feidhmiú sa seomra ranga
  - teorainneacha beartais na ROS, agus
  - ba chóir athbhreithniú bliantúil a dhéanamh ar an leibhéal tacaíochta a dheonaítear.

#### 4.2.7 Díriú ar thorthaí agus monatóireacht ar dhul chun cinn daltaí

Creideann an Chomhairle nach mór béim leanúnach a chur ar thomhas torthaí páistí, a bhfuil riachtanais oideachais speisialta acu, lena n-áirítear torthaí páistí Bodhra agus lagéisteachta. Chuige sin, ní mór an tslí ar cheart torthaí dá sórt a thomhas a aithint. Choimisiúnaigh an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta taighde le déanaí le hathbhreithniú a dhéanamh ar an tslí ar féidir dul chun cinn agus torthaí suntasacha a aithint agus a thomhas do pháistí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Úsáideadh taithí idirnáisiúnta mar bhonn eolais ag an taighde. Áirítear sa staidéar seo scrúdú ar an bhféidearthacht a bhaineann le sonraí reatha na hÉireann é seo a dhéanamh. Anuas air sin, déantar iniúchadh ar an ngá a d'fhéadfadh bheith le táscairí níos fearr agus le bailiúchán sonraí torthaí do pháistí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Mar chuid

den phróiseas sin, ní mór ról faoi leith atá ag an scoil, tuismitheoirí, páistí, an Chigireacht, an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais agus gníomhaireachtaí eile, de réir mar is cuí, a shoiléiriú.

Aithníonn an Chomhairle riachtanais éagsúla páistí Bodhra agus lagéisteachta. Mar gheall air sin, moltar seo a leanas:

- Ní mór pleananna aonair oideachais a chur le chéile a chuirfidh ar chumas gach páiste forbairt a dhéanamh de réir a chumais. Ba chóir spriocanna cumarsáide a chur san áireamh sna pleananna seo agus athbhreithniú foirmiúil a dhéanamh orthu go bliantúil. Maidir le páistí Bodhra agus lagéisteachta i ranganna speisialta, ba chóir go léireofaí tréimhsí ama go soiléir i bpleananna aonair oideachais .i. na tréimhsí a chaitheann daltaí sa rang speisialta agus príomhshrutha.
- Ba cheart go mbeadh ról substaintiúil ag Seirbhís na Múinteoirí Cuartaíochta cabhrú le forbairt pleananna aonair oideachais do pháistí Bodhra agus lagéisteachta agus measúnuithe á gcur i gcrích a bheidh mar bhonn ag na pleananna.
- Ba cheart do Sheirbhís na Múinteoirí Cuartaíochta prótacail a fhorbairt chun measúnú a dhéanamh ar pháistí Bodhra agus lagéisteachta. Ba cheart go gcuirfeadh gach múinteoir cuartaíochta i bhfeidhm go seasta iad. Ba cheart go mbeadh ráiteas sa phrótacal faoi na measúnuithe a dhéanfar ar pháistí Bodhra agus lagéisteachta (.i. scrúduithe ar an éisteacht fheidhmiúil, scrúduithe urlabhra, sealbhú teanga, scrúduithe caighdeánaithe litearthachta agus uimhearthachta), agus faoin tslí a ndéanfar na scrúduithe sin a riar.
- Faoi dheireadh, ba cheart do scoileanna múinteoirí cuartaíochta a chur ar an eolas faoi thorthaí measúnuithe ag deireadh na bliana agus torthaí páistí Bodhra agus lagéisteachta. Cinnteoidh sé sin go bhfuil dul chun cinn á dhéanamh acu i gcomhréir lena gcuid cumais. Éascófar rianú torthaí oideachais na ndaltaí sin chomh maith.

#### **4.2.8 Forbairt ghairmiúil do mhúinteoirí páistí Bodhra agus lagéisteachta**

I gcuid mhór staidéir taighde a coimisiúnaigh an tSeirbhís Náisiúnta um Oideachas Speisialta go dtí seo, rinneadh moltaí leithne faoin ngá le hoiliúint agus le forbairt ghairmiúil leanúnach múinteoirí a bhfuil daltaí le riachtanais speisialta oideachais acu (Cooper, 2011; Marschark agus Spencer, 2009; Parsons et al, 2009; Ware et al, 2009).

Tá a fhios ag an gComhairle go mbíonn gá ag múinteoirí i suíomhanna difriúla oideachais le leibhéal dhifriúla Forbartha Gairmiúla Leanúnaí. Tá gá leis sin chun freastal ar riachtanais páistí Bodhra agus lagéisteachta i seomraí ranga. Mar shampla, d'fhéadfadh nach mbeadh páistí Bodhra agus lagéisteachta ag na múinteoirí sna suíomhanna phríomhshrutha ach ag amanna faoi leith le linn a ngairme. Bheadh tacaíocht speisialta uathu le linn na tréimhse sin. Gheobhaidh múinteoirí dá sórt, agus iad ag obair le páistí Bodhra agus lagéisteachta, tacaíocht ó Sheirbhís na Múinteoirí Cuartaíochta. Beidh rochtain uathu ar chlár a sholáthraíonn An tSeirbhís Tacaíochta d'Oideachas Speisialta. Ba cheart go gclúdódh na clár Forbartha Gairmiúla Leanúnaí é seo a leanas: sealbhú agus forbairt teanga; litearthacht; cur chuige éifeachtach maidir le teagasc agus foghlaim a chur chun cinn do pháistí Bodhra agus lagéisteachta; úsáid na teicneolaíochta oiriúnaithí; agus

ceisteanna páistí Bodhra agus lagéisteachta. Ba cheart dóibh bheith feasach ar Bhodhaire agus tuiscint ar phobal na mBodhar a chur chun cinn chomh maith.

Léiríonn cumas múinteoirí cumarsáid a dhéanamh le daltaí, ina gcuid teanga féin, an 'cleachtas is fearr' i suíomhanna oideachais na mBodhar (agus i suíomhanna ginearálta chomh maith) (Marschark agus Spencer, 2009, lch. 139). Más úsáideoirí teanga comharthaíochta iad na páistí Bodhra agus lagéisteachta, ní mór do mhúinteoirí i suíomhanna príomhshrutha oiliúint a bheith orthu i dTeanga Chomharthaíochta na hÉireann chomh maith.

Ba chóir do gach múinteoir na slite a bhfoglaimíonn daltaí Bodhra agus lagéisteachta a thuiscint. Sa bhreis air sin, ba cheart dóibh bheith feasach ar fhaisnéis reatha faoi úsáid straitéisí éifeachtacha sa seomra ranga, go háirithe mar a thugtar cuntas orthu san athbhreithniú idirnáisiúnta ar na litríocht (Marschark agus Spencer, 2009). Tá sé tábhachtach go háirithe go mbeadh gach múinteoir ag súil le leibhéil arda gnóthachtála ó dhaltaí Bodhra agus lagéisteachta.

Is inmhianaithe leis an gComhairle go mbeadh cáilíochtaí breise iarchéime san oideachas speisialta – lena náirítear módul ar oideachas na mBodhar – ag gach múinteoir ag suíomhanna speisialaithe (lena n-áirítear ranganna agus scoileanna speisialta agus Seirbhís na Múinteoirí Cuartaíochta). Ba cheart dóibh rochtain a fháil ar chláir Forbartha Gairmiúla Leanúnaí a sholáthraíonn An tSeirbhís Tacaíochta d'Oideachas Speisialta agus go mbeidís inniúil, ag leibhéal cuí, ar Theanga Chomharthaíochta na hÉireann. Ba cheart go mbeadh cuid riachtanach faoi oideachas páistí, a áirítear i gcatagóirí éagsúla míchumais, san áireamh i gcláir reatha iarchéime san oideachas speisialta, lena n-áirítear páistí Bodhra agus lagéisteachta.

Measann an Chomhairle gur cheart go mbeadh cáilíochtaí breise iarchéime in oideachas páistí Bodhra agus lagéisteachta ag múinteoirí i scoileanna agus ranganna speisialta. Ba cheart go mbeadh sé ag múinteoirí cuartaíochta chomh maith, a bhfuil páistí Bodhra agus lagéisteachta acu. Aithníonn an Chomhairle go dtógann sé tamall é seo a bhaint amach. Moltar, mar sin, go gcuirfeadh an ROS bearta i bhfeidhm trínar féidir riachtanas a bheith ann go mbeadh ar mhúinteoirí, atá ag suíomhanna speisialaithe do pháistí Bodhra agus lagéisteachta, cáilíocht aitheanta a bhaint amach in oideachas na bpáistí sin.

Faoi láthair, ní mór do mhúinteoirí in Éirinn, ar mhaith leo tabhairt faoi chlár iarchéime in oideachas páistí Bodhra agus lagéisteachta, cáilíocht cianfhoghlama a bhaint amach. Toisc nach ann do chláir iarchéime dá sórt in Éirinn, baintear amach é in Ollscoil sa Ríocht Aontaithe de ghnáth. Is eol don Chomhairle tábhacht an dearcaidh idirnáisiúnta. Táthar den tuairim chomh maith, áfach, gur cheart do sholáthróirí cláir iarchéime tuiscint mhaith a léiriú ar an gcomhthéacs oideachais Éireannach do dhaltaí Bodhra agus lagéisteachta, lena n-áirítear:

- an reachtaíocht
- Pleananna Aonair Oideachais
- Teanga Chomharthaíochta na hÉireann
- an córas scrúdaithe
- an éagsúlacht riachtanas atá ag an daonra bodhar agus lagéisteachta

- daltaí a bhfuil an Ghaeilge (nó teanga eile na hEorpa) mar mháthairtheanga acu..

Maidir le hoideachas múinteoirí, molann an Chomhairle seo a leanas:

- Maidir le múinteoirí ag suíomhanna speisialaithe do pháistí Bodhra agus lagéisteachta (lena n-áirítear Seirbhís na Múinteoirí Cuartaíochta), measann an gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta gur inmhianaithe an rud é:
  - go mbeadh cáilíochtaí breise iarchéime san oideachas speisialta acu (lena n-áirítear modúl faoi oideachas na mBodhar)
  - go mbeadh rochtain acu ar chlár Forbartha Gairmiúla Leanúnaí a sholáthraíonn An tSeirbhís Tacaíochta d'Oideachas Speisialta agus
  - go mbeadh leibhéal cuí inniúlachta acu in úsáid Theanga Chomharthaíochta na hÉireann.

Molann an Chomhairle go gcuirfeadh an ROS bearta i bhfeidhm a mbainfeadh an fhéidearthacht leo go mbeadh sé riachtanach cáilíocht aitheanta, san oideachas do pháistí Bodhra agus lagéisteachta, bheith ag múinteoirí suíomhanna speisialta.

- Ba cheart don ROS réimse íosta cáilíochtaí a leagan síos do mhúinteoirí páistí Bodhra agus lagéisteachta ag suíomhanna príomhshrutha agus oideachais speisialta. Ba cheart don Roinn na cáilíochtaí breise do mhúinteoirí a shonrú i ndiaidh dóibh tosú le Seirbhís na Múinteoirí Cuartaíochta. Ba cheart go mbeadh íoschaighdeán inniúlachta in úsáid agus teagasc Teanga Chomharthaíochta na hÉireann san áireamh orthu sin.
- Ba cheart go mbeadh modúl riachtanach faoi oideachas páistí, a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, san áireamh sna clár oideachais tosaigh do mhúinteoirí. Ba cheart go dtabharfaidís aghaidh ar na riachtanais faoi leith atá ag páistí Bodhra agus lagéisteachta.
- Tuairiscíonn an Chomhairle go bhfuil an moladh seo de réir choinníoll na Comhairle Múinteoireachta. Is é sin gur cheart don Oideachas Cuimsitheach (Oideachas Speisialta, an Ilchultúrthacht, Míbhuntáiste) bheith ina chuid éigeantach do gach clár Oideachas Tosaigh do Mhúinteoirí (an Chomhairle Múinteoireachta, 2011a). Ba chóir go soláthródh clár oideachais do mhúinteoirí nuacháilithe na hinniúlachtaí dóibh. Déanfaidh sé sin an fhoghlaim ardchaighdeán a éascú agus freastalóidh sé ar thosaíochtaí reatha oideachais .i. an uimhearthacht agus litearthacht, Teicneolaíocht na Faisnéise agus na Cumarsáide (TFC) agus cuimsiú (An Chomhairle Múinteoireachta, 2011b). Ní shonraíonn an Chomhairle Múinteoireachta an méid ama ar chóir a chaitheamh ar na codanna riachtanacha ach maireann clár Oideachas Tosaigh do Mhúinteoirí comhthráthach ceithre bliana 120 seachtain.
- Ba cheart go mbeadh cuid riachtanach faoi oideachas páistí, a áirítear i gcatagóirí éagsúla míchumais, san áireamh i gclár reatha iarchéime san oideachas speisialta. Áirítear orthu sin páistí Bodhra agus lagéisteachta. Ba cheart go gclúdódh ábhar páistí Bodhra agus lagéisteachta seo a leanas:
  - forbairt teanga luath-óige agus litearthachta do pháistí Bodhra agus lagéisteachta
  - cur chuige éifeachtach i leith páistí Bodhra agus lagéisteachta a mhúineadh, lena n-áirítear iad siúd a bhfuil ionchlannáin chochla acu

- úsáid agus cothabháil na teicneolaíochta oiriúnaithe sa seomra ranga
  - tacaíochtaí a theastaíonn sa seomra ranga
  - tuarascálacha éisteolaíochta
  - stair agus cultúr na mBodhar a thuiscint
  - forbairt mhothúcháinach agus tacaíocht páistí Bodhra agus lagéisteachta, go háirithe san ógántacht.
- Ba cheart go mbeadh fáil ar chláir iarchéime in Éirinn, a dhíríonn ar cháilíochtaí aitheanta in oideachas páistí Bodhra agus lagéisteachta. Ba cheart go mbeadh seo a leanas san áireamh:
    - an Luath-idirghabháil
    - sealbhú agus forbairt teanga
    - oideachas páistí Bodhra agus lagéisteachta, nó páistí atá bodhar agus dall
    - oideachas páistí bodhra faoi mhíchumas breise agus
    - éisteolaíocht oideachais.
  - Ba cheart go mbeadh deiseanna leanúnacha Forbartha Gairmiúla Leanúnaí ag múinteoirí páistí Bodhra agus lagéisteachta maidir le hoideachas na mBodhar, trí chúrsaí a sholáthraíonn an An tSeirbhís Tacaíochta d'Oideachas Speisialta.
  - Ba cheart go mbeadh múinteoirí páistí Bodhra agus lagéisteachta, ar é an teanga chomharthaíochta a bpríomh-mhodh cumarsáide, inniúil in úsáid Teanga Chomharthaíochta na hÉireann. I gcás na mbunscoileanna/scoileanna speisialta, bheadh an múinteoir ranga cuí i gceist de ghnáth. I gcás na n-iarbhunscoileanna, ba cheart go mbeadh fáil ar mhúinteoir ceapaithe, atá inniúil sa teanga chomharthaíochta, a thacódh le hoideachas an pháiste atá i gceist, sna réimsí ábhair lena mbaineann.
  - Ba cheart go mbeadh gach múinteoir feasach ar cheisteanna páistí bodhra agus lagéisteachta, a mbíonn tionchar acu ar an teagasc agus ar an bhfoghlaím.

Tuairiscíonn an Chomhairle go bhféadfadh go mbeadh deacrachtaí ag na Bodhair rochtain a fháil ar oiliúint bunmhúinteoireachta. Cuireann roinnt tosca leis an deacracht seo, go háirithe riachtanais iontrála na hArdteistiméireachta agus an scrúdú dochtúra ar inniúlacht. Sa pháipéar seo, leagann an Chomhairle béim ar oideachas páistí Bodhra agus lagéisteachta. Tuairiscíonn an Chomhairle gur bhunaigh an ROS grúpa i gColáiste Phádraig a bhfuil sé mar aidhm aige creat a fhorbairt. Déanfar sin chun athruithe a phleanáil i gcoláistí maidir le rochtain a fháil ar oiliúint múinteoireachta do dhaltaí Bodhra agus lagéisteachta. Tuigeann an Chomhairle go ndéanfaidh an grúpa seo iniúchadh ar mheicníochtaí ar féidir aghaidh a thabhairt ar cheisteanna .i. scrúdú ar inniúlacht, rialúcháin sláinte agus sábháilteachta, lóistín réasúnta agus measúnú cásanna aonair.

#### **4.2.9 An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais**

I gcásanna áirithe, d'fhéadfadh go mbeadh oiliúint bhreise ar ghnéithe áirithe oibre ag teastáil ó shíceolaithe páistí Bodhra agus lagéisteachta de chuid na Seirbhíse Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais.



Agus obair páistí Bodhra agus lagéisteachta á pleanáil, ní mór breithniú a dhéanamh ar mhodh cumarsáide an pháiste mar aon leis an inniúlacht teanga atá aige/aici. Toisc nach n-aithnítear go luath é, tagann moill ar fhorbairt teanga páistí Bodhra agus lagéisteachta. Agus iad ag tosú ar scoil, bíonn a gcuid scileanna teanga sna luathchéimeanna forbartha fós.

Agus measúnuithe cognaíocha á ndéanamh ar pháistí Bodhra agus lagéisteachta, d'fheadfadh go mbeadh scrúduithe neamhbhriathartha éirime níos cothroime agus oiriúnaí. D'fhonn measúnú cuimsitheach a chinntiú, ba cheart faisnéis faoi inniúlacht teanga an pháiste a bhailiú. Maidir le daltaí ar úsáideoirí Teanga Chomharthaíochta na hÉireann iad, beidh gá le saineolas múinteoirí a úsáid (atá líofa i dTeanga Chomharthaíochta na hÉireann), mar aon le hateangairí, agus an phríomhfhaisnéis cháilíochtúil seo á bhailiú faoi inniúlacht atá ag an bpáiste i dTeanga Chomharthaíochta na hÉireann.

- Molann an Chomhairle gur cheart don tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais obair a dhéanamh chun seirbhís síceolaíochta a sholáthar, a mbeadh leibhéal dóthanaigh inniúlachta i dTeanga Chomharthaíochta na hÉireann mar chuid de, chun measúnuithe síceolaíochta a riar agus chun teagmháil a dhéanamh le tuismitheoirí agus le páistí arb í Teanga Chomharthaíochta na hÉireann an modh cumarsáide is fearr leo.
- Aithníonn an Chomhairle go bhfuil sé deacair an leibhéal seo inniúlachta teicniúla a bhaint amach i dteanga. Ní mór tréimhse mhór ama a chaitheamh uirthi mar aon le deiseanna cleachtaidh. Idir an dá linn, ba cheart leas a bhaint as ateangairí Teanga Chomharthaíochta na hÉireann ar mhaithe le haistriúchán nuair is gá agus obair á dhéanamh le múinteoirí, le tuismitheoirí agus le páistí ar úsáideoirí Teanga Chomharthaíochta na hÉireann iad.

#### 4.2.10 Feidhm na gcúntóirí riachtanas speisialta

Ba é dhearcadh na coitiantachta sa phróiseas comhairliúcháin go bhfuil ról an-tábhachtach ag an gCúntóir Riachtanas Speisialta agus é/í ag tacú le riachtanais cúraim páistí Bodhra agus lagéisteachta a bhfuil deacrachtaí ginearálta cumarsáide acu sna seomraí ranga. Molann Marschark and Spencer (2009) gur cheart cúntóirí riachtanais speisialta, a oibríonn le páistí Bodhra agus lagéisteachta, a spreagadh agus a thacú sna poist atá acu faoi láthair.

Cuireann an Chomhairle fáilte roimh na moltaí a foilsíodh in Value for Money Review of Expenditure on the Special Needs Assistant Scheme (ROS, 2011b) le déanaí. Is iad sin:

- go mbíonn feidhmeanna faoi leith ag an gCúntóir Riachtanas Speisialta chun tacú le páistí a bhfuil lagú céadfach acu, agus
- gur cheart feidhm an Chúntóra Riachtanais Speisialta a athshonrú in Éirinn le cinntiú go n-áirítear ann na dualgais riachtanacha is gá chun tacú le riachtanais cúraim daltaí Bodhra agus lagéisteachta (ROS, 2011b).

Tá a fhios ag an gComhairle gurb ann do chásanna ina mbíonn an post is sóisearaí ag an gCúntóir Riachtanas Speisialta ar fhoireann na scoile, a mbíonn saineolas ar Theanga Chomharthaíochta na hÉireann aige, agus go ndéantar iomarcach é nuair a chomhlíontar an leibhéal tacaíochta maidir le Cúntóirí Riachtanas Speisialta i scoil faoi leith.

- Molann an Chomhairle gur cheart go mbeidh tacaíocht ar fáil don pháiste Bodhar agus lagéisteacha má dhéantar an Cúntóir Riachtanas Speisialta iomarcach.
- Molann an Chomhairle gur cheart do scoileanna a chinntiú go bhfuil scileanna riachtanacha ag Cúntóirí Riachtanas Speisialta páistí bodhra agus lagéisteacha, a thacóidh leis na riachtanais atá acu.

#### 4.2.11 Struchtúir chomhoibríocha a fhorbairt

Tuairiscíonn tuismitheoirí go mbíonn siad i dteagmháil le gairmithe réimse seirbhísí tar éis dóibh diagnóis bodhaire a fháil i leith a bpáistí. D'fhéadfadh a áireamh ar na gairmithe sin an múinteoir cuartaíochta do na Bodhar, an teiripeoir urlabhra agus teanga, an t-éisteolaí pobail, an fhoireann um ionchlannáin chochla, na speisialtóirí leighis, an t-éisteolaí ospidéal agus eile. Agus an páiste ag freastal ar scoil, d'fhéadfadh múinteoir ranga, múinteoir acmhainne agus Cúntóir Riachtanas Speisialta a bheith ar an bhfoireann. Sa phróiseas comhairliúcháin, ba é dearcadh na dtuismitheoirí gur cheart go mbeadh seirbhísí comhsheasmhacha ar fáil timpeall na tíre, seachas a bheith ag brath ar sheans. Dá bhrí sin, ní mór na seirbhísí seo a chomhordú agus beartais náisiúnta a thabhairt san áireamh faoi sholáthar seirbhísí páistí Bodhra agus lagéisteacha, agus an teaghlaigh. Ar an tslí sin, cuirfear comhdheiseanna páistí chun cinn. Más seirbhísí comhordaithe atá ann, cinnteofar go bhfaighidh teaghlaigh tacaíocht chomhtháite agus sheasmhach.

Tionóladh Grúpa Tagartha Náisiúnta um Seirbhísí Ildisciplíneacha Míchumais do pháistí, a bhfuil ról comhairleach acu, chun tuairisc a thabhairt d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte. Úsáidfeadh é seo mar bhonn faisnéise don Fhoireann Trasearnála agus an tAcht um Míchumas agus Acht ESPEN á gcur i bhfeidhm. Bíonn an Fhoireann Trasearnála ag gabháil d'obair leanúnach bunaithe ar mholtaí na tuairisce seo. Tá sé dírithe ar sheachadadh seirbhísí sláinte agus oideachais a chinntiú ar shlí chomhlántach agus éifeachtach do pháistí faoi mhíchumas casta.

Is iad seo a leanas moltaí na Comhairle:

- Comhoibriú éifeachtach idir ghairmithe, múinteoirí agus soláthróirí seirbhísí eile chun freastal ar riachtanais páistí Bodhra agus lagéisteacha faoi mhíchumas breise.
- Ba cheart go mbeadh an earnáil sláinte agus oideachais ag rannchuidiú lena chéile ag leibhéal níos fearr; chuige sin tá gá le prótacail a fhorbairt i dtaobh bainistiú atreoruithe, faisnéis a thairfeadh agus a roinnt, mar aon leis an gcomhphleanáil, seachadadh agus athbhreithniú ar thacaíocht do theaghlaigh.
- Ba cheart go mbeadh an fhreagracht ag duine ainmnithe teagmháil a dhéanamh le Seirbhísí a mhaoinítear tríd an gcóras sláinte agus oideachais a sheachadtar ar bhonn áitiúil. D'fhéadfadh an SENO a bheith ina dhuine ainmnithe.
- Ba cheart don ROS nascálacha idir Seirbhís na Múinteoirí Cuartaíochta, an tSeirbhís Náisiúnta um Oideachas Speisialta, An tSeirbhís Tacaíochta d'Oideachas Speisialta agus an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais a shainmhíniú go soiléir le cinntiú go soláthrófar seirbhís shruthlíneach do pháistí Bodhra agus lagéisteacha, agus le cinntiú go mbeadh ról dhifriúla acu.

## Caibidil 5

# Impleachtaí na Comhairle Beartais ar Acmhainní an Stáit agus Breithniú ar Chur i bhFeidhm Praiticiúil na Moltaí





## **5 Impleachtaí na Comhairle Beartais ar Acmhainní an Stáit agus Breithniú ar Chur i bhFeidhm Praiticiúil na Moltaí**

### **5.1 Eolas Tosaigh**

Agus comhairle faoi bheartas á forbairt aici, ní mór don Chomhairle:

1. measúnú a dhéanamh ar impleachtaí na comhairle sin ar acmhainní, lena n-áirítear acmhainní airgeadais, atá ar fáil don Stát i ndáil leis an soláthar oideachais, agus
2. aird faoi leith a thabhairt ar chur i bhfeidhm praiticiúil na comhairle sin (Alt 20 (3) (b), an tAcht um Oideachas do dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu, 2004) (Rialtas na hÉireann, 2004).

Sa chuid seo, déantar iniúchadh ar na moltaí a mbaineann impleachtaí leo i dtaobh acmhainní atá ar fáil don Stát. Déantar moltaí leithne a ghrúpáil faoin dá cheannteideal déag thíos agus déantar costais a mheas dá réir:

1. Soláthar faisnéise
2. Tacaíochtaí a mhaoinítear tríd an gcóras sláinte
3. Teanga Chomharthaíochta na hÉireann
4. Seirbhís na Múinteoirí Cuartaíochta
5. Aoiseanna scoileanna: samhlacha oideachais
6. Páistí Bodhra agus lagéisteachta faoi mhíchumas breise
7. Tacaíocht teagaisc
8. Díriú ar thorthaí agus monatóireacht ar dhul chun cinn daltaí
9. Forbairt phroifisiúnta do mhúinteoirí páistí Bodhra agus lagéisteachta
10. An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais
11. Cúntóirí riachtanais speisialta
12. Forbairt struchtúr comhoibríoch.

Chuir an tSeirbhís Náisiúnta um Oideachas Speisialta doiciméad eolais, faoin bpáipéar comhairle beartais seo, faoi bhráid na Roinne Oideachais agus Scileanna; tugtar sonraí ann faoi na costais bhreise a bhaineann le cur i bhfeidhm na moltaí anseo. Áirítear i dTábla 5 achoimre ar na costais mheasta bhreise do thacaíochtaí a mhaoinítear tríd an gcóras sláinte. Áirítear i dTábla 6 achoimre ar chostais mheasta bhreise do thacaíochtaí a mhaoinítear tríd an gcóras oideachais. Tugtar breac-chuntas ar mholtaí ar féidir a chur i bhfeidhm le hacmhainní reatha i dTábla 7, nach mbeidh costais bhreise le tabhú sa Stát da bharr.

### **5.2 Tacaíochtaí a mhaoinítear tríd an gCóras Sláinte**

#### **(a) Scagthástáil Uilíoch Éisteachta Naíonán**

Sa Tuarascáil ar an Athbhreithniú Náisiúnta Éisteolaíochta (FSS, 2011), tá moladh faoin Scagthástáil Uilíoch Éisteachta Naíonán a thabhairt isteach. Ní bhaineann costais bhreise leis na moltaí a dhéantar sa pháipéar comhairle beartais seo.

## **(b) Scéim Cúraim agus Oideachais Luath-óige**

Measann an Chomhairle gur cheart go mbeadh codanna riachtanacha, faoi oideachas páistí Bodhra agus lagéisteachta, mar chuid de chlár oiliúna. Ar an tslí sin, d'fhéadfaí cáilíochtaí aitheanta a bhaint amach mar cheannairí réamhscoile. Chuirfeadh sé sin ar chumas páistí teacht ar an tacaíocht a theastaíonn uathu teacht ar an scéim. Ba cheart go mbeadh sé mar chuid de chlár reatha agus níor cheart costais reatha a thabhtú don Stát. Ba cheart don mhúinteoir cuartaíochta tacaíocht agus oiliúint bhreise a sholáthar don fhoireann réamhscoile agus páiste cláraithe inti.

Sa bhreis air sin, tá an Chomhairle den tuairim go bhféadfadh go mbeadh tacaíochtaí faoi leith ag páistí i suíomhanna na Scéime Cúraim agus Oideachais Luath-óige, a bhfuil cailleanas trom/géar éisteachta acu agus a úsáideann Teanga Chomharthaíochta na hÉireann mar phríomhtheanga. Cé go bhfuil roinnt páistí laistigh de cheantar réasúnta geografach, ní mór aird a thabhairt ar iad a thabhairt le cheile i líon beag suíomhanna réamhscoile. Déanfaidh sé sin faisnéis speisialaithe na foirne a eascú, laghdóidh sé cuimsiú sóisialta na bpáistí agus déanfaidh sé acmhainní daonna agus airgeadais a chóiriú.

Ba cheart maoiniú a sholáthar chun an teicneolaíocht oiriúnaitheach chú a thabhairt do pháistí faoin Scéim Cúraim agus Oideachais Luath-óige. D'aistreofaí an teicneolaíocht sin chuig an mbunscoil ina dhiaidh sin i dteannta an pháiste. Tá sé sin ar aon dul leis an Athbhreithniú Náisiúnta Éisteolaíochta:

... go bhforbróidh an Roinn Sláinte agus Leanaí, agus an Roinn Oideachais agus Scileanna, straitéis chuimsitheach láidir maidir le córais phearsanta FM, a mbeidh soláthar réamhscoile mar chuid de. Maidir leis na corais phearsanta agus réimse fuaimne FM, moltar go ndéanfaidh an dá Roinn athbhreithniú ar an gcóras soláthair, deisithe agus cothabhála le cinntiú go bhfreastalaítear ar riachtanais páistí go hiomlán agus go héifeachtach ar an tslí is éifeachtúla. (FSS, 2011, lch. 20)

Tá an Chomhairle den tuairim gur cheart go mbeadh duine fásta, a bhfuil cumas cú i dTeanga Chomharthaíochta na hÉireann aige, i suíomh na scoile chun forbairt scileanna teanga agus cumarsáide an pháiste a chur chun cinn.

Meastar gurb é €1.8 milliún costas breise na moltaí thuas maidir le forbairt na Scéime Cúraim agus Oideachais Luath-óige. (Féach Tábla 5).

## **(c) Teiripe urlabhra agus teanga**

Teastaíonn teiripe urlabhra agus teanga ó pháistí Bodhra agus lagéisteachta le deacrachtaí cumarsáide. Cuimsíonn páistí Bodhra agus lagéisteachta grúpa ilchineálach. Baineann éagsúlacht le leibhéal agus le minicíocht na teiripe a theastaíonn uathu ag brath ar an gcineál bodhaire atá i gceist, ar an deacracht cumarsáide agus ar aois an pháiste. (Foinse: IASLT, 2011).

Meastar go bhfuil gá le €2.15 milliún sa bhreis gach bliain chun teiripe urlabhra agus teanga a sholáthar do pháistí Bodhra agus lagéisteachta i ndiaidh dóibh diagnóis a fháil. (Féach Tábla 5).

### **(d) An clár ionchlannáin chochla**

Moladh san Athbhreithniú Náisiúnta Éisteolaíochta (FSS, 2011) go mbeadh maoiniú leanúnach imfhálaithe ar fáil don chlár um ionchlannáin chochla, ach go mbeadh sé ag leibhéal a ligfeadh d'ionchlannú comhuaineach déthaobhach do pháistí. Ní bhaineann costais bhreise leis na moltaí a dhéantar sa pháipéar comhairle beartais seo.

### **(e) Seirbhísí éisteolaíochta**

Sa Tuarascáil ón nGrúpa um Athbhreithniú Náisiúnta Éisteolaíochta (FSS, 2011), tugtar cuntas ar ár bhfís maidir le seachadadh seirbhísí éisteolaíochta, ina dtugtar cuntas ar na costais ghaolmhara chomh maith. Ní bhaineann costais bhreise leis na moltaí a dhéantar sa pháipéar comhairle beartais ina dtaobh.

Meastar go bhfuil na costais bhreise a mhaoinítear tríd an gcóras sláinte thart ar €4 mhilliún. (Féach Tábla 5).

## **5.3 Tacaíochtaí a mhaoinítear tríd an gCóras Oideachais**

### **(a) Scéim Tacaíochta Teanga Chomharthaíochta na hÉireann**

Measann an tAthreithniú Náisiúnta Éisteolaíochta go saolaítear 74 páiste in Éirinn gach bliain a bhfuil lagú éisteachta buan, measartha, géar nó trom acu. D'fhéadfadh figiúirí éagsúla bheith i gceist gach bliain (FSS, 2011).

Ag féachaint ar na figiúirí seo, meastar go saolaítear thart ar 75 páiste gach bliain a bhfuil lagú éisteachta measartha nó géar acu a dteastaíonn rochtain uathu ar scéim tacaíochta Teanga Chomharthaíochta na hÉireann. Toisc go mbíonn an tacaíocht seo ó pháistí ar feadh cúpla bliain, is dócha go dteastódh tacaíocht dá sórt ó 75 páiste taobh istigh d'aon bhliain amháin. Sa bhliain scoile 2009-2010, cheadaigh an ROS teagasc Teanga Chomharthaíochta na hÉireann do 128 páiste faoi Scéim Tacaíochta Teanga Chomharthaíochta na hÉireann (Foinse: ROS, 2011). Tuigtear ón bhfigiúr seo go bhféadfadh go mbeadh roinnt shuntasach tuismitheoirí i dteideal leas a bhaint as an scéim seo dá bpáistí, ach nach bhfuil faoi láthair. D'fhéadfadh sé seo bheith mar thoradh ar an easpa faisnéise atá acu faoin scéim. Ba cheart aghaidh a thabhairt air sin trí phacáiste cuimsitheach faisnéise a thabhairt do thuismitheoirí mar a mholtar sa pháipéar seo.

I measc chásanna na múinteoirí cuartaíochta, tá thart ar 225 páiste (a bhfuil lagú éisteachta agus géar acu) a dtugann siad cuairt orthu sa bhaile nó ag suíomh réamh-scoile. Má ghlactar leis an bhfigiúr seo mar mheastachán ar an líon páistí a úsáideann an scéim in aon bhliain amháin, glactar leis go gcosnódh sé thart ar €292,500 gach bliain don Stát. Ós rud é go gcaitheann an Stát €150,000 gach bliain, ar an meán, ar an scéim, bheadh thart ar €142,500 ag teastáil mar chostas breise. (Féach Tábla 6).

### **(b) Scéim deontais do scoileanna a sholáthróidh teagasc i dTeanga Chomharthaíochta na hÉireann don rang uile ina bhfuil úsáideoir teanga comharthaíochta**

Agus costas na seirbhíse seo á mheas, glactar leis gurb é is dóichí go n-úsáideann páistí a bhfuil cailteannas éisteachta acu (idir throm agus ghéar), nach bhfuil ionchlannáin chochla acu, an teanga chomharthaíochta mar phríomh-mhodh cumarsáide. Áirítear thart ar 456

páiste sa réimse 'géar go trom' ar chásanna Sheirbhís na Múinteoirí Cuartaíochta faoi láthair, ag suíomhanna príomhshrutha agus speisialaithe (Féach Tábla 3). Is é €502,500 sa bhliain an costas breise don Stát chun teagasc i dTeanga Chomharthaíochta na hÉireann a sholáthar gach seachtain do pháistí ranganna dá sórt. (Féach Tábla 6).

### **(c) Oideachas dátheangach**

Baineann an príomhchostas a thabhaítear maidir le soláthar oideachais dátheangaigh, i scoileanna agus ranganna, san oiliúint a thugtar do mhúinteoirí. Soláthraítear an oiliúint sin le go mbeidh leibhéal cuí inniúlachta acu i dTeanga Chomharthaíochta na hÉireann. Is costas eile suntasach é an oiliúint múinteoirí le go soláthrófar oideachas dátheangach. D'fhéadfadh nach leor inniúlacht teanga amháin. Áirítear na costais seo ar na costais ghinearálta a bhaineann le forbairt phroifisiúnta múinteoirí.

### **(d) Acmhainní a chur ar fáil do scoileanna príomhshrutha a éascóidh oideachas daltaí arb í an Teanga Chomharthaíochta a modh cumarsáide**

Is é is dóichí go mbíonn daltaí, ar é an teanga chomharthaíochta a bpríomh-mhodh cumarsáide, bodhar ag leibhéal géar go trom agus nach mbíonn ionchlannáin chochla acu. Áirítear orthu iad siúd ar mhaith lena dtuismitheoirí go mbeidís páirteach i bpobal na mbodhar agus go n-úsáidfidís an teanga chomharthaíochta mar chéadteanga. Faoi láthair, faigheann na daltaí seo oideachas i scoileanna agus ranganna speisialta. Aithníonn an Chomhairle gur dúshlán é don ghrúpa na páistí seo a chur i scoileanna príomhshrutha, go háirithe ó thaobh cuimsiú sóisialta de ó phiarghrúpaí, ar úsáideoirí teanga comharthaíochta iad.

Tá cuid bheag de na daltaí seoí suíomhanna príomhshrutha anois, áfach. Braitheann an méid tacaíochta ar riachtanais an pháiste. Áirítear air sin an leibhéal ag a bhfuil an cailleanas éisteachta feidhmiúla, na leibhéil litearthachta agus an cumas acadúil. Dá bhrí sin, ní mór réimse tacaíochtaí a bheith ar fáil ag scoileanna príomhshrutha, más gá. Áirítear orthu sin múinteoirí ranga agus acmhainne a bhfuil oiliúint acu ar Theanga Chomharthaíochta na hÉireann, tacaíocht ó Chúntóir Riachtanas Speisialta agus an teicneolaíocht chúí. Sa bhreis air sin, teastaíonn tacaíocht múinteora ón bpáiste atá inniúil in úsáid Teanga Chomharthaíochta na hÉireann. Má fhaigheann páiste tacaíocht ó mhúinteoir dá leithéid, glactar leis go ginearálta nach mbeidh gá le tacaíocht ó Chúntóir Riachtanas Speisialta ach amháin má tá riachtanais cúraim aige a bhaineann le míchumas breise comhghalrach. Baineann costas breise thart ar €890,300 le múinteoirí a sholáthar atá inniúil in úsáid Teanga Chomharthaíochta na hÉireann.

Sa bhreis ar na gnáthréimsí tacaíochta, d'fhéadfadh go mbeadh gá ag daltaí iarbhun-scoile, arb í Teanga Chomharthaíochta na hÉireann a bpríomhtheanga, le seirbhísí múinteoirí a bhfuil oiliúint acu ar ateangaireacht Teanga Chomharthaíochta na hÉireann i gcásanna eisceachtúla. Ar an tslí sin bheadh rochtain iomlán acu ar an gcuraclam ag an leibhéal seo. Sa chomhthéacs seo, d'fhéadfadh go mbeadh gá le seirbhísí ateangaireachta le go mbeadh rochtain ag daltaí Bodhra agus lagéisteachta ar ábhair acadúla .i. eolaíocht ardleibhéil nó matamaitic. Cé gur cásanna eisceachtúla iad seo, measann an Chomhairle go bhféadfadh go mbeadh gá le hoiliúint a chur ar fáil do líon múinteoirí (agus a úsáid trí Sheirbhís na Múinteoirí Cuartaíochta), mar ateangairí teanga comharthaíochta do



dhaltaí Bodhra agus lagéisteachta, ag leibhéal géar, sna hiarbhunscoileanna. Bheadh na hateangairí seo in ionad an mhúinteora a dtagraítear dó san alt roimhe seo.

Déantar costais an togra seo a mheas ar an mbonn go bhfaigheann cúig mhúinteoir, i réigiúin dhifriúla na tíre, oiliúint mar ateangairí teanga comharthaíochta. Méadóidh sé sin go 10 mhúinteoir sna cúig bliana ina dhiaidh. Meastar go gcosnódh sé €224,000 ar an iomlán chun oiliúint a thabhairt do na múinteoirí seo, taobh istigh de thréimhse 10 mbliana.

Meastar go gcosnaíonn sé thart ar €1,114,300 acmhainní a chur ar fáil do scoileanna príomhshrutha chun úsáideoirí teanga comharthaíochta a éascú (Féach Tábla 6).

### **(e) Úsáid ateangairí Teanga Chomharthaíochta na hÉireann ag cruinnithe tuismitheoirí**

Go ginearálta, bíonn gá le hateangairí Teanga Chomharthaíochta na hÉireann ag cruinnithe scoile le tuismitheoirí a úsáideann Teanga Chomharthaíochta na hÉireann mar phríomh-mhodh cumarsáide. Meastar go saolaítear <10% páistí Bodhra agus lagéisteachta do thuismitheoirí bodhra agus lagéisteachta. Sa bhliain scoile 2010-2011, bhí thart ar 1,251 páiste bodhar agus lagéisteachta i scoileanna. Áirítear ar an bhfigiúr seo scoileanna agus ranganna speisialta, mar aon leis na daltaí a fhaigheann acmhainní ón tSeirbhís Náisiúnta um Oideachas Speisialta i scoileanna príomhshrutha. Ní áirítear páistí a bhfuil cailteanas éadrom nó aontaobhach acu a dtacaítear leo tríd an tsamhail leithdháil ghinearálta i mbunscoileanna agus trí thacaíocht foghlama in iarbhunscoileanna.

Baineann costais éagsúla le hateangairí teanga comharthaíochta agus cosnaíonn sé thart ar €300 chun ateangaire cáilithe a fháil i suíomh oideachais. Go ginearálta, oibríonn an SLI lá iomlán nó leath lá. Bunaítear an meastachán ar an mbonn go mbíonn ateangaireacht teanga comharthaíochta ag teastáil ó 10% tuismitheoirí sa chohórt thuas in aon bhliain amháin acadúil. Meastar go gcosnaíonn sé thart ar €75,000 ar an iomlán (Féach Tábla 6).

## **5.4 Seirbhís na Múinteoirí Cuartaíochta**

Measann an Chomhairle gur cheart na moltaí faoi Sheirbhís na Múinteoirí Cuartaíochta a chur i bhfeidhm ar chleachtas caighdeánach seirbhíse. Ba cheart go ndéanfaí aon oiliúint bhreise riachtanach a ionchorprú sa chlár leanúnach Forbartha Gairmiúla Leanúnaí. Ós rud é nach samhaítear go mbainfidh aon chostas breise leis seo, tá moltaí na coda seo i dTábla 7.

## **5.5 Aois na mBlianta Scoile: Samhlacha Oideachais**

### **(a) Ranganna speisialta braislebhunaithe do pháistí Bodhra agus lagéisteachta**

Sa bhliain scoile 2010-2011, ba ann do 15 rang speisialta (do pháistí lagéisteachta) i 12 scoil phríomhshrutha. Bhí 8 díobh sin ina mbunscoileanna agus bhí 4 cinn díobh ina n-iarbhunscoileanna le 48 dalta. Is é an cóimheas dalta-múinteora sna ranganna seo ná 7:1; ciallaíonn sé sin gur féidir acmhainneacht na ranganna seo a uasmhádú agus 57 dalta eile a chlárú. Tá na ranganna seo lonnaithe in ocht gcontae. Ciallaíonn sé sin gurb ann do 18

gcontae gan rang speisialta do pháistí Bodhra agus lagéisteachta. Freastalaíonn trí scoil speisialta ar Bhaile Átha Cliath agus ar Luimneach, a fhágann gurb ann do 16 chontae nach bhfuil suíomhanna speisialta iontu. Tabhair faoi deara nach bhfuil ach ceithre rang iarbhunscoile ar fud na tíre.

Molann an Chomhairle go mbeadh ranganna speisialta do pháistí bodhra agus lagéisteachta braislebhunaithe nó bunaithe ar réigiúin. Ba cheart go mbeadh an t-eolas cuí ag an Eagraí um Riachtanais Speisialta Oideachais, i gcomhar leis an múinteoir cuartaíochta, chun suíomh ranganna a phleanáil.

Déantar costas na ranganna speisialta breise seo a mheas ar an mbonn gur cheart go mbeadh rang amháin speisialta bunscoile agus iarbhunscoile i ngach dhá chontae. Ba cheart go mbeadh ceann amháin sna contaetha is mó .i. Corcaigh, Dún na nGall, Baile Átha Cliath, Gaillimh, Ciarraí agus Maigh Eo. Ar an tslí sin soláthrófar 32 rang ar an iomlán – 16 sna hiarbhunscoileanna agus 16 sna bunscoileanna. Is ann do 11 rang bunscoile agus 4 rang iarbhunscoile cheana a fhágann go bhfuil gá le 5 rang bhreise sa bhunscoil mar aon le 12 rang sa iarbhunscoil. Is é sin 17 rang bhreise ar an iomlán.

D'fhéadfadh go soláthraí tacaíocht do 225 páiste mar thoradh ar an bhforbairt seo, ar méadú 176 páiste é sin. D'fhéadfadh roinnt páistí aistriú ó scoileanna speisialta reatha go suíomh níos cóngaraí don bhaile. D'fhéadfadh roinnt díobh, nach páistí Bodhra agus lagéisteachta go hiomlán iad, teacht ó ranganna agus scoileanna speisialta. Mar rogha air sin, d'fhéadfaidís teacht ó scoileanna príomhshrutha frieisc sa chás go mbeadh deacrachtaí acu iontu.

Ba cheart na ranganna seo a oscailt nuair is gá. Ba cheart go mbeadh socrúithe i bhfeidhm ag an Eagraí um Riachtanais Speisialta Oideachais spreagadh le hoscailt ranganna sa chás go mbeadh gá le tuiscint ó fhigiúirí réamh-mheasta.

Meastar go gcosnódh sé thart ar €2,118,676 17 rang speisialta breise a bhunú do pháistí Bodhra agus lagéisteachta (Féach Tábla 6).

### **(b) Idirghabháil oideachais shealadach ag suíomhanna speisialaithe**

D'fhéadfaí tacaíocht shealadach a sholáthar do pháistí Bodhra agus lagéisteachta i scoileanna príomhshrutha i scoil/rang speisialta reatha. Is páistí iad sin a mbíonn idirghabháil bhreise dhian uathu .i. chun an teanga chomharthaíochta a fhoghlaim. Cé nach ann ach líon beag daltaí, bheadh impleachtaí ag baint leis an tsolúbhacht bhreise seo ó thaobh acmhainní stáit de. Déantar an costas seo a mheas ar an mbonn go bhféadfadh go dteastódh socrúchán sealadach i rang speisialta ó pháiste amháin go ceann bliana (thart ar 29 bpáiste). Meastar go gcosnódh an socrúchán seo thart ar €230,666 (Féach Tábla 6). Áirítear ar an meastachán an deontas caipitíochta agus iompiar.

Toisc nach bhfuil ann ach líon beag daltaí, measann an Chomhairle gur cheart go bhfreastalódh socrúithe foirne i scoileanna agus ranganna speisialta – do pháistí Bodhra agus lagéisteachta – ar an tsolúbhacht bhreise seo. D'fhéadfadh go mbeadh gá le hathbhreithniú a dhéanamh air seo sa chás go mbeadh éileamh i bhfad ní ba mhó ar an socrúchán sealadach ná mar a bhfuiltear ag súil leis.

## 5.6 Forbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí páistí Bodhra agus Lagéisteachta

Tá áit lárnach ag an soláthar oideachais múinteoirí, agus an uasoiliúint ina dhiaidh sin, chun a chinntiú go bhforbraítear agus go seachadtar seirbhís oideachais chuí, éifeachtach do dhaltaí Bodhra agus lagéisteachta. Baineann na moltaí thíos leis an gceist seo agus baineann impleachtaí leo don Stát.

### (a) Clár Iarchéime in Oideachas Páistí Bodhra agus Lagéisteachta

Molann an Chomhairle go mbeadh fáil ag múinteoirí sna trí scoil speisialta ar an gclár iarchéime thuas. Is scoileanna iad sin atá ainmnithe mar scoileanna páistí Bodhra agus lagéisteachta. Sa bhreis air sin, ba cheart go mbeadh fáil ag múinteoir amháin sna catagóirí scoileanna speisialta eile ar an gclár iarchéime. Is é sin 115 scoil ar an iomlán, ina bhfuil páistí Bodhra agus lagéisteachta cláraithe. Ba cheart go mbeadh fáil ag múinteoirí cuartaíochta do pháistí Bodhra agus lagéisteachta air.

Tá cáilíocht aitheanta in oideachas páistí Bodhra agus lagéisteachta bainte amach cheana ag roinnt mhór múinteoirí sna suíomhanna thuas. I suirbhé a rinneadh ar ról scoileanna agus ranganna speisialta, a seoladh mar chuid de thaighde na Seirbhíse Náisiúnta um Oideachas Speisialta, bunaíodh go raibh cáilíocht bhreise in oideachas páistí Bodhra agus lagéisteachta ag 39 múinteoir i scoileanna speisialta (bunaíodh an líon seo ar 988 múinteoir i 83 scoil speisialta) (Ware et al, 2009). Tá cáilíochtaí breise ag gach múinteoir nach mór (29 múinteoir) a fhostaítear i Seirbhís na Múinteoirí Cuartaíochta.

Molann an Chomhairle go maoineofar an ROS 30 áit sa bhliain ar chlár oiliúna aitheanta don tréimhse tosaigh cúig bliana. Is é sin go dtí go mbeadh na cáilíochtaí in oideachas páistí Bodhra agus lagéisteachta ag an gcórt múinteoirí reatha agus acu siúd atá nuacheapaithe. Dá bhrí sin, ní mór 10 a sholáthar sa bhliain, más gá. Meastar go mbeadh infheistíocht bhliantúil €195,000 i gceist do gach bliain sa chéad chúig bliana, ar é €975,000 an méid iomlán don tréimhse (Féach Tábla 6). Meastar go mbeadh €65,000 i gceist do gach bliain ina dhiaidh sin.

### (b) Forbairt Ghairmiúil leanúnach a sholáthraíonn An tSeirbhís Tacaíochta d'Oideachas Speisialta

Is deiseanna ábhartha Forbartha Gairmiúla Leanúnaí iad na cláir a sholáthraítear faoi scéimeanna na Seirbhíse Tacaíochta d'Oideachas Speisialta ar cheart aghaidh a thabhairt ar cheisteanna ar nós sealbhú teanga, an teanga chomharthaíochta, an éisteolaíocht agus ceisteanna a bhaineann le páistí Bodhra agus lagéisteachta maidir le cultúr foghlama agus na mbodhar. Tugtar cuntas ar na cláir ábhartha thíos.

#### 1. Seimineáir scoile a sholáthraíonn foireann éascaitheoirí áitiúla na Seirbhíse Tacaíochta d'Oideachas Speisialta, a bhfuil saineolas acu in oideachas na mBodhar

Is féidir leis an tSeirbhís Tacaíochta d'Oideachas Speisialta seimineáir scoile a sholáthar, ar feadh lá amháin, ar Oideachas na mBodhar do 30 rannpháirtí nó do grúpa scoileanna, ina nglacann thart ar 30 scoil páirt. Molann an Chomhairle go mbeadh an oiliúint seo ar fáil i ngach scoil ina bhfuil/mbeidh páistí Bodhra agus lagéisteachta cláraithe. Meastar go bhfuil páistí Bodhra nó lagéisteachta cláraithe in 800 scoil nó mar sin; molann an

tSeirbhís Náisiúnta um Oideachas Speisialta go soláthrófaí seimineár braislebhunaithe sna scoileanna sin. Meastar go gcosnódh sé €43,200 (Féach Tábla 6). Ní mór tabhairt faoi deara gur sholáthair an tSeirbhís Tacaíochta d'Oideachas Speisialta an seimineár seo do roinnt scoileanna timpeall na tíre roimhe seo.

I ndiaidh do scoileanna freastal ar an seimineár braislebhunaithe seo, d'fhéadfadh go mbeadh fonn orthu gabháil don oiliúint seo go himheánach sa scoil iomlán.

## **2. Maoiniú Foirne d'oiliúint ar Theanga Chomharthaíochta na hÉireann**

Soláthraíonn an tSeirbhís Tacaíochta d'Oideachas Speisialta oiliúint foirne ar Theanga Chomharthaíochta na hÉireann atá bunaithe sa scoile nó braislebhunaithe go seachtrach.

### *Scoileanna príomhshrutha*

Molann an Chomhairle go mbeadh oiliúint ar Theanga Chomharthaíochta na hÉireann, ag leibhéal 1 agus 2, ar fáil láithreach do thart ar 800 scoil príomhshrutha ina bhfuil/ ina mbeidh páistí Bodhra agus lagéisteacha cláraithe. Moltar go mbeadh sé braislebhunaithe ar dtús ar thart ar €1,059,200. Ina dhiaidh sin, d'fhéadfadh go mbeadh fonn ar scoileanna tabhairt faoin oiliúint seo ar bhonn inmheánach sa scoil uile.

### *Suíomhanna speisialaithe*

Tugann an Chomhairle foilsíúchán leis an National Deaf Children's Society faoi deara, faoi chaighdeán cáilíochta na Ríochta Aontaithe faoi sholáthar acmhainne páistí Bodhra agus lagéisteacha i scoileanna príomhshrutha. Freastalaíonn soláthar acmhainne ar riachtanais páistí Bodhra agus lagéisteacha, go háirithe iad siúd atá mar phríomhchuid den scoil príomhshrutha. Soláthraítear tacaíocht ó réimse foirne speisialaithe a chinntíonn go bhfreastalaítear ar riachtanais páistí Bodhra agus lagéisteacha i saol laethúil na scoile.

Leagtar síos sna caighdeáin gur cheart go mbeadh cáilíocht riachtanach i dteagasc na mBodhar ag gach múinteoir (nó go mbeidh oiliúint á fáil acu). Ní shonraítear ann na cáilíochtaí cuí ar cheart bheith acu maidir le Teanga Chomharthaíochta na Breataine (BSL). Má úsáideann daltaí Bodhra agus lagéisteacha teanga chomharthaíochta chun teacht ar an gcuraclam, áfach, moltar go mbeadh cáilíocht BSL ag leibhéal 3 (nó ag leibhéal 2 agus iad ag dul ar aghaidh go leibhéal 3) ag oibreoirí tacaíochta cumarsáide agus ag cúntóirí teagaisc.

Molann an Chomhairle gur cheart don ROS féachaint ar cháilíochtaí i dTeanga Chomharthaíochta na hÉireann a bheidh ag múinteoirí i gcomhréir leis na caighdeáin thuas:

- múinteoir amháin i ngach scoil speisialta
- gach múinteoir i scoileanna ainmnithe do pháistí bodhra agus lagéisteacha
- múinteoirí i ranganna speisialta do dhaltaí Bodhra agus lagéisteacha
- múinteoirí a fhostaítear i Seirbhís na Múinteoirí Cuartaíochta do dhaltaí Bodhra agus lagéisteacha.

Ba cheart go mbeadh Cáilíocht Signature leibhéal 2 acu agus go mbeidís chun dul ar aghaidh chuig Leibhéal 3 (Déantar cur síos ar leibhéil Signature in Aguisín 2). Meastar go gcosnódh sé thart ar €436,800 chun oiliúint braislebhunaithe leibhéal 3 a thabhairt do na múinteoirí seo (Féach Tábla 6).

Fuair roinnt múinteoirí seo oiliúint ar Theanga Chomharthaíochta na hÉireann cheana. Ghabh 137 múinteoir d'oiliúint dá sórt trí bliana go 2009 faoi scéim tacaíochta na Seirbhíse Tacaíochta d'Oideachas Speisialta (Foinse: ROS, 2010). Beidh an costas iomlán oiliúna le híoc thar roinnt blianta toisc go dtógann sé tamall ar mhúinteoirí na leibhéal inniúlachta seo a bhaint amach.

### 3. Réamhchúrsa lae do mhúinteoirí páistí Bodhra agus lagéisteachta

Go dtí seo, sholáthair an tSeirbhís Tacaíochta d'Oideachas Speisialta cúrsa amháin lae ag cúig ionad dhifriúla le linn na bliana. Ar an meán, cosnaíonn an cúrsa seo €70 don mhúinteoir.

Molann an tSeirbhís Náisiúnta um Oideachas Speisialta go gcuirfí an réamhchúrsa seo ar fáil do gach múinteoir ranga, tacaíochta, bunscoile agus iarbhunscoile príomhshrutha, a bhfuil páistí Bodhra agus lagéisteachta sa rang/scoil den chéad uair. Dá mbeadh an tSeirbhís Tacaíochta d'Oideachas Speisialta chun oiliúint a chur ar fáil do mhúinteoir amháin as gach 800 scoil – ina bhfaigheann páiste bodhar agus lagéisteachta tacaíocht ón tSeirbhís Náisiúnta um Oideachas Speisialta – chosnódh sé thart ar €56,000.

Meastar go bhfuil na costais bhreise a mhaoinítear tríd an gcóras oideachais thart ar €6.75 milliún. (Féach Tábla 6)

**Tábla 5: Costais bhreise mheasta: tacaíochtaí a mhaoinítear tríd an gCóras Sláinte**

Tagairt	Teideal an mholta	Costas measta
5.2 (b)	<b>Scéim Cúraim agus Oideachais Luath-óige</b> <ul style="list-style-type: none"> <li>An teicneolaíocht oiriúnaitheach</li> <li>Teanga Chomharthaíochta na hÉireann</li> </ul>	€140,400 €1,719,120
5.2 (c)	<b>Teiripe urlabhra agus teanga</b>	€2,155,000
<b>Total</b>		<b>€4,014,520</b>

**Tábla 6: Costais bhreise mheasta: maoiniú tríd an gcóras Oideachais**

Tagairt	Ceannteideal molta	Costas measta
5.3	<b>Teanga Chomharthaíochta na hÉireann</b> <ul style="list-style-type: none"> <li>Scéim Tacaíochta Teanga Chomharthaíochta na hÉireann</li> <li>Deontas Teanga Chomharthaíochta na hÉireann do scoileanna</li> <li>Acmhainní a chur ar fáil do scoileanna príomhshrutha</li> <li>Úsáid ateangairí Teanga Chomharthaíochta na hÉireann</li> </ul>	€142,500 €502,500 €1,114,300 €75,000
5.5 (a)	<b>Ranganna speisialta braislebhunaithe do pháistí Bodhra agus lagéisteachta</b>	€2,118,676
5.5 (b)	<b>Luath-idirghabháil shealadach ag suíomhanna speisialaithe</b>	€230,666
5.6	<b>Forbairt Ghairmiúil tosaigh agus leanúnach do mhúinteoirí</b> Clár iarchéime in Oideachas na mBodhar Forbairt Ghairmiúil Leanúnach a sholáthraítear faoin tSeirbhís Tacaíochta d'Oideachas Speisialta <ul style="list-style-type: none"> <li>Seachadadh seimineáir ar Oideachas na mBodhar</li> <li>Teanga Chomharthaíochta na hÉireann do mhúinteoirí i scoileanna príomhshrutha</li> <li>Teanga Chomharthaíochta na hÉireann do mhúinteoirí i scoileanna príomhshrutha</li> <li>Réamhchúrsa do mhúinteoirí páistí Bodhra agus lagéisteachta</li> </ul>	€975,000 €43,200 €1,059,200 €436,800 €56,000
<b>Costas Measta Iomlán</b>		<b>€6,753,842</b>

**Tábla 7: Moltaí a chuirfear i bhfeidhm trí acmhainní reatha**

Moladh	Réasúnaíocht	Tag.
<b>Soláthar faisnéise</b>		
Nuair a fhaigheann tuismitheoirí diagnóis, ba cheart go mbeadh faisnéis oibíochtúil agus chuimsitheach, atá cothrom le dáta, ar fáil acu i bhformáidí soiléire inrochtana, lena n-áirítear Teanga Chomharthaíochta na hÉireann.	Ba cheart don tSeirbhís Náisiúnta um Oideachas Speisialta agus don FSS pacáiste faisnéise a ullmhú agus a scaipeadh do thuismitheoirí. Ba cheart go n-úsáidfí faisnéis ó acmhainní reatha, agus go ndéanfaí seachadadh na faisnéise sin a bhainistiú trí acmhainní reatha, gan aon chostas don Stát. Tá billeog á hullmhú ag an tSeirbhís Náisiúnta um Oideachas Speisialta do thuismitheoirí páistí Bodhra agus lagéisteachta faoi láthair. Beidh fáil air i bhformáidí soiléire, inrochtana.	4.2.1 (b)
<b>Tacaíochtaí a mhaoinítear tríd an gcóras Sláinte</b>		
Ba cheart go mbeadh fáil ag tuismitheoirí agus ag páistí ar sheirbhís comhairleoireachta faoin FSS, más gá, mar chuid de sheirbhísí Luath-idirghabhála.	Ba cheart go mbeadh fáil ar sheirbhís chomhairleoireachta faoin tseirbhís reatha. Ba cheart go mbeadh aon riachtanas oiliúna eile, maidir le páistí Bodhra agus lagéisteachta, ina chuid de chlár rialta leanúnach Forbartha Gairmiúla Leanúnaí do ghairmithe FSS.	4.2.1 (b)
Ba cheart go mbeadh codanna riachtanacha faoi oideachas páistí Bodhra agus lagéisteachta mar chuid de chlár oiliúna a dhíríonn ar cháilíochtaí aitheanta do cheannairí réamhscoile faoi scéim Cúraim agus Oideachais Luath-óige.	Ba cheart go mbeadh sé sin mar chuid de chlár reatha oiliúna, a dhíríonn ar cháilíochtaí Creat Náisiúnta na gCáilíochtaí.	
Ní mór aird a thabhairt ar pháistí i ngrúpaí braislebhunaithe, a úsáideann Teanga Chomharthaíochta na hÉireann mar phríomhtheanga, i líon beag ionad Cúraim agus Oideachais Luath-óige i gceantair áitiúla.	D'fhéadfadh go laghdódh na socruithe braislebhunaithe an costas don Státchiste, agus go ndéanfadh sé forbairt saineolais a éascú, cuimsiú sóisialta a laghdú agus acmhainní daonna agus airgeadais a chóiriú.	
Ba cheart go ndéanfaí Seirbhísí a mhaoinítear tríd an gcóras sláinte agus oideachais a chomhordú agus go ndéanfaí gairmithe iad a sholáthar. Is gairmithe iad sin ar féidir cur le cumas páistí na scileanna teanga/cumarsáide is oiriúnaí a shealbhú (bíodh sin scileanna comharthaíochta, urlabhra nó dátheangacha).	Ba cheart go gcuirfí seo i bhfeidhm trí acmhainní reatha, mar shamhail dea-chleachtais.	

Moladh	Réasúnaíocht	Tag.
<b>Teanga Chomharthaíochta na hÉireann</b>		
Ba cheart athbhreithniú a sheoladh faoin Scéim Tacaíochta Teanga Chomharthaíochta na hÉireann.	Ba cheart do fhoireann ROS an t-athbhreithniú seo a dhéanamh agus tosaíocht a thabhairt dó i gclár oibre reatha.	4.2.1 (c)
Ba cheart go mbeadh beartas an ROS, maidir le soláthar na teorach faoi Theanga Chomharthaíochta na hÉireann, ar fáil do thuismitheoirí.	Agus athbhreithniú déanta air, ba cheart go bhfoilseofaí ar láithreán gréasáin an ROS é. Chomh maith leis sin, ba cheart go mbeadh sé san áireamh i lámhleabhair faisnéise na Seirbhíse Náisiúnta um Oideachas Speisialta agus go scaipfí ar gach Eagraí um Riachtanais Speisialta Oideachais é, mar aon le Seirbhís na Múinteoirí Cuartaíochta agus seirbhísí ábhartha eile.	
Ba cheart go leagfadh an ROS íosleibhéal cáilíochta síos do theagascóirí Teanga Chomharthaíochta na hÉireann agus go ndéanfaidís socrú i dtaobh clár a chur le chéile do theagascóirí Teanga Chomharthaíochta na hÉireann.	Ní mheasann an Chomhairle go dtiocfaidh méadú ar luach saothair má leagtar síos leibhéal cáilíochtaí do theagascóirí Teanga Chomharthaíochta na hÉireann. Bheifí ag tnúth leis na leibhéil cáilíochtaí sin, cé nach sonraítear iad.	
Ba cheart don Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta breithniú a dhéanamh ar an tslí a dtabharfaí aghaidhar fhorbairt agus ar bheachtú inniúlachta maidir le Teanga Chomharthaíochta na hÉireann	D'fhéadfaí aird a thabhairt dó seo faoi bheartais reatha atá á bhforbairt ag an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta.	
<b>Seirbhís na Múinteoirí Cuartaíochta</b>		
Ba cheart don ROS athbhreithniú a dhéanamh ar ról Sheirbhís na Múinteoirí Cuartaíochta, agus é a thabhairt cothrom le dáta, chun athruithe a mholtar sa pháipéar comhairle beartais seo a thabhairt san áireamh. Ba cheart go léireodh cásanna múinteoirí cuartaíochta béim níos mó ar luathbhlianta an dalta. Ba cheart go bhforbrófaí prótacail chun cleachtas a chaighdeánú i Seirbhís na Múinteoirí Cuartaíochta maidir le feidhmeanna measúnaithe, teagaisc, comhairle agus teagmhála. Ar an tslí sin, soláthrófar seirbhís chomhsheasmhach do pháistí Bodhra agus lagéisteachta na tíre.	Ba cheart go gcuirfí moltaí a bhaineann le Seirbhís na Múinteoirí Cuartaíochta i bhfeidhm mar chleachtas caighdeánaithe sa tseirbhís agus aon oiliúint bhreise atá ag teastáil a ionchorprú sa clár leanúnach Forbartha Gairmiúla Leanúnaí.	4.2.2

Moladh	Réasúnaíocht	Tag.
<b>Aoiseanna scoile: samhlacha oideachais</b>		
<p>Ba cheart go gcuirfí teicneolaíocht riachtanach ar fáil ag gach suíomh oideachais, is é sin príomhshrutha agus speisialta, chun an t-oideachas cuí a sholáthar do pháistí Bodhra agus lagéisteachta; ba cheart fuaimíocht seomraí ranga agus an teicneolaíocht oiriúnaitheach a bheith san áireamh.</p>	<p>Tuairiscíonn an tSeirbhís Náisiúnta um Oideachas Speisialta gur soláthraíodh an teicneolaíocht oiriúnaitheach do 939 dalta sa bhliain scoile 2010-2011 (Córas Riarachán maidir le hOideachas Speisialaithe, an tSeirbhís Náisiúnta um Oideachas Speisialta, 2011) – meastar go gcosnóidh sé thart ar €2m don bhliain scoile 2010 – 2011. Is é sin costas €2,100 ar an meán do gach dalta. Toisc gur sholáthair an ROS an teicneolaíocht seo cheana, ní léiriú é ar chaiteachas breise.</p>	<p>4.2.3 (a)</p>
<p>Ba cheart d'aonad foirgnimh ROS treoirínite ginearálta maidir le fuaimíocht seomraí ranga a tháirgeadh, i gcomhairle le Seirbhís na Múinteoirí Cuartaíochta. Ba cheart go mbeadh fáil orthu sna scoileanna.</p>	<p>Ba cheart d'Aonad Foirgnimh ROS na treoirínite sin a tháirgeadh go himmheánach le scaipeadh, gan chostas breise a bheith i gceist don Stát. Faigheann gach scoil deontas do mhionoibreacha agus ba cheart dóibh tosaíocht a thabhairt d'fhuaimíocht na ranganna leis.</p>	
<p>Ba cheart go mbeadh riachtanais chasta ag na páistí a fhreastalaíonn ar scoileanna speisialta. Sa todhchaí, ba cheart go mbeadh scoileanna speisialta ainmnithe agus go gcuirfí acmhainní ar fáil dóibh chun freastal ar dhaltaí an phobail a dteastaíonn socrúchán i scoil speisialta uathu seachas a bheith teoranta i gcatagóir speisialta míchumais.</p>	<p>Tá an moladh seo de réir comhairle beartais a chuir an Chomhairle isteach cheana. Níl ann do chostais bhreise anseo do pháistí Bodhra agus lagéisteachta toisc gurb ann do scoileanna speisialta cheana, nó gur cuid de chlár tógála scoile iad. Níl ach líon an-íseal daltaí ag freastal ar scoileanna speisialta faoi láthair (152 dalta sna trí scoil speisialta do dhaltáí Bodhra agus lagéisteachta). Bíonn riachtanais chasta speisialta oideachais ag cuid mhór de na daltaí seo. Ní shamhlaítear, dá bharr, go dtiocfaidh méadú ar líon na ndaltaí a chláróidh i ranganna príomhshrutha mar thoradh ar an gcomhairle beartais seo.</p>	
<p>Ní mór aird a thabhairt don ghá atá le soláthar sealadach speisialaithe a dhéanamh do pháistí bodhra agus lagéisteachta ag suíomhanna aonair speisialaithe; mar shampla, d'fhéadfaí é seo a úsáid chun dianteagasc Teanga Chomharthaíochta na hÉireann a sholáthar.</p>		



Moladh	Réasúnaíocht	Tag.
<b>Socrúchán daltaí</b>		
Ba cheart go mbeadh socrúchán páistí Bodhra agus lagéisteachta ráite go soiléir sa Chód Cleachtais a mholtar i gcomhairle beartais na Comhairle maidir le ról na scoileanna agus ranganna speisialta in Éirinn.	Tá an moladh seo de réir comhairle beartais a chuir an Chomhairle isteach cheana faoi ról na scoileanna agus ranganna speisialta sa todhchaí. D'fhéadfadh go mbainfeadh impleachtaí le cur i bhfeidhm an chóid seo maidir le hobair na ngairmithe i dtaobh measúnú páistí.	4.2.4
Ba cheart go ndéanfaí measúnú leanúnach agus monatóireacht ar dhul chun cinn le gur féidir cinntí seirbhíse a athrú, go háirithe do pháistí Bodhra agus lagéisteacha faoi mhíchumas breise.	Is léiriú é an moladh seo ar an dea-chleachtas.	
Ba cheart iniúchadh a dhéanamh ar shocrúcháin chomhroinnte, idir speisialta agus príomhshrutha, do pháistí Bodhra agus lagéisteachta atá faoi mhíchumas breise. Tá sé seo de réir mholtaí na Seirbhíse Náisiúnta um Oideachas Speisialta maidir le ról ranganna agus scoileanna speisialta sa todhchaí (an tSeirbhís Náisiúnta um Oideachas Speisialta, 2011a, lch. 110-111).	Moladh i gcomhairle beartais na Seirbhíse Náisiúnta um Oideachas Speisialta roimhe seo go ndéanfaí staidéar cuimsitheach mar chuid de chlár leanúnach taighde ag an tSeirbhís Náisiúnta um Oideachas Speisialta. Sa chlár sin, dhéanfaí iniúchadh ar: an éifeacht a d'fhéadfadh a bheith ar rollú dúbailte an pháiste (lena n-áirítear torthaí oideachais agus sóisialta) mar aon le factóirí tábhachtacha le socrúchán a chur i bhfeidhm go rathúil.	
<b>Tacaíochtaí breise teagaisc do dhaltaí Bodhra agus lagéisteachta</b>		
Ba cheart do scoileanna, i gcomhar leis an múinteoir cuartaíochta, páistí le lagú éadrom éisteachta, a aithint, ar páistí iad a mbíonn rochtain uathu ar thacaíocht bhreise foghlama. Ní mór dóibh a chinntiú go bhfaigheann an páiste tacaíocht dá sórt laistigh de leithdháileadh reatha na scoile. Ba cheart go ndéanfaí páistí, le lagú éadrom Éisteachta, a shonrú sa liosta páistí a bhfuil deacrachtaí foghlama acu. Tugtar acmhainní breise foghlama do scoileanna dóibh faoin tsamhail ghinearálta leithdháilte (Imlitir ROS Sp Ed 02/05, Mír 3.1)	Rinneadh thart ar 3,760 post múinteora a leithdháileadh ar bhunscoileanna faoin tSamhail Ghinearálta Leithdháilte. Measadh go gcosnódh sé €225 sa bhliain (Foinse: ROS, 2011). Ba cheart go mbeadh páistí i scoileanna príomhshrutha, a bhfuil lagú éadrom/aontaobhach éisteachta acu, san áireamh faoi scéimeanna reatha, gan chostas breise a thabhu sa Stát.	4.2.6
Ba cheart go leithdháilfí tacaíocht bhreise teagaisc do na bodhair, mar mhíchumas íosmhínicíochta, i scoileanna príomhshrutha i gcomhréir le: <ul style="list-style-type: none"> <li>• leibhéal ag a bhfuil riachtanas foghlama an pháiste</li> <li>• leibhéal feidhmithe an pháiste sa seomra ranga</li> <li>• paraiméadair beartais reatha na ROS</li> <li>• Ba cheart go ndéanfaí athbhreithniú ar an leibhéal tacaíochta a sholáthraítear go bliantúil.</li> </ul>	Má thagann feabhas ar fheidhmiú an pháiste sa seomra ranga, d'fhéadfadh go laghdófaí an leibhéal tacaíochta, ón leibhéal reatha go ceithre huair. D'fhéadfadh airgead a spáráil don Stáitchiste dá gcuirfí meicníocht athbhreithnithe i bhfeidhm.	
Ba cheart go bhfaigheadh páistí, a bhfuil ionchlannáin chochla acu, an tacaíocht oideachais bhreise ar bhonn leanúnach mar a fhaigheann páistí Bodhra agus lagéisteachta.	Is é seo an dea-chleachtas reatha á leanúint.	

Moladh	Réasúnaíocht	Tag.
<b>Dírú ar Thorthaí agus Monatóireacht ar Dhul Chun Cinn</b>		
Ní mór béim leanúnach a chur ar thomhas torthaí páistí a bhfuil riachtanais oideachais speisialta acu, lena n-áirítear páistí Bodhra agus lagéisteachta.	Beidh fáil ar fhaisnéis taighde a choimisiúnaigh an tSeirbhís Náisiúnta um Oideachas Speisialta le déanaí le hathbheithniú a dhéanamh ar an tslí ar féidir dul chun cinn agus torthaí suntasacha a aithint agus a thomhas do pháistí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Úsáideadh taitní idirnáisiúnta mar bhonn eolais ag an taighde..	4.2.7
Ní mór pleananna aonair oideachais a chur le chéile a chuirfidh ar chumas gach páiste forbairt a dhéanamh de réir a c(h)umais.	Ba cheart aird a thabhairt ar phleananna aonair oideachais a fhorbairt taobh istigh den uair bhreise sa tseachtain, mar a comhaontaíodh faoi Chomhaontú Pháirc an Chrócaigh. Ar an tslí sin, ní bheidh aon chostas breise le tabhú don Státchiste..	
Ba cheart go mbeadh ról substaintiúil ag Seirbhís na Múinteoirí Cuartaíochta cabhrú le pleananna aonair oideachais a fhorbairt do pháistí bodhra agus lagéisteachta agus measúnuithe a chur i gcrích a bheidh mar bhonn ag na pleananna.	Ba cheart go gcuirfí moltaí faoi Sheirbhís na Múinteoirí Cuartaíochta i bhfeidhm mar chleachtas caighdeánaithe sa tseirbhís. Ba cheart aon oiliúint bhreise riachtanach a ionchorprú sa chlár leanúnach Forbartha Gairmiúla Leanúnaí; dá réir sin ní shamhlaítear go mbeidh aon chostas breise i gceist.	
Ba cheart do scoileanna torthaí measúnuithe ag deireadh na bliana agus scrúduithe, a dhéanann páistí Bodhra agus lagéisteachta a chur in iúl do mhúinteoirí cuartaíochta. Ba cheart é seo a dhéanamh chun súil a choimeád ar thorthaí oideachais na ndaltaí féachaint an bhfuil dul chun cinn á dhéanamh acu de réir a gcumais.	Níor cheart go mbeadh costas breise le tabhú toisc gur dea-chleachtas é seo.	
<b>Forbairt ghairmiúil do mhúinteoirí páistí Bodhra agus lagéisteachta</b>		
Ba cheart don ROS réimse cáilíochtaí a leagan síos do mhúinteoirí páistí Bodhra agus lagéisteachta ag suíomhanna príomhshrutha agus speisialaithe oideachais. Ba cheart go mbeadh caighdeán íosta inniúlachta san áireamh maidir le húsáid agus múineadh Teanga Chomharthaíochta na hÉireann.	Ní bheidh aon chostas breise le tabhú ag an Stát.	4.2.8
Ba cheart go mbeadh modúl riachtanach faoi oideachas páistí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, san áireamh sna cláir Oideachas Tosaigh do Mhúinteoirí, ina dtabharfaí aghaidh ar riachtanais faoi leith páistí Bodhra agus lagéisteachta.	Ba cheart don mhodúl seo bheith mar bhunchuid de chlár shínte Oideachas Tosaigh do Mhúinteoirí a ordaíonn an Chomhairle Múinteoirí. Ní thabhoíd sé sin costas breise don Stát, sa bhreis orthu sin a bhfuil siad tiomanta dóibh cheana.	
Ba cheart go mbeadh cuid riachtanach faoi oideachas páistí, a áirítear i gcatagóirí éagsúla míchumais, san áireamh i gcláir reatha iarchéime san oideachas speisialta, lena n-áirítear páistí Bodhra agus lagéisteachta.	Beidh an modúl riachtanach seo mar chuid de chlár reatha iarchéime, gan chostas breise don Stát.	
Ba cheart go ndéanfaí ar chur chuige éifeachtach i leith an litearthacht agus an uimhearthacht a mhúineadh do gach páiste i gcláir tosaigh agus cláir Forbartha Gairmiúla Leanúnaí múinteoirí. Ba cheart aghaidh a thabhairt ar an tslí ar féidir iad a athrú le freastal a dhéanamh ar pháistí Bodhra agus lagéisteachta.	Tá an moladh seo de réir mholtaí na Straitéise Náisiúnta maidir leis an bhfeabhsú litearthachta agus uimhearthachta i measc Leanáí agus Daoine Óga (ROS, 2011C). Níor cheart go ndéanfaí costais bhreise a thabhú sa bhreis ar an gcostas ar chur i bhfeidhm na straitéise.	

Moladh	Réasúnaíocht	Tag.
<b>An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais</b>		
Ba cheart go mbeadh fáil ar sheirbhísí síceolaíochta trí Theanga Chomharthaíochta na hÉireann.	Mar thoradh ar an lánchosc reatha ar earcú, beidh ar an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais tosaíocht a thabhairt don tseirbhís seo faoi leithdháiltí reatha foirne.	4.2.9
Ba cheart go n-úsáidfeadh an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais ateangairí Teanga Chomharthaíochta na hÉireann chun críocha aistriúcháin, nuair is gá.	Soláthraítear é sin trí chaiteachas reatha buiséid na Seirbhíse Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais faoi láthair.	
<b>Cúntóirí Riachtanas Speisialta</b>		
Má dhífhostaítear Cúntóirí Riachtanas Speisialta páiste Bhodhair agus lagéisteachta, mar gheall ar an laghdú ar an leibhéal tacaíochta maidir le Cúntóirí Riachtanas Speisialta sa scoil, beidh gá leis leibhéal saineolais den chineál céanna a chur ar fáil don pháiste a bhfuil an tacaíocht sin uaidh.	Ba cheart go mbainfí é seo amach taobh istigh de chostais reatha.	4.2.10
Ba cheart go ndéanfaidh scoileanna a chinntiú go bhfuil na scileanna riachtanacha ag Cúntóirí Riachtanas Speisialta páiste Bhodhair agus lagéisteacha chun tacú leis na riachtanais faoi leith atá aige/aici.	Ní shamhlaítear aon chostas breise leis seo toisc go mbíonn na scileanna riachtanacha ag gach Cúntóirí Riachtanas Speisialta a oibríonn le páistí Bodhra agus lagéisteachta.	
<b>Forbairt struchtúr comhoibríoch</b>		
Ba cheart go mbeadh an fhreagracht ag duine ainmnithe teagmháil a dheanamh le Seirbhísí a mhaoinítear tríd an gcóras sláinte agus oideachais a sheachadtar ar bhonn áitiúil. D'fhéadfadh an tEagraí um Riachtanais Speisialta Oideachais bheith ina dhuine ainmnithe.	Áirítear ar mholtaí sa chuid seo cláir reatha oibre a atheagrú agus tosaíocht a thabhairt dóibh arís. Táthar ag iarraidh é seo a bhaint amach taobh istigh den líon foirne reatha agus d'acmhainní teoranta.	4.2.11
Ba cheart don ROS nascálacha idir Seirbhís na Múinteoirí Cuartaíochta, an tSeirbhís Náisiúnta um Oideachas Speisialta, an tSeirbhís Tacaíochta d'Oideachas Speisialta agus an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais le seirbhís shruthlíneacha a chinntiú do pháistí Bodhra agus lagéisteachta. Déanfaidh sé a chinntiú go mbeidh ról dhifriúla acu chomh maith.		

## **Aguisíní**

### **Aguisín 1: Comhthéacs Dlíthiúil**

#### **An tAcht Oideachais 1998**

Is é an aidhm atá leis an Acht Oideachais, 1998 soláthar a dhéanamh d'oideachas gach duine sa stát, lena n-áirítear daoine faoi mhíchumas nó daoine a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Déantar na tagairtí faoi leith seo do pháistí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu sa trí chéad chuspóir san Acht:

- a. chun éifeacht praiticiúil a thabhairt do chearta bunreachtúla páistí, lena n-áirítear páistí faoi mhíchumas nó páistí a bhfuil riachtanais oideachais speisialta acu, toisc go mbaineann siad le hoideachas.
- a. an leibhéal agus an cháilíocht chúil oideachais, a fhreastalaíonn ar riachtanais agus ar chumas daoine a chónaíonn sa Stát a sholáthar, chomh fada agus atá praiticiúil agus na hacmhainní ar fáil san áireamh.
- a. maidir le rochtain ar oideachas, agus rannpháirtíocht ann, comhionannas a chur chun cinn mar aon le modhanna trínar féidir le daltaí tairbhe a bhaint as.

Déantar tagairt faoi leith do pháistí Bodhra agus lagéisteachta i roinnt alt san Acht:

- Sainmhínítear seirbhísí tacaíochta faoi Alt 2 le go mbeidh socrú ann do dhaltaí a fhoghlaimíonn Teanga Chomharthaíochta na hÉireann nó teanga chomharthaíochta eile, lena n-áirítear seirbhísí ateangaireachta.
- Sonraítear in Alt 13 (4) go n-áirítear ar fheidhmeanna an Chigire comhairle a thabhairt don Aire maidir le haon ní a bhaineann le riachtanais teangeolaíochta daltaí i scoileanna aitheanta.

#### **An tAcht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu 2004**

Achtaíodh an tAcht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu (EPSEN) (Rialtas na hÉireann, 2004) chun:

... tuilleadh forála a dhéanamh d'oideachas daoine a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu agus a fhoráil go gcuirfear an t-oideachas seo ar dhaoine a bhfuil riachtanais dá leithéid acu i dtimpeallacht chuimsitheach nuair is féidi, in éineacht leo siúd nach bhfuil a leithéid de riachtanais acu, agus a fhoráil go mbeidh an ceart céanna ag daoine a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu teacht ar oideachas cuí agus tairbhe a bhaint as agus atá ag a gcuid piaraí nach bhfuil riachtanais dá leithéid acu. (Rialtas na hÉireann, 2004)

Déantar foráil leis an Acht maidir le cearta páistí measúnú a fháil, mar aon le plean aonair oideachais agus próiseas neamhspleách achomhairc. Cuireadh forfheidhmiú iomlán Acht EPSEN siar. Baineann na codanna, a tosaíodh, go príomha le ceart daoine oideachas uileghabhálach a fháil, le dualgais scoileanna agus le bunú na Seirbhíse Náisiúnta um Oideachas Speisialta.

## An tAcht um Míchumas 2005

Déantar foráil leis an Acht um Míchumas 2005 maidir le measúnú a dhéanamh ar riachtanais sláinte agus oideachais daoine faoi mhíchumas; maidir le seirbhísí a fhreastalaíonn ar na riachtanais sin, pleananna seirbhíse a ullmhú agus achomharc a dhéanamh maidir le neamhsholáthar seirbhísí. Cuireann an tAcht um Míchumas le cuspóirí Acht EPSEN 2004 agus tacaíonn sé lena chur i bhfeidhm. Má léitear le chéile iad, tá an chuma orthu go bhfuil comhar ar ardleibhéal beartaithe idir na hearnálacha sláinte agus oideachais. Cinnteoidh sé seo go ndéanfar seirbhís éifeachtach agus chomhordaithe a sheachadadh do pháistí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu i suíomhanna cuimsitheacha. (Rialtas na hÉireann, 2005)

Leasaítear an tAcht um Míchumas 2005 tríd an Acht Craolacháin 2001 (Rialtas na hÉireann, 2001) le cinntiú go nglacann gach craoltóir céimeanna faoi leith chun tuiscint agus taitneamh daoine bodhra/daoine a bhfuil lagú éisteachta acu a thuiscint. Sa bhreis air sin, ní mór do gach craoltóir rochtain a sholáthar ar ábhar sa teanga chomharthaíochta.

## Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Cearta Daoine faoi Mhíchumas

Glacadh leis an gCoinbhinsiún maidir le Cearta Daoine faoi Mhíchumas an 13 Nollaig 2001. Go dtí seo, tá 147 dtír tar éis an Coinbhinsiún a shíniú, agus tá 99 tír tar éis é a dhaingniú. Shínigh Éire an Coinbhinsiún an 30 Márta 2007 ach níl sé daingnithe aici go fóill.

Sonraítear in Alt 24 (Oideachas) nach mór do Pháirtithe Stáit a chinntiú:

- b. nach bhfágтар páistí faoi mhíchumas amach as an gcóras ginearálta oideachais ar bhonn míchumais, agus nach bhfágтар páistí faoi mhíchumas amach as oideachas saor agus riachtanach bunscoile, nó as oideachas meánscoile, ar bhonn míchumais
- c. go mbíonn rochtain ag daoine faoi mhíchumas ar oideachas uileghabhálach, ardchaighdeáin, saor bunscoile agus meánscoile ar bhonn comhionann amhail idir na pobail a bhfuil cónaí orthu iontu
- d. go mbeidh freastal cuí ar riachtanas an pháiste
- e. go bhfaigheann daoine faoi mhíchumas an tacaíocht riachtanach, laistigh den chóras ginearálta oideachais, a dhéanfaidh oideachas éifeachtach a éascú
- f. go bhfoghlaímíonn daoine faoi mhíchumas scileanna saoil agus forbartha sóisialta a dhéanfaidh rannpháirtíocht chothrom agus lán na ndaoine sin a éascú, san oideachas agus sa phobal.

Chuirge sin, glacfaidh Páirtithe an Stáit le bearta cuí lena n-áirítear:

- a. foghlaim Braille, script chomhroghnach, modhanna bhreistitheacha agus chomhroghnacha, modhanna agus formáidí cumarsáide, scileanna treoshuimh agus soghluaisteachta a éascú, mar aon le piarthacaíocht agus meantóireacht
- b. Foghlaim na teanga comharthaíochta a éascú mar aon le haitheantas teangeolaíoch na mBodhar agus an phobail lagéisteachta a chur chun cinn
- c. Cinntítear go soláthraítear oideachas daoine, agus páistí go háirithe, atá dall, bodhar agus dall agus bodhar, sna teangacha, modhanna agus modhanna cumarsáide is cuí

don duine aonair, agus i dtimpeallachtaí ina ndéanfar forbairt acadúil agus shóisialta an pháiste a mhéadú.

Baineann alt 30 le rannpháirtíocht i saol cultúrtha, áineasa, fóillíochta agus spóirt. Sonraítear ann go bhfuil daoine faoi mhíchumas i dteideal aitheantas agus tacaíocht a fháil maidir leis an aitheantas faoi leith cultúrtha agus teangeolaíoch atá acu, lena n-áirítear teangacha comharthaíochta agus cultúr na mBodhar ar bhonn comhionann. (Náisiúin Aontaithe, 2006).

## Aguisín 2: Leibhéal Signature

### Signature

Is eagraíocht í Signature a thairgeann cáilíochtaí i dTeanga Chomharthaíochta na Breataine agus na hÉireann a aithnítear go náisiúnta. Is dámhachtainí iad na Cáilíochtaí Náisiúnta Gairmoideachais obairbhunaithe i Sasana, sa Bhreatain Bheag agus i dTuaisceart Éireann a bhaintear amach trí mheasúnú agus oiliúint.

**Leibhéal 1 Signature:** soláthraítear tús eolais ar Theanga Chomharthaíochta na hÉireann, atá oiriúnach do gach foghlaimeoir agus a dhíríonn ar dhaoine ar mhaith leo cumarsáid a dhéanamh i dteanga shimplí laethúil. D'fhéadfadh iarrthóirí rathúla dul ar aghaidh chuig Teastas Leibhéal 2 Signature i dTeanga Chomharthaíochta na hÉireann.

**Leibhéal 2 Signature:** tá an leibhéal seo oiriúnach d'aon duine a bhfuil leibhéal bunúsach scileanna aige mar aon le heolas ar Theanga Chomharthaíochta na hÉireann. Díritear ar dhaoine ar mhaith leo cumarsáid a dhéanamh i réimse comhthéacsanna comónta agus obairbhunaithe, a bhíonn rannpháirteach i malartuithe níos faide agus níos oscailte ná Leibhéal 1. Déantar iarrthóirí a mheas trí scrúdpháipéir ilroghnacha, láithreoiracht agus scrúdú cainte i dTeanga Chomharthaíochta na hÉireann. D'fhéadfadh iarrthóirí rathúla dul ar aghaidh chuig Teastas Leibhéal 3 Signature i dTeanga Chomharthaíochta na hÉireann.

**Leibhéal 3 Signature:** ag an leibhéal seo, freastalaítear ar riachtanais foghlama daoine a bhfuil eolas acu ar Theanga Chomharthaíochta na hÉireann agus scileanna Teanga Chomharthaíochta na hÉireann leibhéal 2. Baintear úsáid as Scileanna Teanga Ceirde na Ríochta Aontaithe. Léireoidh iarrthóirí fianaise ar a gcuid cumais sa dá aonad, maidir le húsáid Teanga Chomharthaíochta na hÉireann, trí phunann fianaise a chur le chéile. Déantar an dá aonad a mheasúnú go himmheánach. Bronntar Teastas Cáilíochtaí Náisiúnta Gairmoideachais i dTeanga Chomharthaíochta na hÉireann, an Creat Cáilíochtaí agus Creidiúintí. Is féidir leo dul ar aghaidh chuig Teastas Cáilíochtaí Náisiúnta Gairmoideachais Signature Leibhéal 6 i dTeanga Chomharthaíochta na hÉireann.

**Leibhéal 6 Signature:** ag an leibhéal seo, baintear úsáid as Scileanna Teanga Ceirde na Ríochta Aontaithe. Díritear ar fhoghlaimeoirí ar féidir leo teanga chasta a úsáid agus a thuiscint, iad féin a léiriú go líofa agus atá muiníneach as an gcumas atá acu déileáil le formhór cásanna oibre. Tá sé úsáideach dóibh siúd a oibríonn le daoine bodhra agus lagéisteachta ar bhonn laethúil, mar aon le foghlaimeoirí ar mhaith leo bheith ina n-ateangairí teanga comharthaíochta (.i. na hÉireann/na Breataine). Ag an leibhéal seo, díritear ar Theastas Cáilíochtaí Náisiúnta Gairmoideachais i dTeanga Chomharthaíochta na hÉireann. Is féidir le hiarrthóirí rathúla dul ar aghaidh chuig Dioplóma Cáilíochtaí Náisiúnta Gairmoideachais in ateangaireacht na teanga comharthaíochta.

## Tagairtí

- Allen, T and Osbourne, T (1984). Academic integration of hearing-impaired students: Demographic, handicapping, and achievement factors. *American Annals of the Deaf*, 129,100-113.
- An Phríomh-Oifig Staidrimh (2006). *An Suirbhé Náisiúnta Míchumais*, 2006. Baile Átha Cliath, Oifig an tSoláthair.
- Conrad, R (1979). *The Deaf School Child. Language and Cognitive Function*. Londain: Harper and Row.
- Cooper, P agus Jacobs, B (2011) Evidence of Best Practice Models and Outcomes in the Education of Children with Emotional Disturbance/ Behavioural Difficulties: *An International Review*. Baile Átha Troim, Co. na Mí: An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta. [http://www.ncse.ie/uploads/1/EBD\\_Report.pdf](http://www.ncse.ie/uploads/1/EBD_Report.pdf).
- Crean, E.J (1997). *Breaking the silence: The education of the Deaf in Ireland 1816-1996*. Baile Átha Cliath: Foilseacháin Chumann Bodhar na hÉireann.
- An Roinn Oideachais (1972). *The Education of Children who are Handicapped by Impaired Hearing*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.
- An Roinn Oideachais (1993). *Report of the Special Education Review Committee*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.
- An Roinn Oideachais (2002). *Circular SP ED 07/02: Applications for fulltime or part time Special Needs Assistant support to address the special care needs of children with disabilities*. Baile Átha Cliath: An Roinn Oideachais. [ar fáil ag: [http://www.education.ie/servlet/blobServlet/spedc07\\_02.pdf](http://www.education.ie/servlet/blobServlet/spedc07_02.pdf)].
- An Roinn Oideachais agus Eolaíochta (2005a). *Circular SP ED 02/05: Organisation of Teaching Resources for Pupils who need Additional Support in Mainstream Primary Schools*. Baile Átha Cliath: An Roinn Oideachais agus Eolaíochta. [ar fáil ag: [http://www.education.ie/servlet/blobServlet/sp02\\_05.doc](http://www.education.ie/servlet/blobServlet/sp02_05.doc)].
- An Roinn Oideachais agus Eolaíochta (2005b). *Circular M14/05: Revised Scheme of Grants Towards the Purchase of Equipment for Pupils with a Disability*. Baile Átha Cliath: An Roinn Oideachais agus Eolaíochta [ar fáil ag [http://www.education.ie/servlet/blobServlet/m14\\_05.doc](http://www.education.ie/servlet/blobServlet/m14_05.doc)].
- An Roinn Oideachais agus Eolaíochta (2007). *Riachtanais Speisialta Oideachais – Leanúntas Tacaíochta (Treoirlínte do Mhúinteoirí)*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair [ar fáil ag [http://www.education.ie/servlet/blobServlet/neps\\_special\\_needs\\_guidelines.pdf](http://www.education.ie/servlet/blobServlet/neps_special_needs_guidelines.pdf)].
- An Roinn Oideachais agus Scileanna (2010). *Home Tuition Scheme 2010/2011*. Baile Átha Cliath: An Roinn Oideachais agus Scileanna [ar fáil ag [http://www.education.ie/servlet/blobServlet/c10050\\_2010.pdf](http://www.education.ie/servlet/blobServlet/c10050_2010.pdf)].
- An Roinn Oideachais agus Scileanna (2011a). *Suíomh Gréasáin Staidrimh na Roinne Oideachais agus Scileanna*. Baile Átha Cliath: An Roinn Oideachais agus Scileanna [ar fáil ag <http://www.cso.ie/px/des/database/des/des.asp>].
- An Roinn Oideachais agus Scileanna (2011b). Value for Money Review of Expenditure on the Special Needs Assistant Scheme. Baile Átha Cliath: An Roinn Oideachais agus Scileanna [ar fáil ag [http://www.education.ie/servlet/blobServlet/pub\\_sna\\_vfm\\_june\\_2011.pdf?language=EN](http://www.education.ie/servlet/blobServlet/pub_sna_vfm_june_2011.pdf?language=EN)].
- An Roinn Oideachais agus Scileanna (2011c) *Litearthacht agus Uimhearthacht don Fhoghlaim agus don Saol: An Straitéis Náisiúnta um Fheabhsú Litearthachta agus Uimhearthachta i measc Pháistí agus Daoine Óga 2011-2020*. Baile Átha Cliath: An Roinn Oideachais agus Scileanna [ar fáil ag <http://www.education.ie/home/home.jsp?pcategory=17216&category=57818&language=EN>].
- Education Partnership Group (2009). *Education Policy for Deaf and Hard of Hearing People in Ireland*. Baile Átha Cliath: Education Partnership Group. [ar fáil ag: [http://www.cidp.ie/downloads/Education\\_Policy.pdf](http://www.cidp.ie/downloads/Education_Policy.pdf)].
- Rialtas na hÉireann (1998). *An tAcht Oideachais*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.
- Rialtas na hÉireann (2001). *An tAcht Craolacháin*, 2001. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.
- Rialtas na hÉireann (2004). *An tAcht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.
- Rialtas na hÉireann (2005). *An tAcht um Míchumas*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.



- Rialtas na hÉireann (2010). *An Plean Téarnamh Náisiúnta 2011 – 2014*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair [ar fáil ag <http://www.budget.gov.ie/The%20National%20Recovery%20Plan%202011-2014.pdf>].
- Gregory, S (1996). *Bilingualism and the Education of Deaf Children*. Leeds: Ollscoil Leeds. Cuairt tugtha air ar 12 Meitheamh 2011 [ar fáil ag: <http://www.leeds.ac.uk/educol/documents/00000306.htm>].
- Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (2009). *Report of the National Reference Group on Multidisciplinary Services for Children aged 5-18 years*. Baile Átha Cliath: FSS [ar fáil ag: [http://www.hse.ie/eng/services/find\\_a\\_service/disability\\_services/](http://www.hse.ie/eng/services/find_a_service/disability_services/)].
- Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (2010). *An Plean Seirbhíse Náisiúnta, 2011*. Baile Átha Cliath: FSS [ar fáil ag: <http://www.hse.ie/eng/services/Publications/corporate/nsp2011.pdf>].
- Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, 2011. *Athbhreithniú Éisteolaíochta Náisiúnta FSS*. Baile Átha Cliath: FSS [ar fáil ag: <http://www.hse.ie/eng/services/Publications/corporate/AudiologyReview.pdf>].
- Leeson, L. (2007). *SEEING IS LEARNING: A Review of Education for Deaf and Hard of Hearing People in Ireland*. Arna ullmhú don Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta. Gan Fhoilsiú.
- Marschark, M agus Spencer P, (2009). *Evidence of Best Practice Models and Outcomes in the Education of Deaf and Hard-of-Hearing Children: An International Review*. Baile Átha Troim, Co. na Mí, An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta [ar fáil ag [http://www.ncse.ie/uploads/1/NCSE\\_Report\\_Deaf.pdf](http://www.ncse.ie/uploads/1/NCSE_Report_Deaf.pdf)].
- Marschark, M. Spencer, P, Adams, J agus Sapere, P (2011). *Teaching to the strengths and needs of Deaf and hard-of-hearing children*. *European Journal of Special Needs Education*, Iml. 26, Uimh. 1, Feabhra 2011, 17-23.
- Mayer, C (2007). *What Really Matters In the Early Literacy Development of Deaf Children*. *Journal of Deaf studies and Deaf Education*, Iml. 12, Eagrán 4, 411-431.
- Moeller, MP (2000). Intervention and language development in children who are Deaf and hard-of-hearing. *Pediatrics*, 106, E43.
- An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (2011a). *The Future Role of Special Schools and Classes in Ireland: Policy Advice*. Baile Átha Troim, Co. na Mí: An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta [ar fáil ag <http://www.ncse.ie/publications/policy.asp>].
- An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (NCSE) (2011b). *Better Literacy and Numeracy for Children and Young People: A Draft National Plan to Improve Literacy and Numeracy in Schools*. Baile Átha Troim, Co. na Mí: An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta [ar fáil ag: [http://www.ncse.ie/uploads/1/NCSE\\_response\\_literacy\\_and\\_numeracy\\_strategy\\_1.doc](http://www.ncse.ie/uploads/1/NCSE_response_literacy_and_numeracy_strategy_1.doc)].
- National Deaf Children's Society (2011). *Quality Standards for resource provisions for deaf children and young people in mainstream schools*. Londain: NCDS.
- Parsons, S, Guldberg, K, MacLeod, A, Jones, G, Prunty, A, Balfe, T (2009). *International Review of the Literature of Evidence of Best Practice Provision in the Education of Persons with Autistic Spectrum Disorders*. Baile Átha Troim, Co. na Mí: An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta.
- An Chomhairle Teagaisc (2011a). *Initial Teacher Education: Criteria and Guidelines for Programme Providers*. Cill Dara: An Chomhairle Teagaisc [ar fáil ag: <http://www.teachingcouncil.ie/initial-teacher-education/review-and-professional-accreditation-of-initial-teacher-education.460.html>].
- An Chomhairle Teagaisc (2011b). *Policy on the Continuum of Teacher Education*. Cill Dara: An Chomhairle Teagaisc [ar fáil ag: [http://www.teachingcouncil.ie/\\_fileupload/Teacher%20Education/FINAL%20TC\\_Policy\\_Paper\\_SP.pdf](http://www.teachingcouncil.ie/_fileupload/Teacher%20Education/FINAL%20TC_Policy_Paper_SP.pdf)].
- Traxler, C (2000). The Stanford Achievement Test, 9ú Eagrán: National norming and performance standards for Deaf and hard-of-hearing students. *Journal of Deaf Studies and Deaf Education*, 5, 337-248.
- Na Náisiúin Aontaithe (2006). *International Convention on the Rights of Persons with Disabilities*. United Nations [ar fáil ag <http://www.un.org/disabilities/documents/convention/convoptprot-e.pdf>].

- Ware, J, Butler, C, Robertson, C, O'Donnell, M agus Gould, M (2011). *Access to the curriculum for pupils with a variety of special educational needs in mainstream classes: An exploration of the experiences of young pupils in primary school*. Baile Átha Troim, Co. na Mí: An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta.
- Ware, J, Balfe, T, Butler, C, Day, T, Dupont, M, Harten, C, Farrell, A, McDaid, R, O'Riordan, M, Prunty, A agus Travers, J (2009). *Research Report on the Role of Special Schools and Classes in Ireland*, Baile Átha Troim, Co. na Mí: An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta [ar fáil ag: [http://www.ncse.ie/uploads/1/SpecSchlsClasAcc\\_1.pdf](http://www.ncse.ie/uploads/1/SpecSchlsClasAcc_1.pdf)].
- Wilkins, M agus Ertmer, D (2002). Introducing young children who are Deaf or hard of hearing to spoken language: Child's Voice, an oral school. *Language, Speech, and Hearing Services in Schools*, 33, 196-204.
- Yoshinaga-Itano, C, Sedey, A, Coulter, D agus Mehl, A (1998). Language of early and later identified children with hearing loss. *Pediatrics* 102, 1161-1171. [Cuairt tugtha air ar 10 Meitheamh 2011 ag <http://www.ncbi.nlm.nih.gov/pubmed/9794949>].
- Yoshinaga-Itano, C (2003). From screening to early identification and intervention: Discovering predictors to successful outcomes for children with significant hearing loss. *Journal of Deaf Studies and Deaf Education*, 8, 11-30. [Cuairt tugtha air ar 10 Meitheamh 2011 ag <http://jdsde.oxfordjournals.org/content/8/1/11.full.pdf+html>].



An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta  
1–2 Sráid an Mhuilinn  
Baile Átha Troim  
Co. na Mí

National Council for Special Education  
1–2 Mill Street  
Trim  
Co. Meath

T: 046 948 6400  
F: 046 948 6404  
[www.ncse.ie](http://www.ncse.ie)

